


Doiciméad Clársceideal aithe Aonair 2023-2025



Croí Digiteach Schengen

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2023-2025

Arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta eu-LISA an 21 Nollaig 2022

Doiciméad 2022-414 REV 1



Agencyeulisa



@EULISAagency



euLISAagency



eu-lisa



eulisa.europa.eu

Clár Ábhar

Clár Ábhar	3	Clár Oibre Bliantúil do 2022	52
Liosta Fíoracha agus Táblaí	4	1. Achoimre Feidhmiúcháin	52
Liosta Acraimneacha	5	2. Gníomhaíochtaí	54
Liosta Bunús Dlí	7	2.1. Córais Nua agus Nuálaíocht	54
Réamhrá	8	2.1.1. Córais Nua	54
Réamhrá ón Stiúthóir Feidhmiúcháin Eatramhach	10	2.1.2. Idir-inoibritheacht	57
Ráiteas Misin	11	2.2. Rialacháin Athmhúnlaithe agus bainistiú oibríochtúil	61
Réamhrá	14	2.2.1. Bainistiú oibríochtúil na gcóras atá i mbun a dtáirgthe	61
I. comhthéacs ginearálta	16	2.3. Bonneagar	70
Comhthéacs Beartais	16	2.3.1. Bonneagar na gcroíchóras gnó	70
II. clársceidealú ilbhliantúil 2023-2025	23	2.4. Gníomhaíochtaí Corparáideacha	75
Clársceidealú ilbhliantúil le haghaidh 2023-2025	24	2.4.1. Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí	75
1. Clár Oibre ilbhliantúil	24	2.4.2. Rialachas	81
1.1. Straitéis fhadtéarmach	24	2.4.3. Tacaíocht chorparáideach	87
1.2. Cuspóirí, gníomhaíochtaí, tionscadail/cúraimí agus acmhainní don tréimhse 2023-2025	25	Iarscríbhinní	96
1.3. Amlíne chun mórthionscnaimh a chur chun feidhme	35	Iarscríbhinn I. Cairt na hEagraíochta	97
1.4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha	37	Iarscríbhinn II. Leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta do 2023-2025	99
2. Acmhainní daonna agus airgeadais – ionchas do na blianta 2023-2025	40	Iarscríbhinn III. Acmhainní Airgeadais do 2023-2025	113
2.1. Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair	40	Iarscríbhinn IV. Acmhainní Daonna – Anailís Chainníochtúil	117
2.1.1. Acmhainní Daonna	40	Iarscríbhinn V. Acmhainní Daonna – Anailís cháilíochtúil	123
2.1.2. Caiteachas buiséid iomlán le haghaidh 2021	41	Iarscríbhinn VI. Bainistiú Comhshaoil	132
2.2. An t-ionchas don tréimhse 2023-2025	43	Iarscríbhinn VII. Beartas Foirgnimh	134
2.2.1. Acmhainní Daonna	43	Iarscríbhinn VIII. Pribhléidí agus Díolúintí	136
2.2.2. Cúraimí nua	45	Iarscríbhinn IX. Meastóireachtaí	137
2.2.3. Forbairt tascanna reatha	45	Iarscríbhinn X. Straitéis maidir le Bainistiú Eagraíochtúil agus Córais Rialaithe Inmheánaigh	139
2.3. Clársceidealú acmhainní do na blianta 2023-2025	47	Iarscríbhinn XI. Plean le haghaidh Deontais, Ranníocaíochta nó SLanna	144
2.3.1. Pleanáil Acmhainní Airgeadais	47	Iarscríbhinn XII. Comhar le Tríú Tíortha agus le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	145
2.3.2. Pleanáil acmhainní daonna	48	Iarscríbhinn XIII. Riachtanais Foirne Breise	146
2.4. Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach	49	Iarscríbhinn XIV. Liosta na Staidéar agus na Measúnuithe Tionchair a bhaineann le SPD 2023-2025	147
2.5. Tosaíochtaí diúltacha/laghdú i gcúraimí reatha	50		
III. Clársceidealú bliantúil 2023	51		

Liosta Fíoracha agus Táblaí

Fíoracha

Figiúr 1. Struchtúr eagraíochtúil eu-LISA (amhail mí na Nollag 2021)	97
Figiúr 2. Sceideal ginearálta maidir le EMAS a chur chun feidhme	133

Táblaí

Tábla 1. Spriocanna straitéiseacha agus príomhtháscairí feidhmíochta	37
Tábla 2. Forléargas foirne in 2021, de réir an togra reachtaigh	40
Tábla 3. Miondealú ar bhuiséad leasaitheach 2021	43
Tábla 4. Meastacháin foirne don tréimhse 2023-2025	48
Tábla 5. Líon na foirne de réir aonaid (in aghaidh na catagóire foirne) amhail an 31.12.2021	98
Tábla 6. Ioncam	113
Tábla 7. Caiteachas	114
Tábla 8. Olltoradh buiséid agus cealú leithreasáí	115
Tábla 9. Líon foirne eu-LISA agus a theacht chun cinn (forbhreathnú ar gach catagóir foirne)	117
Tábla 10. Plean beartais foirne ilbhliantúil 2023-2025	120
Tábla 11. Rialacha forfheidhmithe i bhfeidhm	123
Tábla 12. Forbhreathnú ar spriocanna earcaíochta agus ar a ndul chun cinn go dtí an 31.12.2021	124
Tábla 13. Rialacha forfheidhmithe i bhfeidhm	126
Tábla 14. Foireann shealadach a athaicmiú/ardú céime a thabhairt d'oifigigh	126
Tábla 15. Foireann ar conradh a athaicmiú	127
Tábla 16. Ionadaíocht inscne de réir catagóire foirne (amhail an 31.12.2021)	128
Tábla 17. Teacht chun cinn ó thaobh an inscne de ar leibhéil na meánbhainistíochta agus na hardbhainistíochta (ó 2017 go 2021; amhail i mí Iúil 2021)	129
Tábla 18. Cothromaíocht gheografach (amhail an 31.12.2021)	129
Tábla 19. Teacht chun cinn na náisiúntachta a bhfuil an ionadaíocht is mó déanta di sa Ghníomhaireacht (ó 2017 go 2021)	130
Tábla 20. Liosta de thionscadail 2023 a chumhdaítear sa raon feidhme le haghaidh an mheasúnaithe Deiseanna Ex-Ante	137
Tábla 21. Rioscaí Corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí 2023-2025	140
Tábla 22. Rioscaí corparáideacha a deimhníodh le déanaí agus pleananna maolaithe comhfhreagracha	141
Tábla 23. Poist bhreise arna ndeonú in 2023	146

Liosta Acrainmneacha

AD	Acmhainní Daonna	ECRIS-TCN	An Córas Eorpach Faisnéise um Thaifid Choiriúla — Náisiúnaigh Tríú Tíortha
AE	An tAontas Eorpach	EES	An Córas Dul Isteach-Imeachta
AI	an intleacht shaorga	EMAS	Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil
ALM	Bainistíocht Saolré Feidhmchláir	EOPM	lámhleabhar oibreora leictreonaigh
BaaS	Bithmhéadracht mar Sheirbhís	EPMO	An Oifig um Bainistiú Tionscadal Fiontair
BCMS	Straitéis um Bainistíocht Leanúnachais Gnó	ESP	Tairseach chuardaigh Eorpach
BCU	láraonad cúltaca (ionad cúltaca in St Johann im Pongau)	ETF	eochairtháscaire feidhmíochta
BMS	Córas Meaitseála Bithmhéadrach	ETIAS	An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil
BSTF	Bainistíocht Seirbhíse TF	EUAN	Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh
CA	gníomhaire ar conradh	eu-LISA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais
CAC	Ionad Cúnta Iompróra	Eurodac	Bunachar Sonraí Eorpach Tearmainn Dachtalascópachta
CBS	croíchórais ghnó	Europol	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
CE	An Coimisiún Eorpach	FG	Feidhmghrúpa
CEOS	Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh	Frontex	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
CGB	Ceartas agus Gnóthaí Baile	FSA	Glacadh Deiridh leis an gCóras
CIR	stóras coiteann sonraí céannachta	FTE	coibhéis lánaimseartha
CMMI	Comhtháthú Múnla Aibíochta Cumais	FwC	creatconradh
CRRS	an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh	HRM	Bainistiú Acmhainní Daonna
CSI	bonneagar comhroinnte	ICF	Creat Rialaithe Inmheánach
ECA	Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	Interpol	Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta
e-CODEX	Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne	IO	Idir-inoibritheacht
ECRIS (an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla)	An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla	IO	Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
ECRIS RI	Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla Cur Chun Feidhme Tagartha	ISO SC37	ISO/IEC JTC 1/SC 37, Fochoiste um chaighdeánú bithmhéadrachta ¹

¹ Is fochoiste um chaighdeánú é ISO/IEC JTC 1/SC 37, Bithmhéadracht de chuid an Chomhchoiste Theicniúil ISO/IEC JTC 1 arna mhaoirsiú ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil (IEC), a bhfuil sé de chúram air caighdeán a fhorbairt agus a éascú i réimse na bithmhéadrachta.

IT	teicneolaíocht faisnéise	SLA	comhaontú ar leibhéal seirbhíse
ITIL	Leabharlann de Bhonneagar Teicneolaíochta Faisnéise	SM9	HP Service Manager leagan 9 — uirlis chun iarratais ó úsáideoirí agus teagmhais a chlárú
JHAAN	Líonra na nGníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile	SMAx	Service Management Automation X (an leagan is déanaí d'uirlis Micro Focus ITSM)
JIT	Foireann Chomhpháirteach um Imscrúdú	SNI	saineolaí náisiúnta ar iasacht
LFS	ráitis airgeadais reachtacha	SPD	Doiciméad Clársceidealaithe Aonair
MECS	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	TA	gníomhaire sealadach
MFF	an creat airgeadais ilbhliantúil	TCN	náisiúnaigh tríú tír
MID	brathadóir ilchéannachtaí	TEF	Creat Innealtóireachta Trasnaí
OCS	An tOifigeach Cosanta Sonraí	TESTA	Seirbhísí Tras-Eorpacha do Theileamaitice idir Riaracháin – glúin nua
OLA	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse	TESTA-ng	Seirbhísí Tras-Eorpacha do Theileamaitice idir Riaracháin – glúin nua
OLAF	An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise	TFC	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
POC	cruthúnas ar choincheap	TOF	Creat Oibríochtaí Trasnaí
PPM	Bainistíocht punainne tionscadail	VDI	bonneagar fíorúil deisce
QMS	Córas Bainistíochta Cáilíochta	VIS	An Córas Faisnéise Víosáí
sBMS	seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha	WGAI	Meitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga
SEMM	Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen		
SIRENE	Iarratas ar Eolas Forlíontach ag na hIontrálacha Náisiúnta		
SIS	Córas Faisnéise Schengen		
SIS AFIS	Córas Aitheantais Uathoibrithe Méarlorg Chóras Faisnéise Schengen		

Liosta Bunús Dlí

Rialachán lena mbunaítear eu-LISA	Rialachán (AE) 2018/1726, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 99-137.
Córas Faisnéise Schengen (SIS)	Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, IO L 381, 28.12.2006, lgh. 4-23. Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, IO L 205, 7.8.2007, lgh. 63-84. Rialachán (AE) 2018/1860, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 1-13. Rialachán (AE) 2018/1861, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 14-55. Rialachán (AE) 2018/1862, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 56-106. Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006, IO L 381, 28.12.2006, lgh. 1-3. Rialachán (AE) 2022/1190, IO L 185, 12.7.2022, lgh. 1-9.
An Córas Faisnéise Víosaí (VIS)	Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle, IO L 213, 15.6.2004, lgh. 5-7. Cinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún Eorpach, IO L 194, 23.7.2008, lgh. 3-8. Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 218, 13.8.2008, lgh. 129-136. Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, IO L 218, 13.8.2008, lgh. 60-81. Rialachán (AE). 2021/1133, IO L 248, 13.7.2021, lgh. 1-10. Rialachán (AE). 2021/1134, IO L 248, 13.7.2021, lgh. 11-87.
Bunachar Sonraí Dachtalascópachta Tearmainn (Eurodac)	Eorpach Iarrthóirí Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, IO L 180, 29.6.2013, lgh. 1-30. Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, IO L 180, 29.6.2013, lgh. 31-59. Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003, IO L 222, 5.9.2003, lgh. 3-23.
An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)	Rialachán (AE) 2017/2226, IO L 327, 9.12.2017, lgh. 20-82.
An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)	Rialachán (AE) 2018/1240, IO L 236, 19.9.2018, lgh. 1-71. Rialachán (AE) 2018/1241, IO L 236, 19.9.2018, lgh. 72-73.
An Córas Eorpach Faisnéise um Thaifid Choiriúla náisiúnach tríú tíortha (ECRIS-TCN)	Rialachán (AE) 2019/816, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 1-26.
Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne (e-CODEX)	Rialachán (AE) 2022/850, IO L 150, 1.6.2022, lgh. 1-19.
Idir-inoibritheacht	Rialachán (AE) 2019/817, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 27-84. Rialachán (AE) 2019/818, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 85-135.
Cosaint agus próiseáil sonraí	Rialachán (AE) 2018/1725, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98.

Réamhrá



Cuireadh bailchríoch ar an doiciméad clársceidealaithe sin tráth a raibh comóradh 10 mbliana á cheiliúradh ag eu-LISA. Tar éis a céad deich mbliana ar an bhfód, tá an Gníomhaireacht anois ina cuid riachtanach d'aitireacht Schengen san Aontas, agus is í is mó a spreagann an claochlú digiteach i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile an Aontais Eorpaigh. Cosnaíonn obair na Gníomhaireachta ceann de chearta bunúsacha shaoránaigh an Aontais — saorghluaiseacht laistigh de Limistéar Schengen. Ó bunaíodh é in 2012, tá forbairt shuntasach tagtha ar eu-LISA ó bheith ina gníomhaireacht theicniúil bheag go dtí an lá atá inniu ann ina mheastar é a bheith ina 'chroí digiteach' Schengen. Tá sé tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'iarreachtaí na mBallstát an Eoraip a choinneáil oscailte, láidir agus slán.

I mbliana freisin, tagann deireadh le mo thréimhse oifige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eu-LISA. Tá bród orm go bhfuilim chun an Gníomhaireacht a fhágáil agus bonn láidir fúithi chun a cuid iarrachtaí a choinneáil ar bun agus chun dlús a chur lena hiarrachtaí an Eoraip a choimeád ar oscailt agus cosaint á háirithiú san am céanna i gcoinne bhagairtí domhanda na sceimhlitheoireachta, na coireachta eagraithe agus na himirce neamhrialta.

Mar sin féin, leis an líon mór córas faisnéise a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht, mar aon leis an gcreat rialála atá ag síorathrú, leagtar síos socrú an-dúshlánach do na deich mbliana amach romhainn, go háirithe i bhfianaise an bhrú atá ag dul i méid chun torthaí a bhaint amach le hacmhainní teoranta i gcoinne ionchais arda ár ngeallsealbhóirí. Léiríonn an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair don tréimhse 2023-2025 tiomantas daingean eu-LISA agus iarrachtaí leanúnacha dá chuid chun éifeachtúlacht oibríochtúil agus aclaíocht oibríochtúil na Gníomhaireachta a chothabháil agus a fheabhsú chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimpi.

Agus eu-LISA ag dul isteach sa dara deich mbliana ar an bhfód, tá ceann de na cláir chlauchtaithe is casta agus is dúshlánaí a seoladh le deich mbliana anuas aon áit ar domhan á chur i gcrích. In 2024, cuirfidh an Gníomhaireacht an ailtireacht idir-inoibritheachta CGB ar fáil chun teorainneacha seachtracha agus slándáil inmheánach an Aontais a bhainistiú, rud a chuirfidh feabhas suntasach ar mhalartú slán faisnéise i measc údarás Eorpach forfheidhmithe dlí agus breithiúnach. Beidh sé sin ina bhunchloch freisin don chéad chéim eile d'fhorbairt eu-LISA mar spreagadh don nuachóiriú agus don digitíú leanúnach ar réimse CGB an Aontais.

Tá muinín agam i gcónaí go leanfaidh eu-LISA dá ról mar chomhpháirtí luachmhar iontaofa do na Ballstáit agus do gheallsealbhóirí eile i réimse CGB a chomhdhlúthú amach anseo. Chuige sin, leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bainistiú teorainneacha agus imirce, slándáil inmheánach agus comhar ceartais an Aontais a dhigitiú trí shúil ghéar a choinneáil ar an taighde is déanaí agus trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus as réitigh nuálacha a bheidh ag teacht chun cinn.



I ndáil leis sin, saothróidh eu-LISA na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas in 2023:

- a choimirciú go mbeidh gach córas faisnéise CGB a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht ar fáil gan bhriseadh,
- teacht chun cinn leanúnach an chórais a áirithiú i gcomhréir le forbairtí beartais ábhartha i réimse CGB,
- córais faisnéise CGB nua a sheachadadh go rathúil — EES, ETIAS agus ECRIS-TCN, agus bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a ghlacadh chuige féin, agus forbairt leanúnach na gcomhpháirteanna idir-inoibrítheachta á háirithiú ag an am céanna,
- dlús a chur le rannchuidiú na Gníomhaireachta le réimse ceartais an Aontais, agus
- in 2023, déanfar meastóireacht rialta ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta mar a shonraítear in Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

Léiríonn na gníomhaíochtaí a áirítear sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair seo don tréimhse 2023-2025 na hiarrachtaí leanúnacha agus an tiomantas atá ag eu-LISA leanúint dá fhorbairt, d'fhonn éifeachtúlacht agus solúbthacht na Gníomhaireachta a fheabhsú, agus ardleibhéal coinneála, rannpháirtíochta agus spreagthachta á choinneáil i measc a bhaill foirne ag an am céanna. Le linn 2023, leanfaidh eu-LISA dá chur chuige córasach agus comhsheasmhach chun cur chun feidhme rathúil na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa chlár seo a áirithiú agus chun a chuspóirí a bhaint amach i ndlúthchomhar trédhearcach leis an iliomad geallsealbhóirí de chuid na Gníomhaireachta.

Agus mo thréimhse oifige ag druidim chun deiridh, ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil leis na Ballstáit, le rialtais na dtíortha a bhfuil suíomhanna na Gníomhaireachta á n-óstáil acu, leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus lena hUachtaránachtaí, agus lenár nGníomhaireachtaí AE comhpháirtíochta uile as a dtacaíocht bhuanseasmhach agus as a gcomhar cuiditheach i gcaitheamh na mblianta sin.

Ar deireadh, gabhaim buíochas ó chroí le mo chomhghleacaithe ar fad in eu-LISA as a dteacht aniar leanúnach agus as a dtiomantas díongbháilte do mhisean na Gníomhaireachta. Is mór an onóir agus an phribhléid dom a bheith i gceannas ar an nGníomhaireacht seo ó bunaíodh í. I dteannta a chéile, táimid tar éis ár n-eagraíocht a thógáil agus a fhorbairt ó bheith ina gníomhaireacht theicniúil bheag go dtí an pointe seo ina meastar é a bheith ina 'croí digiteach' d'aitireacht Schengen.

Táim ag tnúth le tuilleadh forbartha a fheiceáil de réir mar a thiocfaidh méadú ar líon agus ar chastacht oibríochtaí eu-LISA.

As lámha a chéile sinn uile!

Krum Garkov

Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó 2012 go 2022

**Cosnaíonn obair na Gníomhaireachta ceann de
chearta bunúsacha shaoránaigh an Aontais —
saorghluaiseacht laistigh de Limistéar Schengen.**

Réamhrá ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach



I mí na Samhna 2022 cuireadh deireadh le tréimhse oifige Krum Garkov a bhí i gceannas ar eu-LISA ó bunaíodh é in 2012. Faoina cheannaireacht, rinneadh príomhchumasóir bheartas tearmainn, víosaí agus bainistithe teorainneacha an Aontais den ghníomhaireacht bheag teicniúil, mar a bhí. Le linn a théarma oifige, bhí Krum Garkov tiomanta do rath na Gníomhaireachta a chinntiú agus eu-LISA a fhorbairt sa riocht is go mbeadh sé mar atá sa lá atá inniu ann. Leanfaidh luachanna na trédhearcachta, an bhairr feabhais agus an tiomantais de threoir a thabhairt don Ghníomhaireacht amach anseo.

De réir mar a rachaidh eu-LISA i dtreo na gcéad deich mbliana atá amach roimhe, ní thiocfaidh aon athrú ar a thosaíochtaí. Mar phríomhthosaíocht, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhainistiú oibríochtúil cobhsaí chórais faisnéise CGB an Aontais a áirithiú, agus roinnt córas nua agus an ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta á gcur chun feidhme aici ag an am céanna. Ina theannta sin, glacfaidh eu-LISA páirt níos gníomhaí sa taighde agus sa nuálaíocht freisin chun leanúint de bheith ag tacú le digitiú leanúnach réimse CGB, agus beidh saineolas agus fios gnóithe praiticiúil aige maidir le huirlisí agus teicneolaíochtaí nua-aimseartha a fhorbairt agus a ghlacadh.

Beidh na míonna atá le teacht ríthábhachtach don Ghníomhaireacht agus réiteoidh siad an bealach faoi choinne na hoibre a dhéanfar amach anseo. Fiú sula gceapfar Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith tiomanta do thosaíochtaí tábhachtacha an Aontais a chur i gcrích leis an aidhm leanúint ar aghaidh le ról bunúsach na Gníomhaireachta maidir le slándáil agus saorghluaiseacht shaoránaigh na hEorpa a áirithiú.

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an nGníomhaireacht do na deich mbliana amach romhainn chun go leanfaidh sí de bheith ag obair leis an díograis chéanna, leis an tiomantas céanna agus leis an gcomhar céanna atá anois ina ngnéithe ríthábhachtacha de eu-LISA. In éineacht lenár ngeallsealbhóirí, cuirfidh an Ghníomhaireacht tuilleadh feabhais ar fheidhmiú éifeachtúil an limistéir Schengen.

Luca Tagliaretti

Stiúrthóir Feidhmiúcháin Eatramhach

Ráiteas Misin

Déanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) maoirseacht ar oibríochtaí agus ar theacht chun cinn leanúnach chórais mhórsála TF an Aontais i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile (CGB). Bunaíodh an Gníomhaireacht i nDeireadh Fómhair 2011² agus tá sí faoi lán seoil ó mhí na Nollag 2012 i leith, agus tá sí anois ina 'Croí Digiteach Limistéar Schengen'. Dá réir sin, tá eu-LISA freagrach as bainistiú éifeachtúil, cliste agus faisnéisbhunaithe a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha an Aontais agus rannchuidíonn sé le beartais slándála inmheánaí, víosaí, tearmainn agus ceartais choiriúil.

Trí shaoirse gluaiseachta a éascú san Eoraip – ar ceann de chearta bunúsacha shaoránaigh an Aontais í – is iad oibríochtaí na Gníomhaireachta **bunchloch ailtireacht Schengen an Aontais**. Chuige sin, cuireann eu-LISA seirbhísí ardcháilíochta ar fáil d'úsáideoirí chórais faisnéise CGB an Aontais, agus ag an am céanna áirithíonn sé ardleibhéal cosanta sonraí i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus leis na forálacha faoi seach do gach córas mórsála TF atá faoina chúram.

Chun ardtacaíocht shaineolach a áirithiú do bhainistiú oibríochtúil chórais faisnéise CGB, déanann an Gníomhaireacht faireachán ar na forbairtí is déanaí sa taighde agus sa nuálaíocht, déanann sí tástáil ar theicneolaíochtaí agus ar réitigh nua, agus tacaíonn sí leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí eile an Aontais ina réimsí saineolais.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil, as mórathruithe agus as forbairtí amach anseo ar na córais faisnéise CGB de chuid an Aontais seo a leanas agus ar a mbonneagair chumarsáide faoi seach:

- Córas Faisnéise Schengen (SIS),
- Córas Faisnéise Víosaí (VIS),
- Bunachar Sonraí Córais Eorpaigh méarlorgaireachta (Eurodac).

Faoi dheireadh 2023, beidh an fhorbairt curtha i gcrích ag an nGníomhaireacht agus glacfaidh sí freagracht as bainistiú oibríochtúil na dtrí chóras faisnéise CGB nua:

- Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)
- An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS),
- An Córas Eorpach Faisnéise um Thaifid Choiriúla — náisiúnaigh tríú tíortha (ECRIS-TCN)

Thairis sin, in 2023, ba dhíol suntais don Gníomhaireacht an fhreagracht a ghlacadh as bainistiú oibríochtúil an chórais **e-CODEX** (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne).

Thairis sin, le linn 2023, leanfaidh eu-LISA de chur chun feidhme ailtireacht faisnéise nua an Aontais maidir le bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le Frontex, le Europol agus leis an gCoimisiún Eorpach. Leis an ailtireacht faisnéise nua sin, áiritheofar **idir-inoibritheacht idir córais faisnéise CGB ar mhórsála an Aontais** agus, ag an am céanna, cuirfear feabhas ar an rochtain ar údarais ábhartha náisiúnta agus ar údarais ábhartha de chuid an Aontais. Dá réir sin, beidh sé ina chuid riachtanach de fhreagairt an Aontais don éileamh poiblí agus d'ionchais pholaitiúla ardleibhéil chun bainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha an Aontais ar mhaithe le slándáil inmheánach

📌 BUNÚIS DLÍ

Tá an Rialachán lena mbunaítear an Gníomhaireacht agus an creat rialála uileghabhálach do na córais mhórsála TF atá faoina sainchúram leagtha amach sa roinn **Liosta na mbunús dlí**.

📌 TUILLEADH EOLAIS

Chun spléachadh níos mine a fháil ar phríomhghníomhaíochtaí eu-LISA ar mhaithe le hEoraip níos sábháilte, tabhair cuairt ar **thairseach Discover eu-LISA**.

² Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais TF ar Mhórsála sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

fheabhsaithe.

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta freisin don trédhearcacht agus don chuntasacht dá geallsealbhóirí agus do shaoránaigh an Aontais araon, agus go seasfaidh sí lena dea-cháil agus lena hinfheictheacht trí ghníomhaíochtaí for-rochtana éagsúla.



MISEAN

Is é an misean atá againn tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán trí ardteicneolaíocht.



FÍS

Féachaimid le seirbhísí agus réitigh éifeachtúla ardcháilíochta a chur ar fáil, na teicneolaíochtaí atá ag dul chun cinn a ailíniú le riachtanais athraitheacha an Aontais agus na mBallstát, agus dlús a chur leis an gclaochlú digiteach i réimse an Cheartaís agus na nGnóthaí Baile.



CROÍLUACHANNA

Déantar ár bhfís agus ár misean a iompú ina ngníomhaíochtaí oibríochtúla trí bhunluachanna na cuntasachta, na trédhearcachta, an bhairr feabhais, an leanúnachais, na hoibre foirne agus na seirbhíse do chustaiméirí den chéad scoth a chur i bhfeidhm.

CUNTASACHT

Creat rialachais fhónta a chur i bhfeidhm, oibríochtaí cost-éifeachtúla agus bainistíocht fhónta airgeadais.

TRÉDHEARCACHT

Cumarsáid rialta agus oscailte le príomhpháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta a áirithiú agus dul i mbun idirphlé leanúnach chun straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta a shainiú.

BARR FEABHAIS

An struchtúr, na daoine agus na próisis eagraíochtúla is ceart a fheidhmiú, mar aon le leanúnachas seirbhíse agus cuimsitheacht fheidhmiúil na n-uirlisí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit a áirithiú.

LEANÚNACHAS

A áirithiú go mbaineann an Gníomhaireacht an úsáid is fearr as saineolas, eolas agus infheistíochtaí a dhéanann na Ballstáit agus go leanann sí dá bhforbairt.

OBAIR BHUÍNE

Féachaint le cur ar chumas gach ball foirne aonair an úsáid is fearr a bhaint as a n-eolas agus as a dtáithí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le rathúlacht chomhroinnte.

FÓCAS AR CHUSTAIMÉIRÍ

A áirithiú go mbeidh an Gníomhaireacht ag teacht le riachtanais agus le héilimh a geallsealbhóirí i gcónaí.



CEANN CEATHRÚ

Taillinn, an Eastóin



TEICNIÚIL LÁITHREÁN

Strasbourg, an Fhrainc



TEICNIÚIL SUÍOMH CULTACA

St Johann im Pongau, an Ostair



IDIRCHADREAMH OIFIG

An Bhruiséil, an Bheilg

COSAINT SONRAÍ

Agus a misean, a tosaíochtaí, a cuspóirí agus a gníomhaíochtaí laethúla á saothrú aici, tá an Gníomhaireacht tiomanta d'ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear forálacha sonracha le haghaidh gach córais mórscála TF atá faoina cúram, dá bhforáiltear in Airteagal 2(f) den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag eu-LISA, comhlíontar cearta bunúsacha, lena n-áirítear **urraim don saol príobháideach agus saol an teaghligh** agus **cosaint sonraí pearsanta** mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Urramaíonn an Gníomhaireacht na prionsabail uile a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de réir Rialachán (AE) 2018/1725³, eadhon teorannú de réir cuspóra, íoslaghduit sonraí, cruinneas, cuntasacht, teorannú stórla, sláine agus rúndacht. I gcur chun feidhme agus i mbainistiú oibríochtúil chórais faisnéise CGB agus a n-idir-inoibritheachta, tugann eu-LISA aird ar leith ar phrionsabal na **cosanta sonraí trí dheardh agus mar réamhshocrú** mar a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2018/1725, Airteagal 25 de Rialachán

³ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

Réamhrá

Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair⁶ (SPD) don tréimhse 2023-2025, tugtar forléargas struchtúrtha ar chuspóirí agus ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá beartaithe chun trédhearcacht, cuntasacht agus úsáid éifeachtúil na n-acmhainní airgeadais agus daonna a leithdháiltear ar eu-LISA a áirithiú.

Feidhmíonn an SPD sin mar **threoir maidir le tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí eu-LISA** bunaithe ar chuspóirí oibríochtúla na Gníomhaireachta agus ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais. Dá réir sin, tugann sé **soiléireacht agus dearbhú** do gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta go bhfuil cur chuige córasach agus comhsheasmhach á ghlacadh ag eu-LISA i leith a shainordú a chomhlíonadh trí úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna agus airgeadais ama leithdháileadh.

Ina theannta sin, feidhmíonn SPD freisin **mar chinneadh maidir le maoiniú ina leagtar amach leithdháiltí acmhainní eu-LISA ar fud na ngníomhaíochtaí uile atá beartaithe do 2023**. Tá an doiciméad i gcomhréir le straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta le haghaidh 2021-2027, ama glacadh ag an mBord Bainistíochta i Samhain 2021, agus úsáidtear é mar an bhonnlíne chun cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha eu-LISA a shocrú.

- I Roinn 1, tugtar forléargas ar **chomhthéacs foriomlán eacnamaíoch, beartais agus rialála** obair na Gníomhaireachta.
- Leagtar amach i Roinn 2 an **plean ilbhliantúil trí bliana (2023-2025)** mar aon le gníomhaíochtaí agus acmhainní lena dtugtar forléargas mionsonraithe ar fhócas fadtéarmach na Gníomhaireachta agus ar phleananna chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- I Roinn 3 déantar tuilleadh mionsaothraithe maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht a **tosaíochtaí ilbhliantúla do 2023** a bhaint amach, lena n-áirítear miondealú ar na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- Tugtar léargas cuimsitheach sna **hiarscríbhinní** a ghabhann leis an doiciméad seo ar úsáid acmhainní, agus cuirtear trédhearcacht bhreise ar fáil freisin maidir le hobair agus oibríochtaí na Gníomhaireachta.

Struchtúr an doiciméid chlársceidealaithe seo

Rinne an Gníomhaireacht an doiciméad clársceidealaithe seo a struchtúir i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún⁷. Tá cur i láthair ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta bunaithe ar **phunanna sainithe** chun samhail oibríocháin agus spleáchais eu-LISA idir tionscadail agus gníomhaíochtaí aonair a léiriú. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn **‘punann’** do bhailiúchán gníomhaíochtaí, do tionscadail aonair agus do chúraimí neamhthionscadail a bhainistítear mar ghrúpa.

Áirithítear leis an gcur chuige sin comhordú níos fearr idir tionscadail agus gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí tionscadail iad agus, ag an am céanna, éascaíonn sé cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla eu-LISA a bhaint amach. Agus ar deireadh, cumasaíonn sé sineirgí agus barainneachtaí scála áirithe, go háirithe úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil.

⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

⁵ Treoir (AE) Uimh. 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarás inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Creata 2008/977/JHA ón gComhairle.

⁶ Ceanglaítear le hAirteagal 24(3)(d) de Rialachán Bunaidh (AE) 2018/1726 ar an Stiúthóir Feidhmiúcháin an dréacht-Dhoiciméad Clárúcháin Aonair a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis na Grúpaí Comhairleacha. Tugtar sainordú don Bhoird Bainistíochta chun Doiciméad Clárúcháin Aonair na Gníomhaireachta a ghlacadh le hAirteagail 19(1)(q) agus (r) den Rialachán céanna.

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2020 maidir le rialachas Chomhlachtaí an Aontais a neartú faoi Airteagal 70 den Rialachán Airgeadais 2018/1046 agus maidir leis na treoirlínte don Doiciméad Clársceidealaithe Aonair agus don Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí, COM(2020) 2297 final.

Faoi láthair, tá na cúig phunann seo a leanas leagtha amach ag an nGníomhaireacht⁸:

- **Córais nua agus Nuálaíocht:** córais faisnéise nua CGB (i.e. EES, ETIAS agus ECRIS-TCN) agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (i.e. ESP, CIR, MID, agus CRRS) a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- **Bainistiú Oibríochtúil agus Rialacháin Athmhúnlaithe:** bainistiú oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB atá ann cheana (i.e. SIS, VIS, Eurodac).
- **Bonneagar:** cothabháil oibríochtúil agus teacht chun cinn an líonra ina iomláine, an lárionaid sonraí agus an chomhbhonneagair chomhroinnte (CSI).
- **Gníomhaíochtaí idirdhisciplíneacha:** gníomhaíochtaí a thacaíonn go díreach le croí-oibríochtaí gnó eu-LISA, amhail slándáil agus leanúnachas gnó, bainistiú eisiúna, tástáil agus aistriú, dearbhú cáilíochta agus forbairt cumais.
- **Gníomhaíochtaí corparáideacha:** feidhm riaracháin agus rialachais eu-LISA.

⁸ Níl líon na bpunann socraithe agus tá sé faoi réir athrú le himeacht ama ag brath ar theacht chun cinn na gcúraimí a shanntar don Gníomhaireacht.

I. COMHTHÉACS GINEARÁLTA

Comhthéacs Beartais

Sna blianta amach romhainn, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tabhairt aghaidh ar an dé-uaillmhian atá ann, cuir i gcás ar thaobh amháin de, fanacht oscailte mar chuid lárnach de shaol domhandaithe idirnasctha, agus ar an taobh eile, slándáil inmheánach a chothabháil dá shaoránaigh, dá chónaitheoirí, dá chuariteoirí, dá chríoch agus dá bhonneagar.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dé-uaillmhian sin, rannchuidíonn sainordú agus príomhghníomhaíochtaí oibríochtúla eu-LISA le cur chun feidhme na ⁹**dtreoirlínte polaitiúla arna leagan síos ag an gCoimisiún Eorpach don tréimhse 2019-2024**. Go háirithe, tagann obair na Gníomhaireachta go maith le tosaíocht an Choimisiúin **modh maireachtála na hEorpa a chur chun cinn** trí Limistéar Schengen lánfheidhmiúil a chaomhnú. Chuige sin, oibríonn an Gníomhaireacht chun teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú trí rannchuidiú le bainistiú imirce agus le tionscnaimh slándála inmheánaí agus trí thacú le hathchóiriú an chórais Eorpaigh tearmainn. Maidir le tosaíocht an Choimisiúin díriú ar **chlaochlú digiteach na hEorpa**, díritear rannchuidiú eu-LISA ar réimse na hintleachta saorga (IS) agus ar a chur i bhfeidhm de réir a chéile amach anseo maidir leis na córais TF atá faoina shainchúram, i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha maidir le cosaint sonraí agus slándáil. Ina theannta sin, tá dlús á chur ag an nGníomhaireacht lena hiarrachtaí digitíú an cheartais a chur chun cinn, agus ag an am céanna leanúint de dhigitíú nósanna imeachta imirce, tearmainn agus víosaí an Aontais a thagann faoina sainordú.

In 2023, leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don Úcráin, dá daonra, agus do mhuintir na hEorpa a bhfuil deacrachtaí acu mar thoradh ar an gcogadh, ar gach slí is féidir.¹⁰ De réir mar a leanann ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar aghaidh, tá eu-LISA tiomanta do chúnamh a thabhairt d'Institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit leis na huirlisí uile atá ar fáil faoina sainordú. Cuireann an Gníomhaireacht le tacaíocht an Aontais don Úcráin tríd an obair chomhpháirteach a dhéantar laistigh de Líonra na nGníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile agus tá sí réidh chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheistean teicniúla a bhaineann le córais atá ann cheana nó córais nua. Go háirithe, ós rud é go bhfuil athchóiriú déanta ag an gcogadh ar thírdhreach na bagartha cibearshlándála¹¹, leanfaidh eu-LISA dá chomhar le hinstitiúidí agus le gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil.

Braitheann éifeachtúlacht agus éifeachtacht **bheartais an Aontais maidir le tearmann, inimirce agus rialú ag teorainneacha seachtracha**, agus an cumas freagairt do **bhagairtí slándála atá ag síorathrú** (i.e. an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe agus an chibearchoireacht), ar mhalartú tráthúil cuimsitheach faisnéise idir na húdaráis ábhartha náisiúnta agus Eorpacha, agus is fearr a éascaítear iad le córais faisnéise nua-aimseartha. Le córais nua a mheastar a thosódh ag feidhmiú faoin tréimhse 2023-2024 (i.e. EES, ETIAS agus ECRIS-TCN), tacófar leis na riachtanais oibríochtúla agus ghnó agus leis na héilimh bheartais sin go léir. In éineacht leis an ollstruchtúr idir-inoibritheachta nua atá le cur ar fáil in 2024, cuirfear cur chuige cliste comhtháite ar fáil chun slándáil inmheánach na hEorpa a áirithiú. Agus freagracht as bainistiú oibríochtúil na gcóras faisnéise atá ann cheana agus na gcóras faisnéise nua agus a gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, leanfaidh eu-LISA de bheith ar cheann de na **príomhpháirtithe leasmhara i réimse CGB an Aontais Eorpaigh**.

Sa chomhthéacs sin, tá an Gníomhaireacht tiomanta i gcónaí do chuspóirí ¹²**Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála** a chur chun feidhme, go háirithe an ceathrú tosaíocht straitéiseach maidir le héiceachóras láidir slándála Eorpach a thógáil. Tar éis chur chun feidhme iomlán Rialacháin SIS Athmhúnlaithe i mí an Mhárta 2023, leanfaidh eu-LISA de bheith ag tacú le forbairt SIS chun comhar a éascú idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis teorann agus údaráis imirce ar fud na hEorpa. Tríd an gCóras Dul Isteach/Imeachta, an Córas Eorpach um Faisnéis agus Údarú Taistil agus an Córas Faisnéise Víosaí uasghrádaithe a fhorbairt, áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar bainistiú nua-aimseartha agus éifeachtúil ar theorainneacha seachtracha a rachaidh chun tairbhe an dá leas a bhaineann le slándáil inmheánach Limistéar Schengen a chothabháil, agus taisteal idimáisiúnta agus saoirse gluaiseachta á n-éascú ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, tá baint ag an nGníomhaireacht freisin leis an bplé ar an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Treoir maidir le Réamhfaisnéis faoi Phaisinéirí (API) agus cuireann sí leis an bplé sin chun

⁹ Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2019-2024: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024_en

¹⁰ Staid an Aontais 2022, Litir Intinne chuig an Uachtarán Roberta Metsola agus chuig an bPríomh-Aire Petr Fiala, an 14 Meán Fómhair 2022.

¹¹ Tírdhreach Bagartha ENISA 2022, Deireadh Fómhair 2022, <https://europa.eu/!4qBKPv>

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Aontas Slándála an Aontais Eorpaigh, COM(2020) 605 final.

sainaithe taistealaithe a chuíchóiriú agus bainistiú teorainneacha a shimpliú tuilleadh.

Go luath, táthar ag súil go gcuirfear dhá thogra reachtacha — Prüm II agus digitíú víosaí – le punann na Gníomhaireachta. Ar an gcéad dul síos, le ¹³**Rialachán Prüm II** atá beartaithe (maidir le malartú uathoibríoch sonraí ar mhaithe le comhar póilíneachta), cuirfear de chúram ar eu-LISA ródaire Prüm II a fhorbairt agus a bhainistiú ina dhiaidh sin, ródaire a chuirfear in ionad an chórais nasc aonair atá ann faoi láthair idir na bunachair sonraí náisiúnta i ngach Ballstát. A luaithe a bheidh feidhm leis, éascófar leis malartú faisnéise agus feabhsófar leis comhar idir na Ballstáit, trí úsáid a bhaint as an ailtireacht idir-inoibritheachta nua. Cé go bhfuil na sonraí rialála fós á gcaibidliú, de réir an togra tá seoladh an ródaire ar na bacáin le haghaidh 2027. Ar an dara dul síos, maidir le nósanna imeachta víosaí a dhigitíú, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh rialachán lena gcuirfí de chúram ar eu-LISA **ardán ar líne um iarratais ar víosaí Schengen**, ¹⁴ a fhorbairt agus a bhainistiú, agus meastar go dtiocfaidh sé i bhfeidhm faoi 2026.

Ina theannta sin, faigheann obair eu-LISA treoir ó ¹⁵**Straitéis Schengen** an Choimisiúin agus ó **Shásra Schengen um Meastóireacht agus Faireacháin** (SEMM)¹⁶. Is é is aidhm do Straitéis Schengen treoir maidir le conas athléimneacht limistéar Schengen a neartú agus a fheabhsú – arb é an limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan é. Cuidíonn SEMM athbheithnithe leis na Ballstáit *acquis* Schengen a chur chun feidhme trí roinnt gnéithe den sásra meastóireachta agus faireacháin a neartú, lena n-áirítear ról ghníomhaireachtaí CGB an Aontais. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh eu-LISA de bheith rannpháirteach go gníomhach agus de rannchuidiú le SEMM faoi mar a d'iarr an Coimisiún Eorpach. I bprionsabal, tá gach córas CGB arna oibriú ag eu-LISA bunaithe ina bheart cúitimh chun saorghluaiseacht laistigh de Limistéar Schengen a éascú. Dá bhrí sin, tá a bhforbairt leanúnach ríthábhachtach don Aontas agus do eu-LISA.

Agus an **Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** a mhol an Coimisiún Eorpach á chur chun feidhme¹⁷, leanfaidh eu-LISA de ról tábhachtach a bheith aige maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar chóras bainistithe iarratas ar thearmann an Aontais Eorpaigh Eurodac. Faoi Rialachán Eurodac Athmhúnlaithe¹⁸ a bheidh ann amach anseo, agus ar dlúthchuid den Chomhshocrú atá beartaithe é, leanfaidh an Ghníomhaireacht de mhaoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme, rud a bheidh ina ghné bhunriachtanach chun muinín a athbhunú idir na Ballstáit agus muinín fhoriomlán as cumas an Aontais imirce a bhainistiú. Nuair a bheidh feidhm leis, beidh Eurodac nua ina ardán lárnach chun faisnéis chuimsitheach a mhalartú maidir le tearmann agus imirce neamhrialtá, rud a éascóidh bainistiú imirce agus tearmainn níos éifeachtúla ar fud an Aontais.

Maidir leis an intleacht shaorga, tá eu-LISA ar cheann de na príomhpháirtithe leasmhara a chuireann le forbairt **cuir chuige Eorpaigh i leith na hintleachta saorga**¹⁹ atá comhtháite agus comhleanúnach. Le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, tá sé d'aidhm ag eu-LISA a bheith mar Ionad Bairr Feabhais an Aontais Eorpaigh san Intleacht Shaorga i réimse na slándála inmheánaí, na himirce agus an cheartais. Chuige sin, leanann an Ghníomhaireacht de chumais inmheánacha a fhorbairt agus de shaineolas an ábhair atá aici a leathnú, i gcomhréir leis an doiciméad inmheánach 'Treochlár do thionscnaimh intleachta saorga ag eu-LISA'. Tacaíonn **Meitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga** (WGAI), ina bhfuil saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó Ghníomhaireachtaí an Aontais agus ó údarais na mBallstát, le cur chun feidhme an treochláir sin. Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA de bheith ag féachaint ar na féidearthachtaí, na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga laistigh dá chroíchórais ghnó, mar shampla, sa tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (sBMS), sa Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) nó sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS), chomh maith le tacú le feidhmchláir, amhail

¹³ Togra le haghaidh Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ("Prüm II"), lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, 2019/817 agus 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM(2021) 784 final.

¹⁴ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002, (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta víosa a dhigitíú, COM(2022) 658 final.

¹⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle "Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach", COM(2021) 277 final.

¹⁶ Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013;

¹⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Nua maidir le hImirce agus le Tearmainn, COM(2020) 609 final.

¹⁸ Togra leasaithe le haghaidh Rialacháin maidir le bunú 'Eurodac', chun comparáid a dhéanamh idir sonraí bithmhéadracha chun Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán maidir le Bainistíocht Tearmainn agus Imirce] agus Rialachán (AE) XXX/XXX [Rialachán maidir le hAthshocrú], chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint agus maidir le hiarrataí ar údarais um fhorghníomhú an dlí de chuid na mBallstát agus ó Europol chun críocha an dlí a fhorghníomhú a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818, COM(2020) 614 final.

¹⁹ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hintleachta saorga (gníomh hintleachta saorga) agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais, COM(2021) 206 final.

faireachán ar fheidhmchláir agus ar bhonneagar eu-LISA. Tá an Gníomhaireacht ag féachaint go gníomhach freisin ar úsáid na hintleachta saorga sa chibearshlándáil.

Beidh eu-LISA fós ar thús cadhnaíochta **sa nuálaíocht dhigiteach i bpobal CGB an Aontais Eorpaigh**. Is cuid dhílis de fhreagairt an Aontais ar bhagairtí slándála síorathraitheacha an ullmhacht chun córais agus uirlisí TF atá níos sofaisticiúla, níos solúbtha agus níos comhtháite a úsáid. Tá athrú ó bhonn ag teacht ar réimsí fócais uile eu-LISA – rialú teorann, imirce, slándáil inmheánach agus réimse an cheartais – tríd an digitíú agus an t-uathoibriú, rud a chuirtear in ionad gníomhaíochtaí a dhéantar de láimh, e.g. stampáil pasanna. Éilíonn an t-aistriú sin ar eu-LISA, mar an soláthraí croísheirbhíse, níos mó airde a dhíriú ar an gcibearshlándáil agus bagairtí sa chibearréimse a chomhrac. Aithníonn an Gníomhaireacht na dúshlán a eascraíonn as an ré dhigiteach a bheith i réim agus tá sí tiomanta d'áirithiú go gcomhlíonfaidh a cuid gníomhaíochtaí uile an togra le haghaidh treoir ón gCoimisiún le déanaí maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, i.e. an **Treoir Athbhreithnithe maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise** (Treoir NIS2)²⁰. Leis an treoir, cuirtear raon leathan beart ar fáil chun malartú slán faisnéise a áirithiú idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus chun slándáil fhoriomlán chórais TF CGB a áirithiú.

Chun soláthar cobhsaí seirbhíse a áirithiú do na geallsealbhóirí uile, leanfaidh eu-LISA dá athléimneacht eagraíochtúil a dhaingniú. Tá sé sin á dhéanamh aige trí chur chuige coiteann a chur chun feidhme maidir le leanúnachas gnó agus téamamh ó thubaiste do gach córas faisnéise CGB atá faoina chúram. Ó 2023 ar aghaidh, beidh sé d'oibleagáid ar an nGníomhaireacht na ceanglais slándála a eascraíonn as dhá thogra reachtach a cuireadh ar aghaidh in 2022 a chur chun feidhme — ceann le haghaidh rialachán de chuid an Aontais maidir le slándáil faisnéise, agus an ceann eile maidir leis an gcibearshlándáil.²¹ A luaithe a ghlacfar iad, beidh feidhm ag an dá rialachán maidir le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais, agus beidh ar eu-LISA a chreat beartais slándála agus leanúnachais gnó atá i bhfeidhm faoi láthair a chur in oiriúint don chóras nua.

Tosaíochtaí don bhliain 2023

Bunaithe ar an bhforléargas a thugtar thuas, tá na sé thosaíocht seo a leanas leagtha síos ag eu-LISA chun tacú lena chlár oibre do 2023:

- **Tosaíocht 1:** oibriú agus cur chun feidhme cobhsaí gan bhriseadh a áirithiú i gcás theacht chun cinn na gcóras ama mbainistiú agus na seirbhísí arna soláthar ag eu-LISA (i.e. SIS, VIS, Eurodac, ECRIS RI),
- **Tosaíocht 2:** dul ar aghaidh le cur chun feidhme agus forbairt córas faisnéise nua CGB arna gcur de chúram ar eu-LISA (i.e. EES, ETIAS, ECRIS-TCN agus e-CODEX), agus an ailtireacht idir-inoibritheachta,
- **Tosaíocht 3:** tacaíocht agus saineolas maidir le hábhar a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit,
- **Tosaíocht 4:** dlús a chur le rannchuidiú na Gníomhaireachta i réimse ceartais an Aontais Eorpaigh,
- **Tosaíocht 5:** dul chun cinn a dhéanamh leis an dara síneadh ar láithreán oibríochtúil eu-LISA in Strasbourg,
- **Tosaíocht 6:** ullmhú do mheastóireacht rialta na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

²⁰ Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bearta le haghaidh Comhleibhéil Ardleibhéil Cibearshlándála ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148, COM(2020) 823 final.

²¹ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slándáil faisnéise in instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, COM(2022) 119 final, agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, COM(2022) 122 final.

➤ TOSAÍOCHT 1

OIBRIÚ COBHAÍ GAN BHRISEADH AGUS CUR CHUN FEIDHME THEACHT CHUN CINN NA GCÓRAS ARNA MBAINISTIÚ AGUS NA SEIRBHÍSÍ ARNA SOLÁTHAR AG EU-LISA A ÁIRITHIÚ

leanfaidh eu-LISA de bheith ag déanamh maoirseachta ar bhainistiú oibríochtúil agus ar theacht chun cinn chórais faisnéise CGB ar mhórsála an Aontais agus ar a mbonneagair chumarsáide faoi seach ar bhonn 24/7. Áirítear leis sin infhaighteacht gan bhriseadh na gcóras i gcomhréir leis na comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse faoi seach agus tacaíocht réamhghníomhach d'údaráis náisiúnta agus do ghníomhaireachtaí an Aontais a úsáideann na córais agus comhlíonadh na gcaighdeán cosanta sonraí agus slándála faisnéise agus ionstraimí dlí is infheidhme á áirithiú ag an am céanna.

In 2023, leanfaidh an Ghníomhaireacht den ²²**Chóras Faisnéise Víosáí (VIS) athbheithnithe** a chur chun feidhme chun slándáil inmheánach Limistéar Schengen a fheabhsú le feidhmiúlachtaí nua, go háirithe, víosaí fadchuartha agus ceadanna cónaithe a chomhtháthú sa chóras ionas gur féidir iarratasóirí ar víosaí a sheiceáil ar bhealach níos críochnúla. Leis an réiteach sin, dúnfar bearna chriticiúil faisnéise maidir le rialú agus slándáil teorann trína chumasú go ndéanfar seiceálacha uathoibríocha ar na hiarratais nua uile a chuirfear isteach in VIS i gcomparáid leis na sonraí atá stóraithe i gcórais faisnéise CGB eile uile an Aontais don tslandáil inmheánach agus don imirce.

Cé go bhfuil forbairt Eurodac ag brath ar an dul chun cinn a rinneadh le dréachtú agus le glacadh **Rialachán Eurodac Athmhúnlaithe** ina dhiaidh sin, tá eu-LISA réidh le dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na hoibre forbartha is gá agus leis an gcomhtháthú is gá leis na comhchodanna idir-inoibritheachta.

Le linn 2023, ní mór don Ghníomhaireacht a áirithiú freisin go gcuirfear tús éifeachtach agus éifeachtúil le bainistiú oibríochtúil na **gcóras nua** a bheidh ag feidhmiú go hiomlán i lár agus ag deireadh 2023, i.e. an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis Taistil (ETIAS), agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN).

Thairis sin, má áirithítear tathcheangal rathúil bhainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX, beidh sé ar cheann de phríomhgharspriocanna eu-LISA freisin, go háirithe maidir le rannchuidiú na Gníomhaireachta le réimse ceartais an Aontais.

Ina theannta sin, chun a áirithiú a thuilleadh go mbeidh na córais atá á mbainistiú ag eu-LISA ar fáil gan bhriseadh agus go mbeidh seirbhísí ar fáil do na Ballstáit, is é ceann de na forbairtí criticiúla sna blianta atá le teacht cur chun feidhme an **réitigh gníomhach-gníomhach**²³ lena gcumasaítear cothromú lóid.

➤ TOSAÍOCHT 2

AG DUL AR AGHAIDH LE CUR CHUN FEIDHME AGUS FORBAIRT CÓRAS NUA A CHUIRTEAR DE CHÚRAM AR EU-LISA, AGUS AN AILTIREACHT IDIR-INOIBRITHEACHTA

Sa bhreis ar bhainistiú oibríochtúil agus forbairt na gcóras faisnéise CGB atá ann cheana, ní mór don Ghníomhaireacht roinnt córas nua a fhorbairt agus a sheoladh, córais a mheastar a bheidh ag feidhmiú go hiomlán faoi dheireadh 2023. Mar chuid de chur chuige atriallach, tá dul chun cinn déanta ar na córais nua sin a fhorbairt i gcomhthráth le forbairt na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta, a bheidh mar bhonn leis an **ailtireacht idir-inoibritheachta nua** do chórais faisnéise CGB faoi lár na bliana 2030.

Amhail ó 2023, beidh eu-LISA freagrach as an **gcóras e-CODEX a fhorbairt agus a choinneáil** ar bun. Chun tathcheangal rathúil bhainistiú oibríochtúil e-CODEX a áirithiú, tiomnóidh an Ghníomhaireacht an chéad chuid den bhliain chun bailchríoch a chur ar an bpróiseas aistrithe ar cuireadh tús leis in 2022. Chuige sin, tacóidh eu-LISA le dréachtú agus le cur chun feidhme na n-ionstraimí dlí faoi seach agus, ag an am céanna, áiritheoidh sé na hacmhainní agus an fhoireann is gá chun an córas áirithe sin a bhainistiú.

²² Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán XX/2018 [an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht], agus Cinneadh 2004/512/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle, COM(2018) 302 final.

²³ Is éard atá i **réiteach gníomhach-gníomhach** suiteáil ard-infhaighteachta teicneolaíochta lena gcumasaítear oibriú córas mór TF gan bhriseadh trí úsáid a bhaint as dhá láirionad sonraí ar a laghad a fhónann don fheidhmchlár tráth ar bith. Soláthraíonn an réiteach seo tuilleadh dearbhairte le haghaidh cothabháil córas le beagnach aon aga neamhfhóinimh le linn eachtraí agus cothabháil planáilte. Ina theannta sin, soláthraíonn an cothro mú lóid feidhmíocht níos fearr i gcás ard-úsáide. I gcásanna foircneacha ina bhfuil ceann de na suíomhanna (e.g. an t-ionad cúltaca in St Johann im Pongau) go hiomlán, mhaolódh sé an riosca dofhaghteachta iomláine i gcás ina mbeadh an t-aonad lármach as feidhm freisin. Gan réiteach gníomhach-gníomhach a chur chun feidhme, ní bheidh an Ghníomhaireacht in ann a áirithiú nach mbeidh aga neamhfhóinimh ann le linn teagmhas agus cothabháil bheartaithe.

Tosaíocht thábhachtach eile do eu-LISA is ea **idir-inoibritheacht** a bhaint amach idir na córais faisnéise CGB uile a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht, rud a chuirfidh ar chumas na gcóras sin sonraí a mhalartú agus faisnéis a chomhroinnt. In 2023, díreoidh eu-LISA ar chomhtháthú foriomlán na gcóras, go háirithe aistriú sonraí bithmhéadracha ó chórais éagsúla chuig an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (SBMS). Oibreoidh an Gníomhaireacht freisin chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirteanna idir-inoibritheachta réidh le dul faoi aistriú rathúil chuig oibríocht idir 2023-2024. Ar deireadh, chun leanúint de sheirbhísí agus córais bhithmhéadracha a fhorbairt, tá sé beartaithe ag eu-LISA a infheistiúcháin i dtionscadail taighde ábhartha a mhéadú go suntasach agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar leibhéal na tacaíochta ardcháilíochta dá gheallsealbhoirí.

➤ TOSAÍOCHT 3

TACAÍOCHT AGUS SAINEOLAS A CHUR AR FÁIL DON CHOIMISIÚN AGUS DO NA BALLSTÁIT

Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag cur a sainordú leathnaithe chun feidhme i réimse an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta trí dhíriú ar fhaireachán a dhéanamh ar thaighde ábhartha, treoirtionscadail agus cruthúnais choincheapa a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí tástála a dhéanamh, chomh maith le saintacaíocht tionscadalbhunaithe a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit. Cé is moite de ghníomhaíochtaí faireacháin taighde agus nuálaíochta lena ndírítear ar phróisis inmheánacha eu-LISA, beidh rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin ag brath ar iarrataí sonracha ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit. Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA de bheith ag comhordú chur chun feidhme an Treochláir maidir le Caighdeánú chun Críocha Cáilíochta Sonraí²⁴. Sa chomhthéacs sin, ar cheann de na príomhthionscnaimh tá **saotharlann tástála a bhunú le haghaidh trealamh teicniúil agus réitigh** a úsáideann eu-LISA do chórais CGB an Aontais a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu. Bunóidh an Gníomhaireacht an saotharlann tástála i ndlúthchomhar le Frontex agus le geallsealbhoirí ábhartha eile.

Díreoidh an Gníomhaireacht freisin ar fhorbairt leanúnach na gcumas inmheánach i réimse na **hintleachta saorga** chun Ionad Bairr Feabhais an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga a bhunú agus a stiúradh i réimse na slándála inmheánaí, na himirce agus an cheartais, agus leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit cumais intleachta saorga a fhorbairt faoi chuimsiú Mheitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga.

Ina theannta sin, tá eu-LISA tiomanta páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail **Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach** agus rannchuidiú leo – go háirithe maidir leis na hábhair thuasluaite – chun a áirithiú go n-aibéoidh an Mol mar phointe tagartha lárnach do thionscnaimh nuálaíochta Eorpacha i réimse CGB, i.e. i measc ghníomhaireachtaí CGB, institiúidí an Aontais, na mBallstát, na tionsclaíochta, na hacadúlachta agus na sochaí sibhialta.

Ar deireadh, sa bheis ar bhainistiú oibríochtúil na gcóras nua a chuirtear de chúram ar eu-LISA, áirítear i sainordú na Gníomhaireachta freisin oiliúint d'úsáideoirí deiridh do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí eile.

➤ TOSAÍOCHT 4

DLÚS A CHUR LE RANNCHUIDIÚ NA GNÍOMHAIREACHTA I RÉIMSE CEARTAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Tar éis di glacadh le bainistiú oibríochtúil ECRIS-TCN, leanfaidh an Gníomhaireacht de phunann na seirbhísí digiteacha a sholáthraítear do réimse ceartais an Aontais a leathnú, i gcomhréir le pleananna an Aontais maidir leis an gceartas a dhigitiú²⁵. Amhail ón 1 Iúil 2023, beidh eu-LISA freagrach go príomha as tacaíocht agus teacht chun cinn **e-CODEX** (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne), an córas ríomhairithe le haghaidh malartú leictreonach sonraí i gcomhar breithiúnach trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla. Beidh eu-LISA freagrach go hiomlán as an gcóras tar éis dó an tathcheangal a chur i gcrích faoi dheireadh 2023.

I mí na Nollag 2021, mhol an Coimisiún go ndéanadh²⁶ eu-LISA maoirseacht ar dhearadh, forbairt agus cothabháil **ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna)**. Leis an amlíne atá

²⁴ Nóta ó Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh chuig an Meitheal um Malartú Faisnéise CGB (IXIM)/an Coiste Measctha: Treochlár maidir le caighdeánú chun críocha cáilíochta sonraí, 11824/2/20, 11 Samhain 2020.

²⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Digitiú an Cheartais san Aontas Eorpach: Bosca Uirlisí de Dheiseanna, COM(2020) 710 final.

²⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, COM(2021) 756 final.

beartaithe, déantar forbairt an ardáin do 2024-2025, agus ba cheart go mbeadh sé oibríochtúil in 2026. Agus freagracht á glacadh aige as forbairt agus bainistiú oibríochtúil na gcóras digiteach i réimse an cheartais, amhail ardán comhair JIT, méadóidh eu-LISA a rannpháirtíocht fhoriomlán agus bunóidh sé comhpháirtíochtaí níos dlúithe le pobal ceartais an Aontais.

➤ TOSAÍOCHT 5

DUL CHUN CINN A DHÉANAMH LEIS AN DARA SÍNEADH AR LÁITHREÁN OIBRÍOCHTÚIL EU-LISA IN STRASBOURG

Chun a áirithiú go mbeidh eu-LISA in ann córais mhórscaála TF atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a óstáil, tá tús rathúil curtha ag an nGníomhaireacht le tógáil an **dara síneadh dá háitribh oibríochtúla in Strasbourg** na Fraince.

In 2023, tar éis an tairiscint seirbhísí deartha a thabhairt chun críche, seolfaidh eu-LISA an staidéar ar dhearadh teicniúil chun cáilíocht an tionscadail deiridh, coincheap an tionscadail, bainistiú costais agus comhlíonadh amach anseo leis an leibhéal feidhmíochta is gá a áirithiú. Is é an toradh a bheidh ar an bpróiseas an gnólacht ailtireachta a roghnú chun céim deartha an tionscadail a chur i bhfeidhm. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas agus i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht, cuirfidh an dearthóir an dearadh mionsonraithe agus na pleananna forghníomhaithe ar fáil faoin dara leath de 2024. Foráiltear sa phlean tionscadail go gcríochnófar an dara síneadh den fhoirgneamh faoin gcéad leath de 2028. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht formheas an údarais bhuiséadaigh a iarraidh sula dtionscnóidh sí aon chonarthaí a bhaineann le hoibreacha. ag an am céanna, leanann an Gníomhaireacht den údarás buiséadach a choinneáil cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn a rinneadh leis an tionscadal.

➤ TOSAÍOCHT 6

ULLMHÚ DO MHEASTÓIREACHT RIALTA NA GNÍOMHAIREACHTA I GCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 39 DE RIALACHÁN LENA MBUNAÍTEAR EU-LISA

Faoi Airteagal 39 de Rialachán lena mbunaítear eu-LISA, ní mór **meastóireacht sheachtrach rialta** a dhéanamh ar an nGníomhaireacht faoin 12 Nollaig 2023. Díreofar sa mheastóireacht sin ar chuspóirí, ar shainordú, ar shuíomhanna agus ar chúraimí eu-LISA chun moltaí a shainaithint maidir le haon leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán lena mbunaítear an Rialachán.

Le linn an phróisis sin, cuirfidh an Gníomhaireacht ionchur ar fáil don mheastóireacht sheachtrach mar a iarradh (lena n-áirítear cleachtadh tagarmharcála in 2022 le haghaidh ionchur breise). Ní mór don mheastóir seachtrach an tuarascáil mheastóireachta deiridh a chur ar fáil faoi dheireadh 2023. Tar éis na meastóireachta, agus na moltaí ón mBord Bainistíochta á gcur san áireamh, cuirfidh an Gníomhaireacht plean gníomhaíochta ar fáil lena dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a sainaitníodh, agus tacóidh sí leis an gCoimisiún más gá sainordú eu-LISA a leathnú tuilleadh de bharr na moltaí sin.

II. CLÁRSCEIDEALÚ ILBHLIANTÚIL

2023-2025

Clársceidealú Ilbhliantúil le haghaidh 2023-2025

1. Clár Oibre Ilbhliantúil

Le linn na ndeich mbliana a d'imigh thart, tá eu-LISA, ar ghníomhaireacht bheag theicniúil a bhí inti ag an tús, anois ina rannchuiditheoir iontaofa dílis le beartais digitithe an Aontais i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile (CGB). Téann an Ghníomhaireacht i mbun comhar réamhghníomhach agus malartú faisnéise idir na geallsealbhóirí ábhartha ar leibhéal an Aontais, seasann sí le cearta bunúsacha shaoránaigh na hEorpa, agus cloíonn sí leis na caighdeáin is airde cosanta sonraí agus slándála faisnéise.

Faoi chuimsiú ²⁷ **Straitéis don Aontas Slándála le haghaidh 2020-2025** de chuid an Aontais agus an ²⁸ **Chomhaontaithe Nua maidir le Tearmann agus Imirce**, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith dírithe ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla lena dtugtar aghaidh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú, le gluaiseacht shábháilte daoine laistigh de Limistéar Schengen a áirithiú agus le tacú a chur ar fáil do bhainistiú éifeachtach imirce. Agus é ag leanúint na gcuspóirí sin, tá eu-LISA tiomanta dá sheachadadh seirbhíse a fheabhsú, a neartú agus a chuíchóiriú, i gcomhréir leis na bealaí a leagtar amach sna tosaíochtaí polaitiúla agus sna beartais ábhartha i réimse CGB.

Sa roinn seo a leanas, tugtar forléargas ginearálta ar threo straitéiseach eu-LISA agus ar chuspóirí sainithe ilbhliantúla chun a shainordú agus a straitéis fhadtéarmach do 2021-2027 a chur i gcrích, ag díriú ar an gcaoi a bhféachann an Ghníomhaireacht leis na tosaíochtaí sin a bhaint amach sna blianta atá le teacht.

1.1. Straitéis fhadtéarmach

Mar chuid de **straitéis fhadtéarmach don tréimhse 2021-2027** de chuid na Gníomhaireachta, ar ghlac an Bord

SPRIOC STRAITÉISEACH 1

Leanúint de bheith ag fás mar rannchuiditheoir agus mar chomhpháirtí cur chun feidhme do na beartais ábhartha i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.

SPRIOC STRAITÉISEACH 2

Ról na Gníomhaireachta mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa do na hInstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit a chothabháil agus a leathnú chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile an Aontais.

SPRIOC STRAITÉISEACH 3

Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a chur chun cinn i réimse Cheartais agus Gnóthaí Baile an Aontais.

SPRIOC STRAITÉISEACH 4

Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA i dtreo eagraíocht níos éifeachtaí, níos sofheagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais

²⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Aontas Slándála an Aontais Eorpaigh, COM(2020) 605 final.

²⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Nua maidir le hImirce agus le Tearmainn, COM(2020) 609 final.

Bainistíochta i Samhain 2021 ²⁹, léirítear sainordú agus tosaíochtaí eu-LISA, arna sainiú in idirphlé lena gheallsealbhóirí, agus na hathruithe agus na dúshláin a bhaineann le timpeallacht oibríochtúil agus riachtanais forbartha eagraíochtúla na Gníomhaireachta á gcur san áireamh ag an am céanna.

Comhlíonann na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach thíos agus féachtar leo príomhmhisean eu-LISA a neartú maidir le barr feabhais a bhaint amach i réitigh theicneolaíochta agus i ndigitiú seirbhísí poiblí chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarachtaí an Eoraip a choinneáil oscailte agus slán.

Chuige sin, rinne an Gníomhaireacht a gníomhaíochtaí fadtéarmacha agus bliantúla a ailíniú leis na ceithre sprioc straitéiseacha atá faoi réir faireachán agus measúnuithe rialta agus déanfar iad a oiriúnú idir 2021 agus 2027 chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta agus a geallsealbhóirí.

Tá an t-athbhreithniú meántearma ar straitéis fhadtéarmach eu-LISA sceidealaithe don bhliain 2024 ag an nGníomhaireacht.

1.2. Cuspóirí, gníomhaíochtaí, tionscadail/cúraimí agus acmhainní don tréimhse 2023-2025³⁰

Sa roinn seo a leanas, tugtar forléargas ar an bpleanáil tháscach maidir le hobair eu-LISA do 2023-2025, ag cur leis na forbairtí a rinneadh sna blianta roimhe sin. Sa chlár oibre ilbhliantúil, bunaithe ar spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha, liostaítear gníomhaíochtaí sonracha agus na spriocanna insoláthartha a bhfuiltear ag súil leo mar aon leis na hacmhainní comhiomlánaithe is gá chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Gníomhaireachta. Léiríonn an clár atá beartaithe na príomhghnéithe agus na tionscnaimh shainithe do gach cuspóir straitéiseach ardleibhéil a threoraíonn cur chun feidhme na físe a leagtar amach sa straitéis fadtéarmach.

1.2.1. SPRIOC STRAITÉISEACH 1: Leanúint ar aghaidh ag fás mar rannpháirtí agus comhpháirtí forfheidhmithe do na beartais ábhartha i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.

Tá an Gníomhaireacht tiomanta dá barr feabhais oibríochtúil a choinneáil trí oibriú ar ardchaighdeán slándála, cobhsaí agus leanúnach chórais faisnéise CGB AE a áirithiú agus ag an am céanna a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ag forbairt agus ag soláthar seirbhísí gaolmhara i gcomhréir leis na cleachtais is fearr agus le caighdeán an tionscail. ag an am céanna, leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ina comhpháirtí solúbtha do na Ballstáit, d'institiúidí an Aontais agus do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le teicneolaíocht agus saineolas ardluacha a sholáthar chun tacú lena gcinnteoireacht agus lena gcur chun feidhme beartais.

Príomhghníomhaíochtaí:

- bainistiú a dhéanamh ar gach córas faisnéise agus seirbhís CGB a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, e.g. ag glacadh le bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX, Athmhúnlú VIS agus Eurodac a chur chun feidhme, cur chun feidhme na hailtireachta idir-inoibritheachta a thabhairt chun críche, chomh maith le tús a chur le cur chun feidhme an réitigh gníomhach-gníomhach,
- réitigh nuálacha a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme, seirbhísí a fhorbairt ar bhealach caighdeánaithe agus i gcomhréir le ceanglais rialála agus riachtanais na ngeallsealbhóirí, e.g. a áirithiú go dtiocfaidh socrú conarthach nua i bhfeidhm do na córais uile,
- leibhéal iomchuí slándála, athléimneachta agus infhaighteachta do gach córas CGB a fheabhsú agus a áirithiú, e.g. Foireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT) a bhunú,
- oiliúint iomchuí a chur ar fáil do na geallsealbhóirí ábhartha uile bunaithe ar a riachtanais shainitheanta, e.g. punann oiliúna a chur ar bun do na córais agus do na comhpháirteanna nua.

²⁹ Straitéis eu-LISA 2021-2027, eu-LISA, Samhain 2021,

<https://www.eulisa.europa.eu/Publications/Corporate/eu-LISA%20Strategy%202021-2027.pdf>

³⁰ Cuirtear speansais faoi Theideal 3 i láthair sna meastacháin bhuiséid. Is táscach na meastacháin acmhainní do 2023 agus do 2024 agus beidh siad faoi réir athruithe sna SPDanna seo a leanas nuair a bhíonn tuilleadh faisnéise ar fáil.

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNEanna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
RÉITIGH AGUS SEIRBHÍSÍ ATÁ AR ARDCHAIGHDEÁN SLÁNDÁLA, ATÁ ÉIFEACHTACH Ó THAOBH COSTAIS DE AGUS ATÁ AR FÁIL GO LEANÚNACH A CHINNTIÚ DO PHÁIRTITHE LEASMHARA EU-LISA LAISTIGH DÁ SHAINORDAITHE.									
Clár: Córais nua				1.27	23.75	30.75	0.90	10.85	14.70
EES				1.27	8.34	12.84	0.90	8.40	10.35
	Croíchothabháil EES	11/2023	12/2023						
	Cothabháil seirbhísí gréasáin	11/2023	12/2023						
	Athnuachan ar bhonneagar EES	02/2024	05/2026						
ETIAS				-	15.41	17.91	-	2.45	4.35
	ETIAS fuireachas te gníomhach-ghníomhach	01/2024	12/2025						
	Cothabháil ETIAS	05/2024 nua	12/2024						
	Athnuachan ar bhonneagar ETIAS	02/2025	12/2026						
Clár: Córais cheartais				2.52	2.93	3.42	4.05	4.05	4.05
e-CODEX				0.89 ³¹	1.29	1.29	2.10	2.10	2.10
	Córas e-CODEX a aistriú agus a chothabháil ina dhiaidh sin	01/2023	12/2023						
ECRIS-TCN/ECRIS RI				1.63	1.63	2.13	1.95	1.95	1.95
	Cothabháil ECRIS RI	01/2023	12/2023						
	Cothabháil ECRIS-TCN	12/2023	12/2023						
Clár: Idir-inoibritheacht				13.38	38.68	18.62	3.20	11.90	6.75
sBMS				13.38	35.01	13.95	3.20	7.15	6.75
	Cothabháil sBMS	12/2023	12/2024						
	acmhainneacht fhorchéimnitheach sBMS a uas-scálú agus tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh	08/2024	12/2025						
CIR				-	2.56	3.28	-	2.45	-
	Cothabháil CIR agus MID	01/2024	12/2024						
ESP				-	0.52	0.80	-	0.95	-
	Cothabháil ESP	01/2024	12/2024						
CRRS				-	0.59	0.59	-	1.35	-
	Cothabháil CRRS	01/2024	12/2024						
Clár: Bainistiú oibríochtúil na gcóras atá i mbun a dtáirgthe				34.81	57.33	39.13	79.40	81.30	81.00
SIS				14.00	30.13	12.15	10.70	13.60	13.30
	Cothabháil AFIS SIS	01/2023	12/2023						
	Cothabháil SIS	01/2023	12/2023						
	Tacaíocht SIS do na Ballstáit	01/2023	12/2023						
	Aistriú AFIS SIS chuig SBMS	01/2022	09/2025						
	Forbairt gníomhach-gníomhach SIS	03/2024	12/2026						
VIS				13.00	22.25	22.55	6.00	5.70	5.70
	Cothabháil VIS	01/2023	12/2023						
	Cothabháil VIS Athmhúnlaithe	04/2024	12/2024						
An Córas Eorpach méarlorgaireachta (Eurodac)				5.75	4.30	4.00	3.80	3.90	3.90
	Eurodac – Cothabháil DubliNet	01/2023	12/2023						

³¹ Sa phlean foirne a dhíorthaítear ón togra ón gCoimisiún le haghaidh e-CODEX, beartaítear 2 phost CA (baill foirne ar conradh) i Ráithe 4 2022 agus 3 phost TA (baill foirne shealadacha) in 2023. Úsáidfeadh cuid de na hacmhainní sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí a liostaítear anseo faoin gClár Idir-inoibritheachta.

					Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNenna (FTEanna)		
Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh		2023	2024	2025	2023	2024	2025
Tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil agus uirlisí seirbhíse oibríochtúla					2.06	0.65	0.43	58.90	58.10	58.10
	Tacaíocht chéadleibhéil 24/7 do bhainistiú oibríochtúil na gcóras – Deasc Seirbhíse eu-LISA	01/2023	12/2023							
	Tacaíocht feidhmchláir 24/7 den dara leibhéal le haghaidh bainistiú oibríucháin na lárchóras gnó	01/2023	12/2023							
	Cur chun feidhme athsholáthar EOPM	01/2023	01/2024							
	Bainistiú imeachtaí – an croíchóras bainistithe imeachtaí a cheannach, a chur chun feidhme agus a chothabháil	10/2022	12/2023							
	Aistriú SM9 i dtreo SMAX – cruthúnas coincheapa	01/2023	06/2023							
	Aistriú SM9 i dtreo SMAX – cur chun feidhme	07/2023	12/2023							
	Tacaíocht don díoltóir le haghaidh cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach agus éabhlóideach	01/2023	12/2023							
Clár: Bonneagar					41.63	84.77	92.79	27.00	32.25	30.55
Líonra					15.97	14.21	17.21	7.20	10.05	8.35
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar an mbonneagar láraithe lena ndéantar VISMail agus SIRENemail a óstáil	01/2023	12/2023							
	Pleanáil acmhainneachta líonra agus feabhsuithe oibríochtúla	01/2023	09/2024							
	Bainistíocht oibríochtúil an bhonneagair chumarsáide	01/2023	12/2025							
	Aistriú go dtí an Gréasáin TESTA nua	01/2024	12/2025							
Ionad Sonraí					2.02	2.02	2.02	4.25	4.25	4.25
	Costais oibríucháin agus reatha an Láraonaid Cúltaca	01/2023	12/2023							
	Gníomhaíochtaí oibríochtúla agus teacht chun cinn agus feabhsuithe an Láraonaid agus an Láraonaid Cúltaca	01/2023	12/2023							
	Bonneagar fisiciúil líonra a chomhdhlúthú	01/2023	12/2023							
Bonneagar Comhroinnte					23.64	68.54	73.56	15.55	17.95	17.95
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar chomhpháirteanna bonneagair láraithe CSI ina bhfuil CBS á n-óstáil	01/2023	12/2023							
	Cothabháil agus monatóireacht cheartaitheach ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear e-CODEX	01/2023	12/2023							
	Cothabháil agus monatóireacht cheartaitheach ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear ECRIS	01/2023	12/2023							
	Cothabháil agus monatóireacht cheartaitheach ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear EES	11/2023	12/2023							
	Cothabháil agus monatóireacht cheartaitheach ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear ETIAS	01/2024	12/2024							
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear Eurodac	11/2023	12/2023							

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNEanna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar an mbonneagar láraithe a óstálann idir-inoibritheacht CBS	01/2024	12/2024						
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar an mbonneagar láraithe ar a n-óstáiltear sBMS	11/2023	12/2023						
	Cothabháil cheartaitheach agus faireachán ar bhonneagar láraithe ar a n-óstáiltear VIS	01/2023	12/2023						
	Teacht chun cinn, athnuachan agus cothabháil oiriúnaitheach an bhonneagair láraithe a dhéanann a óstálann CBS	01/2023	12/2023						
	Bainistiú oibríochtúil bonneagair an chórais bhainistíochta chumraíochta	01/2023	12/2023						
	Bainistiú oibríochtaí bonneagair ar an rochtain ar ardáin oibríochtúla (seirbhísí EUWS)	01/2023	12/2023						
	Athnuachan cothabhála do cheadúnais Oracle CBS	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				2.50	0.50	0.50	19.00	15.25	15.25
Tacaíocht agus comhairleachtaí oibríochtúla seachtracha				2.00	-	-	3.85	-	-
	Aistriú seirbhísí eisfhoinisithe innealtóireachta agus oibríochtúla faoi Chreataí Innealtóireachta Trasnaí agus Oibríochtúla	09/2022	12/2026						
Bainistíocht scaoilte, bainistiú saolré an fheidhmchláir, tástáil agus aistriú				0.50	0.50	0.50	15.15	15.25	15.25
	Seirbhísí bainistithe feidhmchláir	01/2023	12/2023						
	Bainistiú athraithe oibríochtúil	01/2023	12/2023						
	Bainistiú scaoilte agus imscartha agus aistriú chuig oibríochtaí	01/2023	12/2023						
	Tacaíocht d'ardán bainistíochta saolré iarratais agus d'uirlisí gaolmhara (píblínte, uirlisí tástála a thógáil)	01/2023	12/2023						
	Bainistiú tástála	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht chorparáideach				-	-	-	-	-	-
Seirbhísí tacaíochta corparáidí (lena n-áirítear bainistiú saoráidí agus seirbhísí TFC)				-	-	-	-	-	-
	Ionad sonraí Strasbourg – méadú ar an acmhainn chumhachta agus fuaraithe	01/2022	02/2025						
BREISLUACH NA GCÓRAS, NA SONRAÍ, NA TEICNEOLAÍOCHTA AGUS AN TSAINEOLAIS A CHUIREANN EU-LISA AR FÁIL DÁ GHEALLSEALBHÓIRÍ A FHEABHSÚ TUILLEADH									
Clár: Córais nua				31.06	1.50	-	14.85	1.90	0.50
EES				21.00	-	-	5.75	-	-
	Coigeartuithe EES le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta	03/2022	12/2023						
	Glacadh Deiridh leis an gCóras maidir le croichóras cur chun feidhme EES (FSA)	01/2019	10/2023						
	Bailchríoch a chur ar sheirbhísí gréasáin a chur chun feidhme	06/2020	10/2023						
ETIAS				10.06	1.50	-	9.10	1.90	0.50
	ETIAS – Faire ar an teicneolaíocht is nuaí	11/2023	12/2026						
	ETIAS a nascadh le VIS athbheithnithe	05/2024 nua	03/2025						

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliún euro)			Baill foirne agus SNEanna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
	Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme ETIAS	09/2020	11/2023 ³²						
	Uirlis bhainistíochta naisc MID ETIAS	05/2024 nua	12/2024						
Clár: Córais cheartais				-	-	-	-	-	-
ECRIS-TCN/ECRIS RI				-	-	-	-	-	-
	Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme ECRIS-TCN	01/2018	11/2023						
Clár: Idir-inoibritheacht				6.54	6.08	0.24	16.90	9.40	1.20
sBMS				2.14	6.08	0.24	9.60	9.40	1.20
	Bithmhéadracht mar sheirbhís (Baas)	01/2023	12/2023						
	Forbairt ECRIS-TCN in sBMS (méarloirg)	01/2023	07/2024						
	Staidéar aitheantais aghaidhe ECRIS-TCN	01/2024	06/2024						
	Cur chun feidhme BMS/sBMS EES	01/2019	12/2023 ³³						
	Comhtháthú feidhmiúil Eurodac sBMS agus ascnamh sonraí (méarloirg)	01/2023	09/2025						
	Feidhmiúlachtaí bithmhéadracha VIS Athmhúnlaithe a chur i bhfeidhm in sBMS	05/2021	06/2025						
	Tionchar MID ar sBMS	07/2023	08/2024						
	SIS – comhtháthú feidhmiúil sBMS agus aistriú sonraí bithmhéadracha le haghaidh Idir-inoibritheachta	02/2022	06/2024						
CIR				4.40	-	-	7.30	-	-
	Cur chun feidhme idir-inoibritheachta (lena dtacaítear le gníomhaíochtaí críochnaitheacha maidir le glacadh deiridh leis an gcóras ESP, CIR, MID agus CRRS)	01/2023	11/2023						
Clár: Bainistiú oibríochtúil na gcóras atá i mbun a dtáirgthe				32.26	29.34	-	21.65	15.85	-
SIS				3.33	-	-	6.00	-	-
	Modúl idirnasctha cineálach Core SIS (comhéadan chun naisc SIS le córais eile a cheadú agus chun idirnasctha ETIAS a chur chun feidhme)	01/2022	05/2023						
	Idirnasctha SIS Láir leis na comhchodanna idir-inoibritheachta uile (seachas sBMS)	01/2022	12/2023						
	Acmhainn leathnaithe SIS	01/2023	12/2023						
	Foláireamh faisnéise nua maidir le SIS a chur chun feidhme	06/2023	09/2024						
	Inneall cuardaigh nua agus uasghrádú Oracle do SIS	06/2018	10/2023						
VIS				28.93	29.34	-	10.00-10.30	8.95	-
	An Chróit a chomhtháthú in VIS le rochtain iomlán	10/2022	12/2023						
	Comhtháthú VIS le comhpháirteanna idir-inoibritheachta	11/2021	03/2024						

³² Lena n-áirítear an tréimhse sé mhí tar éis a theacht i bhfeidhm (i.e. tar éis Glacadh Deiridh leis an gCóras ag na Ballstáit), i.e. tiocfaidh an córas i bhfeidhm sé mhí roimhe sin.

³³ Lena n-áirítear an tréimhse sé mhí tar éis a theacht i bhfeidhm (i.e. tar éis Glacadh Deiridh leis an gCóras ag na Ballstáit), i.e. tiocfaidh an córas i bhfeidhm sé mhí roimhe sin.

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliún euro)			Baill foirne agus SNEanna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
	Faireachán Cliste VIS – Measúnú Tionchair	03/2025	07/2025						
	Forbairt VIS Athmhúnlaithe (lena n- áirítear socrú gníomhach-gníomhach)	05/2021	04/2025						
Eurodac				-	-	-	5.35	6.90	-
	Eurodac Athmhúnlaithe a chur chun feidhme (lena n-áirítear comhtháthú le comhchodanna idir-inoibritheachta)	01/2023	05/2025						
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				1.80	2.53	2.58	5.50	4.50	4.50
Forbairt cumais (lena n-áirítear taighde, tuairisciú, agus oiliúint a chur ar fáil do na Ballstáit)				1.80	2.53	2.58	5.50	4.50	4.50
	Oiliúint do na Ballstáit	01/2023	12/2023						
CUMAIS SLÁNDÁLA FAISNÉISE A BHAINNEAN LEIS NA CÓRAIS A CHUIRTEAR DE CHÚRAM AR AN nGNÍOMHAIREACHT A NEARTÚ									
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				2.55	2.35	2.35	10.00	8.40	8.40
Slándáil agus leanúnachas gnó				2.55	2.35	2.35	10.00	8.40	8.40
	Comhchleachtadh athshlánaithe ó thubaistí le haghaidh VIS agus EES	09/2022	04/2024						
	Seirbhísí slándála faisnéise, dearbhú agus oibríochtaí cibearshlándála do na croíchórais ghnó	01/2023	12/2023						
	Seirbhísí slándála TF bainistithe	01/2023	12/2023						
	Leanúnachas gnó oibríochtúil	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht chorpáraideach				-	-	-	9.50	9.50	9.50
Slándáil chorpáraideach agus leanúnachas gnó				-	-	-	9.50	9.50	9.50
	Bainistiú leanúnachais gnó	01/2023	12/2023						
	Moltaí slándála agus leanúnachais gnó a chur chun feidhme	01/2023	12/2023						
	Slándáil chosantach	01/2023	12/2023						
	Beartas slándála agus bainistiú leanúnachais	01/2023	12/2023						
A BHEITH INA SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSE ARDLUACHA COMHROINNTE INA RÉIMSÍ BAIRR FEABHAIS									
Clár: Bainistiú oibríochtúil na gcóras atá i mbun a dtáirgthe				-	-	-	1.60	1.60	1.60
Tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil agus uirlisí seirbhíse oibríochtúla				-	-	-	1.60	1.60	1.60
	Gnó mar is gnách	01/2023	12/2023						
Iomlán sprioc straitéiseach 1				170.32	249.76	190.38	213.55	206.75	178.00

1.2.2. SPRIOC STRAITÉISEACH 2: Ról na Gníomhaireachta a chothabháil agus a leathnú mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa do na hInstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit chun an claochlú digiteach a bhrú chun cinn i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.

Déanfaidh an Gníomhaireacht a saineolas agus a cumais theicniúla a neartú agus a leathnú tuilleadh agus ag an am céanna leanfaidh sí de bheith ag cur lena cuid eolais agus lena ról maidir le réitigh TF úrscothacha a chur ar fáil, chomh maith le sainchomhairle a chur ar fáil chun tacú le cinnteoireacht agus le cur chun feidhme beartas i réimse CGB.

Príomhghníomhaíochtaí:

- iarracht leanúnach a dhéanamh chun barr feabhais a bhaint amach i ndearadh, i bhforbairt agus i mbainistiú oibríochtúil na gcóras mórsála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA, e.g. a bhfuil an cleachtadh tagarmharcála á dhéanamh air in 2022, agus an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme bunaithe ar an meastóireacht rialta in 2023,

- tacaíocht réamhghníomhach a thabhairt d'íarrachtaí oiliúna agus forbartha cumais na mBallstát,
- saineolas na Gníomhaireachta maidir le comhairle a chur ar na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chur chun cinn, e.g. an tArdán um Chomhroinnt Eolais a chur ar fáil d'fhoireann na Gníomhaireachta agus do na Ballstáit.

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliún euro)			Baill foirne agus SNEanna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
FÁS TUILLEADH MAR ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA INNIÚIL I GCUR CHUN FEIDHME AGUS I BHFEIDHMIÚ NA GCÓRAS TF I LIMISTÉAR NA SAOIRSE, NA SLÁNDÁLA AGUS AN CHEARTAIS SAN AE									
Clár: Idir-inoibritheacht				-	-	-	0.75	0.75	0.75
sBMS				-	-	-	0.75	0.75	0.75
Meithleacha Bithmhéadracha rialta		01/2023	12/2023						
CUR A THUILLADH LE PRÓIFÍL NA GNÍOMHAIREACHTA MAR CHOMHAIRLEOIR IONTAOFA DO NA BALLSTÁIT AGUS D'INSTITIÚIDÍ AE									
Clár: Bainistiú oibríochtúil na gcóras atá i mbun a dtáirgthe				0.10	0.10	0.10	0.50	0.50	0.50
Tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil agus uirlisí seirbhíse oibríochtúla				0.10	0.10	0.10	0.50	0.50	0.50
Tuairiscíú oibríochtúil – oiliúint d'úsáideoirí deiridh		01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				0.06	0.06	0.06	0.10	0.10	0.10
Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe, misin agus meastóireachtaí Schengen				0.06	0.06	0.06	0.10	0.10	0.10
Rannchuidiú le sásra meastóireachta Schengen		01/2023	12/2023						
Iomlán sprioc straitéiseach 2				0.16	0.16	0.16	1.35	1.35	1.35

1.2.3. SPRIOC STRAITÉISEACH 3: Nuálaíocht agus claochlú digiteach a chumasú agus a spreagadh i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí claochlú digiteach breise a éascú i réimse CGB an Aontais trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanamh chun réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint chun próisis ghnó a uasghrádú, cáilíocht sonraí a fheabhsú trí chaighdeánú teicneolaíoch, agus cumais bhuana a fhorbairt chun seirbhísí ar éileamh a sholáthar dá príomh-geallsealbhóirí, e.g. tástáil, treoirthionscadail agus cruthúnais choincheapa.

Príomhghníomhaíochtaí:

- faireachán agus anailís a dhéanamh ar an bhforbairt theicneolaíoch agus ar an nuálaíocht chun na cumais atá ann cheana a fheabhsú agus a leathnú, treoirthionscadail a éascú, agus réitigh TF nua a ghlacadh, agus ag an am céanna comhairle theicniúil iontaofa a chur ar fáil do lucht déanta beartas i réimsí saineolais eu-LISA, e.g. trí Ionad Bairr Feabhais ar an Intleacht Shaorga a bhunú sa réimse CGB agus an nuálaíocht a éascú tríd an tsaotharlann tástála intleachta saorga,
- caighdeánú teicneolaíoch a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh, e.g. an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme bunaithe ar an Treochlár um Chaighdeánú chun críocha Cáilíochta Sonraí,
- oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus leis an earnáil tionsclaíochta chun deiseanna teicneolaíocha agus tairbhí a bhaineann le réitigh intleachta saorga a shainaithint agus a fhiosrú chun éifeachtúlacht oibríochtúil ó thaobh costas de agus barainneachtaí scála a uasmhéadú tuilleadh ar fud na gcóras uile, e.g. an Cruinniú Comhchéime Tionscail a óstáil go leathbhliantúil.

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNInna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
RÉITIGH NUÁLACHA TF A SHAINAITHINT CHUN PRÓISIS GHNÓ A FHEABHSÚ									
Clár: Idir-inoibritheacht				-	0.50	5.00	0.50	-	-

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliún euro)			Baill foirne agus SNInna (FTEEnna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
sBMS				-	0.50	5.00	0.50	-	-
	Forbairt punainne bithmhéadraí agus feabhsuithe	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				0.50	-	-	4.65	4.95	4.95
Forbairt cumais (lena n-áirítear taighde, tuairisciú, agus oiliúint a chur ar fáil do na Ballstáit)				0.50	-	-	4.65	4.95	4.95
	Cumas intleachta saorga a fhorbairt, lena n-áirítear Ionad Bairr Feabhais a bhunú	01/2023	12/2023						
	Comhtháthú torthaí taighde le saolréanna feidhmchláir	01/2023	12/2023						
	Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta	01/2023	12/2023						
	Tacú le cur chun feidhme codanna de Chreatchlár an AE um Thaighde agus Nuálaíocht	01/2023	12/2023						
A BHEITH I DO CHOMHAIRLEOIR IONTAOFÁ AGUS MAR CHUMASÓIR LE HAGHAIDH CLAOCHLÚ DIGITEACH AGUS NUÁLAÍOCHT TF AR FUD AN RÉIMSE CGB									
Clár: Idir-inoibritheacht				-	-	-	0.20	0.20	0.20
sBMS				-	-	-	0.20	0.20	0.20
	Obair leantach agus rannchuidiú le hiarrachtaí na meithle ISO SC37	01/2023	12/2023						
Clár: Rialachas				-	-	-	4.00	4.00	4.00
Bainistiú geallsealbhóirí (lena n-áirítear cruinnithe an Bhoird Bainistíochta, bainistiú caidreamh gnó, gníomhaíochtaí na hOifige Idirchaidrimh agus cumarsáid)				-	-	-	4.00	4.00	4.00
	Bainistiú geallsealbhóirí agus comhordú beartais	01/2023	12/2023						
BREISLUACH NA HAILTIREACHTA IDIR-INOIBRITHEACHTA A MHÉADÚ GO LEANÚNACH									
Clár: Rialachas				-	-	-	0.65	0.75	0.65
Rialachas, pleanáil, caighdeán agus bainistiú seirbhísí TF (ITSM)				-	-	-	0.65	0.75	0.65
	Contanam ailtireachta fiontraíochta	01/2022	12/2024						
Iomlán sprioc straitéiseach 3				0.50	0.50	0.50	10.00	9.90	9.80

1.2.4. SPRIOC STRAITÉISEACH 4: Leanúint de bheith ag obair ar theacht chun cinn eagraíochtúil eu-LISA i dtreo eagraíocht níos éifeachtaí, níos sofheagrúla agus níos athléimní laistigh de chreat rialála an Aontais

Leanfaidh an Ghníomhaireacht dá tionscadal claochlaithe eagraíochtúil a chur chun feidhme chun bheith in ann freastal níos fearr ar riachtanais na ngeallsealbhóirí. Chuige sin, díreoidh eu-LISA ar a acmhainní a ailíniú go héifeachtúil, cumais nua a fhorbairt, a sheirbhísí agus a phróisis a uasghrádú, agus cinnteoireacht faoi choim sonraí a chothú. Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta a áirithiú go leanfaidh a próisis uile de bheith ag forbairt i gcomhréir leis an mbunús dlí agus le prionsabail na bainistíochta dea-fheidhmíochta.

Príomhghníomhaíochtaí:

- aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngeallsealbhóirí a fheabhsú trí acmhainní na Gníomhaireachta a mheasúnú agus a ailíniú, na cumais riachtanacha a fhorbairt, agus cinnteoireacht shonraibhunaithe a chothú, e.g. straitéis fhadtéarmach eu-LISA a athbhreithniú agus a nuashonrú, mar aon le cumas pleanála airgeadais corparáidí agus anailíse,
- fás gairmiúil a éascú agus forbairt tallainne leanúnach a áirithiú mar phríomhghné den chultúr eagraíochtúil, e.g. an straitéis acmhainní daonna a thabhairt chun críche, gníomhaíochtaí forbartha ceannaireachta a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí for-rochtana a mhéadú atá dírithe ar bhuanna éagsúla agus sonracha,

- próisis oibríochtúla agus chorpáraideacha na Gníomhaireachta a áirithiú agus a fheabhsú i gcomhréir leis na ceanglais rialála ábhartha agus le prionsabail na bainistíochta dea-fheidhmíochta, e.g. an Comhchreat Measúnaithe (CAF) a chur chun feidhme,
- dul chun cinn a dhéanamh leis an dara síneadh ar shuíomh oibríochtúil na Gníomhaireachta in Strasbourg, e.g. tús a chur leis an staidéar dearaidh.


				Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNInna (FTEanna)		
Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaíthe	Dáta deiridh	2023	2024	2025	2023	2024	2025
FREASTAL AR RIACHTANAIS GEALLSEALBHÓIRÍ TRÍ ACMHAINNÍ, SEIRBHÍSÍ CUMAIS AGUS PRÓISIS NA GNÍOMHAIREACHTA A AILÍNIÚ GO HÉIFEACHTACH									
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				2.36	2.36	2.36	3.90	3.90	3.90
Grúpaí Comhairleacha, cruinnithe, misin agus meastóireachtaí Schengen				1.68	1.68	1.68	2.40	2.40	2.40
	Tacaíocht riaracháin do Ghrúpaí Comhairleacha	01/2023	12/2023						
	Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus do mhisin eile	01/2023	12/2023						
Oiliúint oibríochtúil don fhoireann				0.68	0.68	0.68	1.50	1.50	1.50
	Oibríochtaí Forbartha Inniúlachta	01/2023	12/2023						
Clár: Rialachas				0.25	-	-	44.45	43.65	43.55
Comhlíonadh (lena n-áirítear cosaint sonraí, iniúchadh inmheánach agus cuntasaoíocht)				-	-	-	2.90	2.90	2.90
	Cosaint sonraí	01/2023	12/2023						
Rialachas, pleanáil, caighdeán agus bainistiú seirbhísí TF (ITSM)				0.25	-	-	4.90	4.15	4.05
	Feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar phróisis eu-LISA, agus aghaidh á tabhairt ar cheanglais nua maidir le córais CGB	07/2021	09/2023						
	Creat eu-LISA um Sheirbhís agus Próisis	01/2023	12/2023						
Bainistiú geallsealbhóirí (lena n-áirítear cruinnithe an Bhoird Bainistíochta, bainistiú caidreamh gnó, gníomhaíochtaí na hOifige Idirchaidrimh agus cumarsáid)				-	-	-	31.65	31.60	31.60
	Tacaíocht riaracháin don Bhord Bainistíochta	01/2023	12/2023						
	Caidreamh gnó, riachtanais, bainistiú éilimh agus athraithe	01/2023	12/2023						
	Tacaíocht chorparáideach riaracháin	01/2023	12/2023						
	Bainistiú caidrimh institiúidigh agus comhordú beartais	01/2023	12/2023						
An Oifig um Bainistiú Tionscadal Fiontair				-	-	-	5.00	5.00	5.00
	Breithmheas oifigiúil ar chleachtas bainistíochta tionscadail bunaithe ar shamhail CMMI	10/2022	12/2023						
	Cumas Bainistithe Cláir agus Tionscadail, straitéis foinsithe agus bainistiú riosca corparáideach	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht chorparáideach				-	-	-	19.00	19.00	19.00
Seirbhísí tacaíochta corparáidí (lena n-áirítear bainistiú saoráidí agus seirbhísí TFC)				-	-	-	19.00	19.00	19.00
	Tacaíocht Riaracháin d'Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin	01/2023	12/2023						
	Bainistíocht oibríochtúil gníomhaíochtaí corparáideacha	01/2023	12/2023						

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNInna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
	Seirbhísí cothrománacha tacaíochta corparáidí (misin, áiseanna, lóistíocht agus soláthairtí oifige)	01/2023	12/2023						
	Riarachán, cothabháil agus tacaíocht a thabhairt do bhonneagar agus d'fheidhmchláir chorparáideacha TFC	01/2023	12/2023						
	Néal-ascnamh agus bonneagar deisce fíorúla néalbhunaithe	09/2021	12/2026						
	Leabharlann Bonneagair Teicneolaíochta Faisnéise (ITIL)	09/2021	12/2025						
	Bainistiú ábhar fiontair	01/2023	12/2025						
FÁS MAR PHRÍOMHGHNÍOMHAIREACHT DE CHUID AN AONTAIS, DAOINE TRÉITHEACHA A MHEALLADH, DUL I DTEAGMHÁIL LEO AGUS A DTALLANNA A FHORBAIRT									
Clár: Tacaíocht chorparáideach				-	-	-	13.50	13.50	13.50
Seirbhísí tacaíochta corparáidí (lena n-áirítear bainistiú saoráidí agus seirbhísí TFC)				-	-	-	-	-	-
	Sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú	01/2023	12/2023						
	Bainistiú cliste spáis	01/2022	12/2024						
Bainistiú acmhainní daonna				-	-	-	13.50	13.50	13.50
	Riarachán acmhainní daonna agus pleanáil	01/2023	12/2023						
	Bainistiú tallainne	01/2023	12/2023						
	Aistriú chuig bainistiú acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí	01/2023	12/2023						
COMHLÍONADH CÓRASACH AGUS ÉIFEACHTACH CREAT RIALÁLA AN AE A ÁIRITHIÚ									
Clár: Tacaíocht dhíreach d'oibríochtaí				-	-	-	1.00	0.80	0.80
Forbairt cumais (lena n-áirítear taighde, tuairisciú, agus oiliúint a chur ar fáil do na Ballstáit)				-	-	-	1.00	0.80	0.80
	Tuascálacha agus staidreamh comhiomlánaithe maidir le córais faisnéise CGB a dhréachtú	01/2023	12/2023						
Clár: Rialachas				-	-	-	12.10	12.30	12.30
Comhlíonadh (lena n-áirítear cosaint sonraí, iniúchadh inmheánach agus cuntasaíocht)				-	-	-	4.10	4.30	4.30
	Cuntasaíocht	01/2023	12/2023						
	Cosaint sonraí	01/2023	12/2023						
	Meastóireacht ar an nGníomhaireacht (Airteagal 39 den Rialachán bunaidh)	01/2023	12/2023						
	Iniúcháireacht inmheánach	01/2023	12/2023						
Rialachas, pleanáil, caighdeán agus bainistiú seirbhísí TF (ITSM)				-	-	-	8.00	8.00	8.00
	Rialachas corparáideach, pleanáil, tuairisciú agus measúnuithe	01/2023	12/2023						
	Rialachas, pleanáil agus tuairisciú na roinne oibríochtaí	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht chorparáideach				-	-	-	33.35	32.90	33.05
Seirbhísí tacaíochta corparáidí (lena n-áirítear bainistiú saoráidí agus seirbhísí TFC)				-	-	-	1.00	1.00	1.00
	An dara síneadh ar áitribh oibríochtúla eu-LISA in Strasbourg	03/2019	08/2028						
Bainistiú buiséid, airgeadais agus soláthair				-	-	-	29.35	28.90	29.05

Gníomh aíocht	Tasc tionscadail/neamhthionscadail	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	Buiséad na gníomhaíochta (i milliúin euro)			Baill foirne agus SNInna (FTEanna)		
				2023	2024	2025	2023	2024	2025
	Bainistiú buiséid, sócmhainní agus airgeadais	01/2023	12/2023						
	Rialuithe airgeadais inmheánacha agus faireachán ar mholtaí iniúchóireachta	01/2023	12/2023						
	Bainistiú soláthair agus éadála	01/2023	12/2023						
Seirbhísí dlí				-	-	-	3.00	3.00	3.00
	Seirbhísí dlí	01/2023	12/2023						
MISEAN AGUS LUACHANNA NA GNÍOMHAIREACHTA A CHUR CHUN CINN GO HINMHEÁNACH AGUS GO SEACHTRACH									
Clár: Rialachas				-	-	-	4.00	4.00	4.00
Bainistiú geallsealbhóirí (lena n-áirítear cruinnithe an Bhoird Bainistíochta, bainistiú caidreamh gnó, gníomhaíochtaí na hOifige Idirchaidrimh agus cumarsáid)				-	-	-	4.00	4.00	4.00
	Cumarsáid sheachtrach	01/2023	12/2023						
	Cumarsáid inmheánach	01/2023	12/2023						
Clár: Tacaíocht chorporáideach				-	-	-	-	-	-
Seirbhísí tacaíochta corporáidí (lena n-áirítear bainistiú saoráidí agus seirbhísí TFC)				-	-	-	-	-	-
	Bainistiú seirbhísí comhshaoil	01/2023	12/2025						
Iomlán sprioc straitéiseach 4				2.61	2.36	2.36	131.30	130.05	130.10

1.3. Amlíne chun mórtionscnaimh a chur chun feidhme

Bunaithe ar na tionscadail a leagtar amach sa roinn maidir le clársceidealú ilbhliantúil, cuirtear i láthair sa chairt Gantt seo a leanas na príomhthionscnaimh agus na garspriocanna a bhaineann leo le haghaidh tionscadail roghnaithe chun forléargas achomair a thabhairt ar an amlíne agus ar na hidirghaolta idir príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.



1.4. Príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha

Déanann an Ghníomhaireacht faireachán agus measúnú go rialta ar ailíniú a cuid gníomhaíochtaí agus ar bhaint amach na gcuspoirí sonraithe, agus coimeádann sí a geallsealbhóirí cothrom le dáta maidir leis na forbairtí, an dul chun cinn agus an fheidhmíocht is déanaí. Tugtar cuntas sa tábla 1 thíos ar na táscairí a d'úsáid an Ghníomhaireacht chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis a dhéanfar ar chur i gcrích a spriocanna straitéiseacha.

Tábla 1. Spriocanna straitéiseacha agus príomhtháscairí feidhmíochta³⁴

Eochairtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Sonraí bonnlíne (2021)
SPRIOC STRAITÉISEACH 1: LEANÚINT AR AGHAIDH AG FÁS MAR RANNPÁIRTÍ AGUS COMHPÁIRTÍ FORFHEIDHMITHE DO NA BEARTAIS ÁBHARTHA I RÉIMSE AN CHEARTAIS AGUS NA NGNÓTHAÍ BAILE.		
Céatadán na gcuspoirí slándála arna gcur chun feidhme mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht	100 %	100 %
Líon na druileanna éigeandála/slándáil agus cleachtaí a bhaineann le leanúnachas gnó a dhéantar go bliantúil	2	2
Infhaighteacht lárchóras Eurodac³⁵	Glas ≥ 99.99 % 99.99 % > Ómra ≥ 99.50 % Dearg < 99.50 %	99.80 %
Am freagartha lárchóras Eurodac³⁶	Glas ≥ 99.45 % 99.45 % > Ómra ≥ 90 % Dearg < 90 %	100 %
Infhaighteacht Líonra Achair Fhairsing (do chórais SIS agus VIS)	Glas ≥ 99.99 % 99.99 % > Ómra ≥ 99.50 % Dearg < 99.50 %	99.9988 %
Infhaighteacht lárchóras SIS	Glas ≥ 99.99 % 99.99 % > Ómra ≥ 99.50 % Dearg < 99.50 %	99.98 %
Am freagartha lárchóras SIS³⁷	Glas ≥ 99.5 %, 99.5 % > Ómra ≥ 99 % Dearg < 99 %	99.85 %
Infhaighteacht lárchóras VIS	Glas ≥ 99.99 % 99.99 % > Ómra ≥ 99.50 % Dearg < 99.50 %	99.98 %
Am freagartha lárchóras VIS³⁸	Glas = 100 % 100 % > Ómra ≥ 90 %	99.90 %

³⁴ Ghlac an Bord Bainistíochta tacar nuashonraithe KPIanna agus a gcártaí eu-LISA, mar aon le naisc le cuspoirí straitéiseacha sonracha, i mí an Mhárta 2020. Cuireadh athbhreithniú, lena n-áirítear mionathruithe, faoi bhráid an Bhoird i mí an Mhárta 2021.

³⁵ Níl na spriocanna infhaighteachta sainithe go beacht sna hionstraimí dlí lena rialaítear na córais. Bhunaigh an Ghníomhaireacht an sprioc ghlas de 99.99 % toisc go sainmhínítear na córais a bhainistíonn sí mar chórais ard-infhaighteachta.

³⁶ Déantar feidhmeanna criticiúla gnó córais a ghrúpáil in dhá chatagóir: a) idirbhearta ardtosaíochta agus b) gnáth-idirbhearta. Is é an t-am freagartha caighdeánach d'idirbhearta ardtosaíochta 1 uair an chloig agus is é 24 uair an chloig é le haghaidh na ngnáth-idirbheart. I gcás gach catagóire, déantar monatóireacht ar tháscaire. Is é KPI 4 meán an táscaire le haghaidh idirbhearta ardtosaíochta agus an táscaire le haghaidh na ngnáth-idirbheart. Bíonn an táscaire 'glas' má tá 99.45 % de na hidirbhearta laistigh den am freagartha caighdeánach, 'ómra' má tá idir 90 % agus 99.45 % d'idirbhearta laistigh den am freagartha caighdeánach, agus 'dearg' má bhíonn níos lú ná 90 % d'idirbhearta faoi bhun an ama freagartha chaighdeánaigh.

³⁷ Roinntear ceisteanna caighdeánacha i gcatagóirí. Léiríonn Catagóir 1 gach ceist aonair agus iolrach a rangaítear mar 'beacht', toisc go soláthraítear faisnéis chruinn sna réimsí cuardaigh. Ní áirítear ceisteanna míchruinne ná doiléire i gcatagóir 1. Is é an t-am freagartha caighdeánach d'fhiosrúcháin chatagóir 1 ná soicind amháin. I gcás ceisteanna eile, is é 3 soicind an t-am freagartha caighdeánach. Is é an t-am freagartha do cheisteanna chatagóir 1 an croí-tháscaire chun feidhmíocht a mheas mar gurb í sin an cheist is mó thugann léargas í. Bíonn táscaire KPI 7 'glas' má bhíonn am freagartha laistigh de shoicind amháin ag níos mó ná 99.5 % de cheisteanna chatagóir 1, ómra má bhíonn an t-am freagartha laistigh de shoicind amháin idir 99.5 % agus 99 % de cheisteanna chatagóir 1 agus 'dearg' más rud é gur lú ná 99 % a bhíonn an t-am freagartha laistigh de soicind amháin ag fiosrúcháin chatagóir 1.

³⁸ Is é an luach táscaire an sciar den am freagartha iomlán laistigh de na teorainneacha conarthacha do gach grúpa gnó: tearmann, teorainn, consalacht, forghníomhú an dlí agus críoch. I gcás VIS, tá trí teorainn chonarthacha ann: an táscaire buaice in aghaidh na huair, an táscaire sáraithe ar leibhéal na seirbhíse (SLA), agus táscaire na dtaifead. Is é KPI 9 an toradh ar an ríomh do gach grúpa gnó agus do gach teorainn chonarthach. Bíonn an táscaire 'glas' má bhíonn an luach cothrom le 100 %, 'ómra' má bhíonn an luach idir 90 % agus 100 %, agus 'dearg' má bhíonn an luach faoi bhun 90 %.

Eochairtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Sonraí bonnlíne (2021)
	Dearg < 90 %	
Sástacht an oiliúnaí leis an oiliúint a cuireadh ar fáil	> 4/6	5.4/6
SPRIOC STRAITÉISEACH 2: RÓL NA GNÍOMHAIREACHTA A CHOTHABHÁIL AGUS A LEATHNÚ MAR CHOMHPHÁIRTÍ AITHEANTA IONTAOFA DO NA HINSTITIÚIDÍ EORPACHA AGUS DO NA BALLSTÁIT CHUN AN CLAOCHLÚ DIGITEACH A BHRÚ CHUN CINN I RÉIMSE AN CHEARTAIS AGUS NA NGNÓTHAÍ BAILE.		
Ráta cealaithe (%) leithreasáí faoi chomhair íocaíochtaí	< 5 %	7 %
Ráta (%) na gceangaltas buiséadach a chur chun feidhme	95-99 %	100 %
Ráta (%) de chur chun feidhme na híocaíochta	> 95 %	99.0 %
Cóimheas (%) na n-acmhainní riaracháin agus cóimheas (%) na n-acmhainní oibriúcháin i gcomparáid leis na hacmhainní daonna go léir laistigh den Ghníomhaireacht (foireann agus SNInna)	Riarachán: 20 % Oibriochtúil: 70 %	16.9 % 73.2 %
Cóimheas (%) na n-íocaíochtaí críochnaithe laistigh de na spriocdhátaí reachtúla	> 90 %	99 %
Bainistiú éadála: tionscadail soláthair de réir sceidil	> 60 %	80.10 %
SPRIOC STRAITÉISEACH 3: NUÁLAÍOCHT AGUS CLAOCHLÚ DIGITEACH A CHUMASÚ AGUS A SPREAGADH I RÉIMSE AN CHEARTAIS AGUS NA NGNÓTHAÍ BAILE.		
Sásamh custaiméirí: % d'úsáideoirí Ballstáit a bhí sásta nó fíorshásta le hoibríochtaí foriomlána na gcríochóras gnó	≥ 80 %	95 %
SPRIOC STRAITÉISEACH 4: LEANÚINT DE BHEITH AG OBAIR AR THEACHT CHUN CINN EAGRAÍOCHTÚIL EU-LISA I DTREO EAGRAÍOCHT NÍOS ÉIFEACHTAÍ, NÍOS SOFHREAGRÚLA AGUS NÍOS ATHLÉIMNÍ LAISTIGH DE CHREAT RIALÁLA AN AONTAIS		
Feidhmíocht Deasc Seirbhíse eu-LISA	≥ 75 %	95 %
Cur i gcrích agus dul chun cinn na dtionscadal a mheasúnú i gcomparáid le (hath)bonnlíne de pharaiméadair shainithe cháilíochta/chostais/ama agus lamháiltais an tionscadail á gcur san áireamh	< 10 %	15.75 %
Bainistiú Tionscadail: Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtionscadal a cuireadh i gcrích i gcomparáid le Modheolaíocht Bainistithe Tionscadal eu-LISA le linn shaolré an tionscadail.	Tionscadail bheaga: > 75 % Tionscadail mheánacha: > 80 % Tionscadail mhóra: > 85 %	Beag: 20 % Meánach: 76.2 % Mór: Níor tugadh aon tionscadal mór i gcrích in 2021
Céatadán (%) de na moltaí iniúchóireachta arna gcur chun feidhme laistigh de na spriocdhátaí a leagtar síos, lena n-áirítear:	Criticiúil = 100 % An-tábhachtach ≥ 90 % Tábhachtach ≥ 80 %	Criticiúil: neamhbhainteach An-tábhachtach: 72 % Tábhachtach: 85 %
Líon agus aois na moltaí atá fós le réiteach, ar ionann iad sin agus:	≤ ceithre mholadh thar téarma ar feadh tréimhse níos lú ná sé mhí ≤ dhá mholadh thar téarma ar feadh tréimhse idir sé mhí agus bliain amháin ≤ móladh amháin thar téarma ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin	1 0 6
Éifeachtúlacht an phróisis soláthair	< 25 %	21.4 %
Táscaire comhshaoil: lorg carbóin	Faoin mbonnlíne	401 tonna
Ráta neamhláithreachta laistigh den tréimhse tuairiscithe:		
meánlíon laethanta saoire breoiteachta in aghaidh na foirne	< 15 lá in aghaidh an bhaill foirne	4.1 lá,
céatadán na mball foirne ar saoire bhreoiteachta fhada	< 10 %	3.2 %,
céatadán na mball foirne nár ghlac saoire bhreoiteachta	> 15 %	51.6 %
Céatadán bliantúil (%) láimhdeachas foirne	≤ 5 %	5.48 %

Eochairtháscairí feidhmíochta	Sprioc	Sonraí bonnlíne (2021)
Céatadán bliantúil (%) ráta áitíochta	> 94 %	94.2 %
Innéacs coinneála tallainne	> 0	0.2
Leibhéal rannpháirtíochta na foirne	≥ 6.3	7.3
Tionchar chumarsáid sheachtrach eu-LISA	Suíomh gréasáin: an bhonnlíne a choinneáil Na meáin shóisialta: +200 leantóir in aghaidh an ardáin in aghaidh na bliana Imeachtaí rannpháirtíochta: sástacht > 90 % rannpháirtíocht ag imeachtaí: > 95 %	+ 20 % (Facebook) + 35 % (Twitter) + 37 % (YouTube) 80 % 95 %
Tionchar chumarsáid inmheánach eu-LISA:		
rannpháirtíocht sa suirbhé	> 51 %	55 %
sásamh ginearálta le bealaí agus gníomhartha cumarsáide inmheánacha	> 70 %	93 %

2. Acmhainní daonna agus airgeadais — ionchas do na blianta 2023-2025

Agus sainordú eu-LISA á leathnú in 2018, tá méadú suntasach tagtha ar ról na Gníomhaireachta maidir le córais faisnéise CGB a bhainistiú, go háirithe ó thaobh líon na gcóras éagsúil de, chomh maith leis an mbrú leanúnach chun digitiú a dhéanamh sa réimse CGB.

Tá an Gníomhaireacht ag súil go mbeidh dúshlán nach mór roimpi sna blianta atá le teacht, go háirithe i ó thaobh an chreata rialála de atá ag síorathrú, líon méadaitheach na gcóras mórsála TF a chuirtear de chúram ar eu-LISA, agus ionchais arda gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta. Mar thoradh ar leathnú an tsainordaithe, bíonn ar an nGníomhaireacht athbhreithniú a dhéanamh ar a leithdháiltí acmhainní chun tacú leis na freagrachtaí méadaithe arís agus arís eile. Mar thoradh air sin, braitheann bainistiú acmhainní eu-LISA go mór mór ar acmhainní airgeadais agus daonna a ath-leithdháileadh go himmheánach ar chostas roinnt gníomhaíochtaí a bheidh ríthábhachtach san fhadtéarma.

Léirítear leis an gclársceidealú ilbhliantúil do 2023-2025 na dúshláin sin agus iarrachtaí na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh leis an leibhéal céanna tiomantais chun an lúfaireacht agus an éifeachtúlacht oibríochtúil a chothabháil agus a mhéadú fiú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil don chlárthréimhse agus ina dhiaidh sin.

2.1. Forbhreathnú ar an staid san am atá thart agus san am i láthair

Sna ranna seo a leanas, tugtar forléargas ar acmhainní daonna agus airgeadais eu-LISA in 2021 agus cuirtear i láthair an t-ionchas le haghaidh **chlárthréimhse** 2023- 2025. Tá sonraí forlíontacha agus sonraí níos mionsonraithe maidir leis an gclársceidealú le fáil in Iarscríbhinní II go V.

2.1.1. Acmhainní Daonna

De réir Airteagal 28 (3) den Rialachán lena mbunaítear an Gníomhaireacht, beidh oifigigh,³⁹ gníomhairí sealadacha (TA) agus gníomhairí ar conradh (CA) ar fhoireann na Gníomhaireachta. Tugtar forléargas sa tábla2 ar **foireann eu-LISA de réir an togra reachtaigh**, 356 phost ar fad, mar a údarítear sa bhuiséad le haghaidh 2021 i gcomhréir leis an bplean bunaíochta.⁴⁰

Tábla 2. Forléargas foirme in 2021, de réir an togra reachtaigh

Réimse gníomhaíochta	2021 údaraithe			Staid iarbhir 2021 amháil an 1.12.2021		
	TA	CA	SNI	TA	CA	SNI
Poist atá údaraithe faoi bhuiséad 2020 (bonnlíne)	113	30	9	113	30	8
EES	32			26		
Rialachán athbhreithnithe eu-LISA — (foireann bhreise)	23	27	2	22	25	2
ETIAS	7	35		7	28	
ECRIS-TCN		5			4	
Filleadh SIS ⁴¹ agus teorainn SIS ⁴²		4			4	
Idir-inoibritheacht	32	26		25	16	
LFS Eurodac – faoi réir an rialachán a ghlacadh	2			0		
Athmhúnlú SIS póilíneacht LFS ⁴³		0 ⁴⁴			0	

³⁹ Ní shonraítear poist ar leith d'oifigigh i bplean bunaíochta eu-LISA.

⁴⁰ Níor glacadh na rialacháin tar éis Athmhúnlú Eurodac LFS agus SIS Póilíneacht agus glacadh VIS Athmhúnlaithe i mí Iúil 2021, agus cuireadh na hacmhainní daonna faoi seach siar bliain amháin. Dá bhrí sin, ba é 207 líon iarbhir na bpost TA a bhí ar fáil don Gníomhaireacht in 2021 in ionad 213 post (lena n-áirítear 4 phost d'athmhúnlú VIS agus 2 phost le haghaidh Eurodac), agus 127 bpost CA in ionad 134 (lena n-áirítear 2 phost d'athmhúnlú SIS póilíneacht agus 5 phost le haghaidh VIS athmhúnlaithe).

⁴¹ Rialachán (AE) 2018/1860 maidir le Córas Faisnéise Schengen a úsáid chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.

⁴² Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le SIS a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann.

⁴³ Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le SIS a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) i ndáil le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais.

⁴⁴ Níor údaraiodh dhá phost CA a beartaíodh sa togra ón gCoimisiún in 2021 i mbuiséad 2021 mar gheall ar mhoill ar ghlacadh an Rialacháin lena mbaineann.

Réimse gníomhaíochta	2021 údaraithe			Staid iarbhair 2021 amhail an 1.12.2021		
	4 ⁴⁶	5 ⁴⁷		0	0	
Athmhúnlú LFS VIS ⁴⁵						
Iomlán FTE ⁴⁸	213	132	11	193	107	10

Le linn 2021, rinne an Ghníomhaireacht foireann bhreise a earcú go gníomhach ach líon níos lú foirne a bheith aici ná mar a bhíodas ag súil leis. Is minic a cuireadh moill mhór ar dhul isteach mar gheall ar shíneadh a chur le srianta taistil a bhaineann le COVID-19 agus rochtain teoranta ar sheirbhísí leighis. Is é an deacracht is mó don chás seo go ndiúltaíonn go leor iarrthóirí tairiscintí poist mar gheall ar an tréimhse ghearr (conarthaí a thairgtear ó bhliain amháin go trí bliana) agus conarthaí níos faide a thairgtear in áiteanna eile a roghnú. Ina theannta sin, bíonn tionchar diúltach ag gráid ísle iontrála ar an earcaíocht do phoist speisialaithe.

I measc na 46 post gan nár líonadh, tá dhá phost Eurodac fós nach féidir duine a earcú dóibh go dtí go nglacfar an rialachán lena mbaineann.⁴⁸ Ina theannta sin, níorbh fhéidir dhá phost ghearrthéarmacha le haghaidh athmhúnlú SIS Póilíneacht atá beartaithe do na blianta 2021-2022 a líonadh i ngeall ar an Rialachán lena mbaineann a leasú.⁴⁹ Maidir le cur chun feidhme an rialacháin maidir le hAthmhúnlú VIS a bhfuil moill air,⁵⁰ rinneadh athchoigeartú bliain amháin ar phleanáil foirne ó thús 2022.

In 2022, de bhun SPD don tréimhse 2022-2024, **meastar go dtiocfaidh méadú 42 phost** ar fhoireann eu-LISA: 10 bpost CA le haghaidh Idir-inoibritheachta, 9 bpost le haghaidh Athmhúnlú VIS (4 TA agus 5 CA), agus 2 phost TA le haghaidh an chórais e-CODEX,⁵¹ chomh maith le 21 phost CA le haghaidh tacaíocht iompróra⁵². Ar an iomlán, tá an méadú ar líon na mball foirne níos ísle ná an méadú a d'iarr eu-LISA in SPD 2022-2024. Mar thoradh air sin, ní mór do eu-LISA na poist sin a sheachfhoinsiú, agus beidh easpa foirne ag an nGníomhaireacht.

Sna caibidlí seo a leanas, tugtar forléargas ar an bpleanáil maidir le poist bhreise foirne don tréimhse 2023-2025, ina bhfuil liosta níos mionsonraithe de phróifílí poist a iarradh agus na réasúnuithe faoi seach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XIII.

2.1.2. Caiteachas buiséid iomlán le haghaidh 2021

Tá roinnt foinsí éagsúla maoinithe i mbuiséad na Gníomhaireachta. Tagann an príomhioncam ó fhóirdheontas AE, a fhaightear go bliantúil ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh – roinn a bhaineann leis an gCoimisiún, Caibidil 11 10 'Bainistiú Teorann – Gníomhaireachtaí Díláraithe' – arna ghlacadh ag an údarás buiséadach, i.e. Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Is ó Thíortha Comhlachaithe Schengen a thagann tuilleadh ranníocaíochtaí, mar aisíocaíocht pháirteach ar chaiteachas ama thabhu ag an nGníomhaireacht.

In 2021, bhain eu-LISA bainistiú ar bhuiséad 212.751 milliún euro i leithreasaí faoi chomhair gealltanais agus 263.943 milliún euro i leithreasaí fíoraíochta a fuarthas ón Aontas. Sannadh na méideanna seo a leanas ar

⁴⁵ Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córais Faisnéise Viosaí a athchóiriú.

⁴⁶ Mar gheall ar mhoill ar ghlacadh Rialachán VIS athmhúnlaithe, aistríodh líon na foirne go dtí na blianta ina dhiaidh sin gan athruithe a dhéanamh ar an bplean bunaíochta.

⁴⁷ Mar gheall ar mhoill ar ghlacadh Rialachán VIS athmhúnlaithe, aistríodh líon na mball foirne chuig na blianta ina dhiaidh sin, níor tharla aon earcaíocht in 2021.

⁴⁸ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát], chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údarais forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú) COM(2016) 272 final.

⁴⁹ Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leasa an Aontais.

⁵⁰ Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córais Faisnéise Viosaí a athchóiriú.

⁵¹ Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (Togra le haghaidh an rialacháin seo: COM(2020) 712 final).

⁵² De bhun Airteagail 45(2) agus (3) agus 46(4) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226, agus Airteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtaracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha maidir le rochtain ar EES chun críocha forghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, a bhfuil na rialacháin cur chun feidhme á bhforbairt ina leith.

dtús do LFS le haghaidh athmhúnlú VIS a glacadh an 7 Iúil 2021 le hamlíne athbhreithnithe:

Cúraimí/córais nua ⁵³	Leithreasaí faoi chomhair Oibleagáidí (i milliúin euro)
Athmhúnlú LFS VIS	17.227
Buiséad iomlán faoi réir bunús dlí nua	17.227

Maidir le cur chun feidhme bhuiséad 2021 (foinse cistí C1), shroich eu-LISA ráta ard cur chun feidhme buiséid faoi dheireadh na bliana:

- 100 % le haghaidh leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí,
- 99.1 % do leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí, lena n-áirítear caiteachas riaracháin 2021 a thabhairt ar aghaidh go dtí 2022.

⁵³ Áirítear leis an gcaiteachas riaracháin, arna leithdháileadh i gcomhréir leis an ainmníocht bhuiséadach i dTeideal 1 "Caiteachas foirne" agus i dTeideal 2 "Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin".

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí: Shroich Teideal 1, Teideal 2 agus Teideal 3 ráta cur chun feidhme 100 % faoi dheireadh na bliana airgeadais 2021.

Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí: Rinneadh 97.91 % de na leithreasaí i dTeideal 1 a fhorghníomhú agus tugadh 2.09 % díobh ar aghaidh go huathoibríoch. I dTeideal 2, shroich an ráta forghníomhaithe 43.90 % agus tugadh an 56.10 % eile ar aghaidh go huathoibríoch go 2022. I dTeideal 3, cuireadh 98.90 % de na leithreasaí i ngníomh.

I mbuiséad vótála na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021, áiríodh leithreasaí faoi chomhair gealltanais agus leithreasaí íocaíochta a cuireadh in áirithe⁵⁴ d'athmhúnlú VIS, a glacadh an 7 Iúil 2021 le hamlíne athbhreithnithe. Cuireadh na leithreasaí sin ar ais chuig buiséad ginearálta an Aontais chun iad a ailíniú leis an LFS a glacadh go críochnaitheach d'athmhúnlú VIS. D'fhormheas Bord Bainistíochta eu-LISA leasú amháin ar bhuiséad 2021 lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist thuasluaite:

- trí EUR 17.227 milliún a thabhairt ar ais i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí;
- trí EUR 42.290 milliún a fháil i leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí.

Tábla 3. Miondealú ar bhuiséad leasaitheach 2021

Teideal buiséadach	Córas / Tasc	Buiséad leasaitheach (i milliún euro)	
		Leithreasaí faoi chomhair gealltanais	Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí
A01	Caiteachas foirne	-0.983	-0.983
	<i>lena n-áirítear Athmhúnlú VIS</i>	-0.983	-0.983
B03	Caiteachas oibríochtúil	-16.244	43.273
	<i>lena n-áirítear Athmhúnlú VIS</i>	-16.244	-16.244
	<i>Íonraí achair fairsing</i>		1.523
	<i>An Córas Dul Isteach-Imeachta</i>		35.928
	<i>ETIAS</i>		22.066
Iomlán Bhuiséad leasaitheach 2021		-17.227	42.290

2.2. An t-ionchas don tréimhse 2023-2025

Is é príomhchuspóir straitéiseach na Gníomhaireachta leanúint de bheith ag obair chun eagraíocht éifeachtúil, lúfar a chothabháil agus a fhorbairt a mheasann earcaigh ionchasacha gur fostóir tarraingteach í. Thar aon ní eile, féachann straitéis acmhainní daonna eu-LISA le hinfhaighteacht acmhainní daonna inniúla agus leordhóthanacha a áirithiú le linn an fháis agus an chlaochlaithe agus le haghaidh na bhforbairtí dá bhforáiltear sna tograí ón gCoimisiún le haghaidh na gcóras nó na réiteach nua a chuirfidh eu-LISA chun feidhme sna blianta amach romhainn.

Sa roinn seo a leanas, déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá ar na bacáin ag eu-LISA agus ar an tionchar atá acu ar acmhainní airgeadais agus daonna.

2.2.1. Acmhainní Daonna

Bunaithe ar thosaíochtaí agus ar chlár oibre na Gníomhaireachta don tréimhse 2023-2025, tá ceithre phríomhréimse fócais sainaitheanta ag eu-LISA maidir le Bainistiú Acmhainní Daonna (HRM):

- riarachán acmhainní daonna eu-LISA a phleanáil agus a bhainistiú chun cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta a bhaint amach, i gcomhréir le Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS);
- an t-aistriú chuig Bainistiú Acmhainní Daonna atá bunaithe ar Inniúlacht a thabhairt chun críche, tar éis Clár um Chlaochlú Cultúrtha eu-LISA a chur i gcrích chun freastal ar na freagrachtaí a fabhraíodh de bharr an tsainordaithe leathnaithe as ar tháinig méadú suntasach ar an bhfoireann;
- leanúint ar aghaidh le hiarrachtaí i réimse na fála tallainne trí mhodhanna feabhsaithe earcaíochta

⁵⁴ Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córais Faisnéise Víosáí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

agus éifeachtúlacht fhoriomlán an phróisis a úsáid;

- freagairt do riachtanais na Gníomhaireachta i réimse na forbartha inniúlachta teicniúla.

Bainistiú Acmhainní Daonna. Tá méadú tar éis teacht ar an ualach riaracháin agus ar an tábhacht straitéiseach de dheasca na gcúraimí nua. Tá an Ghníomhaireacht ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na mball foirne ar a laghad as seo go dtí 2023 nuair a bheidh an bhuaiç do fhreagrachtaí na Gníomhaireachta, ach b'fhéidir níos mó fós.

Sa chomhthéacs sin, tá eu-LISA tiomanta a bheartas acmhainní daonna a fhorbairt tuilleadh agus réimse leathan feidhmeanna acmhainní daonna eile a chur i gcrích (i.e. cearta agus teidlíochtaí a dheonú, párolla agus íocaíochtaí, saoire, ionductú, promhadh, measúnú agus próisis athaicmithe). Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith i gceannas ar thionscnaimh a bhaineann le forbairt ceannaireachta, le tionscadal claochlaithe cultúrtha eu-LISA a chur chun feidhme, le feabhas a chur ar phróisis bhainistíochta feidhmíochta, agus le heagraíocht atá bunaithe ar luachanna a chothú. I ndáil leis sin, feidhmíonn suirbhéanna rialta ar shástacht na foirne mar uirlis lárnach agus déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís chúramach ar thorthaí chun bearta leantacha a phleanáil. Mar shampla, mar fhreagairt ar na dúshláin a d'eascair as paindéim COVID-19, tá bearta tugtha isteach ag an nGníomhaireacht chun tacú leis an bhfoireann dul in oiriúint don ghnáthshaol nua, lena n-áirítear cláir thiomnaithe um fholláine, dálaí oibre a mhodhnú agus solúbthacht a chothú. Ina theannta sin, ghlac eu-LISA rialacha nua maidir leis an obair hibrideach.

Chun bainistiú éifeachtúil phríomhshócmhainn eu-LISA, is é sin a phobal, a áirithiú, tá cur chuige nua glactha ag an nGníomhaireacht maidir le planáil don fhórsa saothair bunaithe ar **dhá phríomhdhoiciméad: Straitéis Foinsithe eu-LISA**, agus an **Straitéis um Bainistiú Acmhainní Daonna atá bunaithe ar Inniúlacht**. Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht tiomanta do sheirbhísí inmheánacha HRM a fheabhsú trí riarachán níos éifeachtúla agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil. Mar shampla, tá sé beartaithe ag eu-LISA a HRM agus an próiseas earcaíochta a uasghrádú le huirlisí TF éagsúla (e.g. modúil roghnacha SYSPER agus iLearn). Tá na céimeanna sin mar chuid de chur chuige foriomlán eu-LISA maidir le **digitíú agus uathobríú** cúraimí atriallacha riaracháin, chun tacú leis an aistriú chuig Bainistiú Acmhainní Daonna atá bunaithe ar Inniúlacht.

Ina theannta sin, leanfaidh an Ghníomhaireacht dá comhar gníomhach le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais trí dhea-chleachtais acmhainní daonna a chomhroinnt, agus ag an am céanna neartóidh sí a comhar leis an gCoimisiún Eorpach faoin Meabhrán Tuisceana athbhreithnithe a tugadh i gcrích in 2019.⁵⁵ Mar shampla, i gcomhar leis an gCoimisiún, agus i gcomhréir le hAirteagal 110 (2) de na Rialacháin Foirne, ghlac an Ghníomhaireacht rialacha nua maidir le coinbhleachtaí leasa d'fhoireann eu-LISA a chosc agus a bhainistiú.⁵⁶

Aistriú chuig bainistíocht acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí. Chun sástacht na foirne agus éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú, éascaíonn an Bainistíocht Acmhainní Daonna bunaithe ar Inniúlacht (HRM) earcaíocht, conraitheoireacht agus foinsíú spriocdhírthe agus éifeachtúil. Cuireann sé ar chumas na heagraíochta bearnaí inniúlachta a shainaithint agus a rianú ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal na foirne nó ar leibhéal na heagraíochta agus ionchur luachmhar a chur ar fáil ag an am céanna le haghaidh planáil ghearrthéarmach agus fhadtéarmach AD. Éascaíonn sé freisin measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna gairmiúla fostaithe aonair. Mar shampla, leis an méadú atá ag teacht ar na ceanglais maidir le cosaint sonraí agus slándáil faisnéise le haghaidh réitigh TF, agus le spriocanna uailmhianacha eu-LISA maidir le seirbhísí agus réitigh ardcháilíochta a chur ar fáil, spreag an Ghníomhaireacht sásraí nua a ghlacadh chun inniúlachtaí aonair agus comhchoiteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a fheabhsú tuilleadh. Áirithítear leis an gcur chuige sin gur fearr is féidir le eu-LISA aon athruithe ar na ceanglais inniúlachta is gá chun cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach a phleanáil agus a réamh-mheas.

Fáil tallainne. Déanfaidh an Ghníomhaireacht iarracht tuilleadh a dhéanamh chun feabhas a chur ar a próisis earcaíochta tríd an straitéis HRM bunaithe ar inniúlachtaí a leanúint agus tríd an gCreat Inniúlachta a chomhtháthú sa phróiseas earcaíochta agus ailíniú le Straitéis Fhoinsithe eu-LISA á áirithiú ag an am céanna. Ina theannta sin, tugann próiseas earcaíochta eu-LISA treoir ó phrionsabail na héagsúlachta agus an chuimsithe chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne fhoriomlán agus ar an ionadaíocht náisiúnta i

⁵⁵ Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gCoimisiún maidir le Meabhrán Tuisceana Athbhreithnithe a ghlacadh idir an Coimisiún Eorpach agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartaí (eu-LISA), COM(2019) 8941 final an 17.12.2019.

⁵⁶ Cinneadh Uimh. 2020-405 an 23.12.2020 ó Bhord Bainistíochta eu-LISA maidir le rialacha cur chun feidhme maidir le coinbhleachtaí leasa na mball foirne a chosc agus a bhainistiú.

measc fhoireann na Gníomhaireachta.

Forbairt Inniúlachta Teicniúla. I dteannta na bhfeabhsuithe thuasluaite a bhfuiltear ag súil leo, cuirfidh an HRM bunaithe ar inniúlachtaí ar chumas eu-LISA cur chuige níos straitéisí a chur i bhfeidhm maidir le planáil don lucht saothair. Trí dheiseanna forbartha gairmiúla agus foghlama saincheaptha a chur ar fáil dá fhoireann, tá sé ar intinn ag an nGníomhaireacht an chumhacht a thabhairt do na baill foirne agus do na foirne lántairbhe a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán chun feabhas a chur ar na seirbhísí a thairgtear dá geallsealbhóirí. Chuige sin, comhoibríonn eu-LISA go dlúth leis an Roinn Oibríochtaí chun forbairt na scileanna agus na n-inniúlachtaí is gá le haghaidh bainistiú oibríochtúil agus teacht chun cinn chórais faisnéise CGB a éascú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear aon fhreagrachtaí nua a ghlacfar amach anseo.

2.2.2. Cúraimí nua

I mí na Nollag 2021, chuir an Coimisiún dhá thogra reachtacha ar aghaidh lena dtabhófar freagrachtaí breise do eu-LISA sna blianta atá le teacht. Ar an gcéad dul síos, an togra reachtach chun ardán slán comhoibrithe ar líne a bhunú **d’Fhoirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe (JITanna)** chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann a fheabhsú. An 9 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle a cur chuige ginearálta maidir leis an rialachán atá beartaithe, lena n-ainmnítear eu-LISA mar eu-LISA atá freagrach as forbairt agus bainistiú oibríochtúil an ardáin. Ar an dara dul síos, i **dtogra ‘Prüm II’ maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta** idir na Ballstáit, mar chuid den phacáiste reachtach maidir le Cód Comhair Póilíneachta an Aontais, agus freagracht á tabhairt do eu-LISA as forbairt agus bainistiú oibríochtúil an ródaire lárnaigh chun freastal ar chatagóirí nua sonraí, amhail íomhánna d’aghaidh daoine atá faoi dhrochamhras agus coirpigh chiontaithe.

I mí na Bealtaine 2022, ghlac an Pharlaimint Rialachán **e-CODEX** maidir le córas ríomhairithe a bhunú le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann⁵⁷, agus glacadh eu-LISA an fhreagracht air féin as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú chóras e-CODEX AE faoi dheireadh 2023.

Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh cúraimí nua ar eu-LISA i roinnt tionscnamh Eorpach eile atá á n-ullmhú faoi láthair, e.g. digitiú an phróisis víosa, an tlonad Bairr Feabhais don Intleacht Shaorga nó tionscnamh an Choimisiúin chun Spás Sonraí Slándála Eorpach tiomnaithe a chruthú i bhforfheidhmiú an dlí. Cuirfidh an Ghníomhaireacht a tionchar ar a planáil foirne agus a Clár Oibre Bliantúil eu-LISA a luaithe a ghlacfar na tograí ón gCoimisiún faoi seach.

Mar thoradh air sin, áirítear sa phleanáil foirne don tréimhse 2023-2025 figiúirí maidir le baill foirne bhreise le haghaidh na bhfreagrachtaí a eascraíonn as rialacháin éagsúla a glacadh cheana nó atá ag fanacht lena nglacadh (e.g. athmhúnlú VIS agus Eurodac, agus an córas e-CODEX), chomh maith le baill foirne chun seirbhísí a sholáthar do na hiompróirí. Cumhdaítear leis na figiúirí sin, den chuid is mó, na poist dhíreacha oibríochtúla agus na hacmhainní is gá chun conarthaí a bhainistiú. Mar sin féin, ní áirítear le planáil acmhainní daonna aon cheann de na tionscnaimh atá fós á bhforbairt.

2.2.3. Forbairt tascanna reatha

Tá méadú suntasach tagtha ar raon feidhme chúraimí na Gníomhaireachta ó glacadh an Rialachán athbheithnithe maidir le bunú in 2018, agus ba cheart go mbainfeadh a fhreagrachtaí **buaicphointe amach in 2023 agus 2024** le cur i bhfeidhm céimneach an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais Eorpaigh um Faisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaidid Choiriúla – náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN) agus an Phacáiste Idir-inoibritheachta. Dá bhrí sin, níl méadú ar fhoireann beartaithe ag an gCoimisiún ó 2023 ar aghaidh, agus i gcás roinnt tionscadal (e.g. Idir-inoibritheacht), déantar foráil sa togra maidir le laghdú foirne (féach an Tábla 4 le haghaidh meastacháin foirne sna tograí ón gCoimisiún faoi seach). Chun forléargas níos cuimsithí a fháil ar mheastacháin foirne eu-LISA don tréimhse 2023-2025, féach larscríbhinn II, larscríbhinn IV agus larscríbhinn XIII.

Le blianta beaga anuas, rinne an Ghníomhaireacht iarrachtaí suntasacha chun an fhoireann atá aici cheana agus a feidhmiú inmheánach a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar an dá ghné seo a leanas: **fás leanúnach eagraíochtúil** i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus socruithe cianoibre, agus forbairt agus cur chun feidhme **chórais faisnéise CGB nua** a áirithiú.

Leis an **athstruchtúrú eagraíochtúil** a rinneadh idir 2019 agus 2020 chun freastal ar na hathruithe is gá chun sainordú leathnaithe eu-LISA a chur i gcrích, díreofar anois ar chórais nua a chur chun feidhme. Rinne na freagrachtaí nua difear freisin do raon feidhme phríomhchúraimí na Gníomhaireachta, go príomha maidir le

⁵⁷ Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726.

hidir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar ualach oibre méadaithe ar fud feidhmeanna cothrománacha i ngeall ar mhéaduithe foirne le linn 2019-2021. In 2023, beidh ar an nGníomhaireacht baill foirne bhreise a earcú chun freastal ar an ualach oibre atá ag dul i méid de réir mar a thiocfaidh méadú suntasach ar raon feidhme na gcúraimí atá ann cheana.

Dá bhrí sin, leagtar amach in SPD, arís eile, na **hacmhainní breise riachtanacha** arna sainaitheint ag an nGníomhaireacht. Dá bhrí sin, leis an bpleanáil don tréimhse 2023-2025 cumhdaítear acmhainní daonna breise⁵⁸ le haghaidh réimsí oibre nó gníomhaíochtaí inar shainaithin an Gníomhaireacht na **ganntanais foirne** agus comparáid á déanamh idir na hacmhainní daonna is gá chun cúraimí sannta (i.e. tionscadail agus gníomhaíochtaí) a chur chun feidhme agus na leibhéil foirne a deonaíodh do eu-LISA sna tograí reachtacha ábhartha.

Ina theannta sin, is beag luach a bhaineann le **poist ghearrthéarmacha**, arb ionann iad agus líon suntasach de na poist bhreise a leithdháiltear ar eu-LISA, i ngeall ar an deacracht a bhaineann le daoine a mhealladh agus a choinneáil le haghaidh na bpost sin. Go háirithe, shainaithin an Gníomhaireacht ganntanais foirne rithábachtacha i réimsí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- **SIS:** leathnú a dhéanamh ar raon feidhme agus ar fhorbairtí nua (athmhúnlú maidir le póilíneacht, teorainneacha agus oibríochtaí um fhilleadh) is gá obair agus iarracht bhreise a dhéanamh, de bhrí nár cuireadh bainistiú an chórais san áireamh sa chéad phlean foirne SIS ach amháin ina fhoirm thosaigh;
- **Idir-inoibritheacht:** Chuir eu-LISA in iúl cheana agus togra reachtach an Choimisiúin á ullmhú nach leor na hacmhainní daonna atá beartaithe chun na comhchodanna idir-inoibritheachta uile a fhorbairt agus a thástáil, gan idir-inoibritheacht na gcóras foriomlán a lua, ná chun an líon bainisteoirí tionscadail is gá a ráthú;
- **EES:** déantar gannmheastachán ar líon na n-oibreoirí toisc gur sannadh cúraimí eile ina dhiaidh sin don fhoireann a earcaíodh le haghaidh na céime forbartha, rud a chruthaíonn bearna sna hacmhainní oibríochtúla is gá chun feidhmiú an chórais nua a áirithiú;
- **Tacaíocht chéadleibhéil agus dara leibhéil do na Ballstáit (an Deasc Seirbhíse 24/7):** tá líon na dticéad nó na n-iarrataí ag dul i méid i gcónaí toisc go bhfuil na comhpháirteanna idir-inoibritheachta ag céimeanna éagsúla forbartha. Chun ullmhacht oibríochtúil 24/7 na Deasca Seirbhíse a choinneáil, tá seisear bhall foirne bhreise ag teastáil chun an patrún aistrithe le haghaidh post foirne amháin a chlúdach go hiomlán.

Ina theannta sin, níor áiríodh i dtograí an Choimisiúin na tionscadail forbartha agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le córais nua, a chuirfidh an **Roinn Oibríochtaí** i gcrích, rud a spreag glaonna ar bhaill foirne bhreise. Tá na hacmhainní breise sin ag teastáil go príomha mar gheall ar **mhoilleanna ar chur chun feidhme tionscadal**, i.e. ní mór don Gníomhaireacht na tionscadail forbartha córais go léir ar beartaíodh a reáchtáil sa seicheamh ar dtús a chur i gcrích go comhthreomhar. Thairis sin, bhí ar an nGníomhaireacht roinnt tionscadal forbartha a athsceidealú mar gheall ar idirtheileamaíochtaí frithpháirteacha. ag an am céanna, bhí ar an nGníomhaireacht na hacmhainní a bhí ar fáil a thabhairt ar ais chun díriú ar ghníomhaíochtaí a cuireadh ar athló nó a beartaíodh ó thús do 2021 agus 2022. I ndáil leis sin, bhain na fadhbanna ba phráinní le hAthmhúnlú Rialachán VIS (glacadh ar athló), comhpháirteanna ETIAS agus idir-inoibritheachta.

Thairis sin, tá **comhaontú tugtha i gcrích ag an nGníomhaireacht le Frontex** maidir le 21 gníomhaire ar conradh (FG IV) a aistriú go sealadach ó Frontex go eu-LISA chun tacaíocht iompróra a chur ar fáil do EES⁵⁹ agus do ETIAS araon⁶⁰ i gcomhréir leis na rialacháin faoi seach. Cuireann an Gníomhaireacht de cheangal ar na poist sin uirlisí TF a fhorbairt agus a úsáid a chuirfidh ar chumas eu-LISA naisc iompróirí aonair le EES agus ETIAS a chlárú, a thástáil agus a dheimhniú, agus tacaíocht theicniúil deisce cabhrach a chur ar fáil ag an am céanna do phaisinéirí atá faoi cheangal ag an Aontas. Níor foráladh na hacmhainní daonna sin ar dtús sna ráitis airgeadais reachtacha a ghabhann le Rialacháin EES agus ETIAS ach léiríodh taithí níos doimhne a fuarthas sa phróiseas cur chun feidhme. Is aistriú sealadach é an t-aistriú foirne sin (ó 2022 go dtí deireadh 2024) agus fillfidh na baill foirne sin ar Frontex in 2025. Cuirfidh an t-aistriú sin ar chumas eu-LISA forbairt ETIAS a chur i gcrích sna blianta 2023-2024 mar atá beartaithe. Ar an drochuair, áfach, ní leor na poist bhreise

⁵⁸ Faoi réir an phlean bunaíochta agus na dréacht-mheastacháin buiséid do 2022 a ghlacadh.

⁵⁹ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

⁶⁰ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226.

foirne sin chun na riachtanais ar fad a aithníodh a chumhdach. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh ar an nGníomhaireacht roinnt feidhmeanna a sheachfhoinsiú. Nuair a fhilleann na poist “ar iasacht” ar Frontex, ba cheart foireann bhreise a thabhairt do eu-LISA chun bheith in ann leanúint den obair. Léireoidh an Gníomhaireacht an tsaincheist sin i ndoiciméid phleanála amach anseo ó 2025 ar aghaidh.

Chun déileáil leis an méadú atá ag teacht ar líon na nglanna earcaíochta agus chun baill foirne nua a bhordáil, roghnaigh an Gníomhaireacht poist shealadacha AD, agus ag an am céanna tá díorma speisialtóirí earcaíochta á chothabháil aici chun déileáil leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le láimhdeachas foirne chun próisis roghnúcháin agus earcaíochta a bhainistiú le linn phaindéim COVID-19. Mar thoradh air sin, tá acmhainní teicniúla breise de dhíth ar an nGníomhaireacht toisc gur poist oibríochtúla ghearrthéarmacha iad sin.

Mar thoradh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme córas nua, tá méadú tagtha ar bhonneagar TF eu-LISA, rud a dhéanann difear do chúraimí a bhaineann le slándáil fhisiciúil agus faisnéise a áirithiú. Tá gá le foireann leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, rud a éilíonn, dá réir sin, na hacmhainní riachtanacha buiséadacha. D’ainneoin chur chun feidhme an chur chuige maidir le spás oibre gníomhaíocht bhunaithe ar an leibhéal cothrománach, is gá freisin dul chun cinn a dhéanamh go práinneach leis an dara síneadh ar an suíomh oibríochtúil in Strasbourg.

Cuirtear i láthair in **larscríbhinn II** liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí agus de na **hacmhainní is gá** le haghaidh 2023-2025. Chuige sin, rinne an Gníomhaireacht anailís chuimsitheach chun a chinneadh cé na poist a d’fhéadfadh sí a sheachfhoinsiú chun an iarraidh ar fhoireann bhreise a íoslaghdú. I gcomhréir le Straitéis Foinisithe eu-LISA, ní iarrann an Gníomhaireacht baill foirne bhreise ach amháin do phoist nach féidir a sheachfhoinsiú agus ní mór iad a chothabháil go himmheánach, agus modhanna foinisithe éagsúla á n-úsáid aici le haghaidh suíomhanna eile nach bhfuil fogair. Athraíodh **larscríbhinn XIII** inar liostaíodh ar dtús 34 próifíl nach féidir leis an nGníomhaireacht a sheachfhoinsiú chun toradh an nós imeachta idir-réitigh maidir le buiséad eu-LISA a léiriú, ina gcuirfeadh 6 phost bhreise le plean bunaíochta eu-LISA chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála méadaithe chun neamhchosaint ar fheidhmeanna an Chroíchórais Ghnó a chosc agus, ina theannta sin, i bhfianaise na bhfreagrachtaí nua, rud a mhéadaigh an gá atá ag an nGníomhaireacht le bainistiú teagmhas slándála.

2.3. Clársceidealú acmhainní do na blianta 2023-2025

Sa roinn seo tugtar forléargas ar mheastacháin airgeadais agus ar mheastacháin a bhaineann leis an bhfoireann chun na cúraimí a sannadh do eu-LISA le haghaidh 2023-2025 a chur chun feidhme.

2.3.1. Pleanáil Acmhainní Airgeadais

Tá na hacmhainní airgeadais don tréimhse 2023-2025 ina gcuid de phleanáil ilbhliantúil eu-LISA agus de réamhaisnéis an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. In 2023, foráiltear le riachtanais mheasta na Gníomhaireachta go mbainfeadh buaicphointe as úsáid acmhainní airgeadais, ní hamháin mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach na gcúraimí nua a shanntar do eu-LISA ach mar thoradh freisin ar theacht chun cinn raon feidhme agus chastacht fhreagrachtaí na Gníomhaireachta atá ann cheana.

In **larscríbhinn II**, tugtar forléargas mionsonraithe ar **chaiteachas oibríochtúil eu-LISA de réir** mar a fhoráiltear in SPD do 2023, an phleanáil ilbhliantúil, agus réasúnuithe buiséid. In **larscríbhinn III** cuirtear miondealú an bhuiséid i láthair de réir struchtúr buiséadach na Gníomhaireachta lena ngrúpáiltear caiteachas oibríochtúil do gach córas TF de réir caibidle buiséid.

De bhun thogra CAI an Choimisiúin, gheobhaidh eu-LISA **buiséad 262.231 milliún euro in 2023**. Le linn chleachtadh pleanála eu-LISA don tréimhse 2023-2025, baineadh úsáid as pleanáil bhunaidh CAI mar bhonnlíne do mheastacháin airgeadais agus rinneadh athbhreithniú air ina dhiaidh sin bunaithe ar na nósanna imeachta tairisceana a tugadh i gcrích, an taithí is déanaí ar chur chun feidhme na dtionscadal agus na gclár atá ar siúl, chomh maith le faisnéis mhargaidh atá cothrom le dáta.

Tá dhá ghné leis an **ngá atá ann dá bharr sin le hacmhainní breise** in 2023:

- **córais nua a cuireadh de chúram ar eu-LISA:** le glacadh na reachtaíochta tánaistí tugadh sonraí criticiúla nárbh eol iad agus na ráitis airgeadais reachtacha faoi seach á n-ullmhú. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar raon feidhme agus ar chastacht na gcórais nua, lena n-áirítear iad a chomhtháthú san ailtireacht idir-inoibritheachta.
- **castacht mhéadaithe na gcórais:** sáraíonn na costais chothabhála a bhaineann le bonneagar agus bogearraí tacaíochta na meastacháin tosaigh. Bhí lorg bonneagair na gcórais nua níos mó ná mar a

bhíothas ag súil leis ar dtús, mar aon le torthaí na nósanna imeachta tairisceana, i gcás inar ríomhadh costais chothabhála an chórais bunaithe ar an ailtireacht a bhí acu cheana féin. Ina theannta sin, sháraigh úsáid ardán comhroinnte comhchoiteann na Gníomhaireachta (CSI) na pleananna bunaidh mar gheall ar éilimh mhéadaithe a eascraíonn as córais nua agus as córais atá ann cheana, rud a rinne difear mór dá chostais chothabhála.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht na meastacháin sin ar thaithí roimhe sin, i.e. sonraisc reatha agus na praghsanna a eachtarshuí ó chonarthaí atá ann cheana agus cothabháil in ord oibre (MWOnna). Dá bhrí sin, beidh ar eu-LISA na meastacháin sin a bheachtú agus a choigeartú ar bhonn na dtairiscintí a fuarthas⁶¹.

2.3.2. Pleanáil acmhainní daonna

Sa doiciméad clársceidealaithe seo cuirtear meastacháin foirne ar fáil maidir le cur chun feidhme na gcúraimí arna sannadh do eu-LISA trí rialacháin a glacadh sna blianta 2017-2020, chomh maith leis na cúraimí atá le glacadh in 2021 agus in 2022.

Cé gur tugadh acmhainní do eu-LISA chun baill foirne oibríochtúla bhreise a earcú chun an sainordú leathnaithe a chur chun feidhme, níor freagraíodh iarrataí na Gníomhaireachta ar bhaill foirne tacaíochta bhreise chun tacú leis an obair chothrománach agus níor freagraíodh fós tionscadail. Chinn próisis athbhreithnithe inmheánacha ina dhiaidh sin go bhfuil mar thoradh air sin **ganntanas foirne criticiúil, go bhfuil cúraimí á gcur in ord tosaíochta arís agus go bhfuil seachfhoinsiú gníomhaíochtaí áirithe.**

Le blianta beaga anuas, tá léirithe go bliantúil ag an nGníomhaireacht **na neamhréireachtaí idir na hacmhainní leithdháilte** agus na cinn is gá chun na cúraimí a shanntar faoin sainordú leathnaithe a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a aithint agus a mheabhrú nach dtiocfaidh laghdú go huathoibríoch ar mhéid na hoibre don Ghníomhaireacht mar thoradh ar chóras nua a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme. Ar theacht i bhfeidhm dóibh, is é an t-aon difríocht ná go n-aistríonn an fócas ó chur chun feidhme na dtionscadal go bainistiú oibríochtúil an chórais nua agus an bhonneagair chomhfhreagraigh. Mar thoradh air sin, mar gheall ar an laghdú uathoibríoch ar an bhfoireann ag deireadh gach tionscadail, tá ganntanas foirne ann don chéim bainistíochta oibríochtúla nach mór don Ghníomhaireacht a réiteach trí fhoireann bhreise a iarraidh, arís eile.

Ina theannta sin, tá roinnt post foirne sainaitheanta ag eu-LISA, nach bhfuil san áireamh i dtograí ábhartha ón gCoimisiún nach féidir leis an nGníomhaireacht seachfhoinsiú a dhéanamh orthu. Measann an Ghníomhaireacht go bhfuil na poist bhreise foirne sin fíor-riachtanach do na cúraimí seo a leanas a bhaineann le:

- dul ar aghaidh leis an dara síneadh ar shuíomh teicniúil na Gníomhaireachta in Strasbourg nach féidir a sheachfhoinsiú ná a thamligean chuig na húdaráis náisiúnta;
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chomhlachtaí rialachais na gcóras faisnéise CGB nua, agus tacú le hoibríochtaí laethúla dhá aonad Roinn Rialachais Chorporáidigh eu-LISA, go háirithe gníomhaíochtaí cumarsáide;
- cúraimí a dhéanamh agus leanúnachas gnó a áirithiú i bhfeidhmeanna criticiúla, chomh maith le tacaíocht ardleibhéil riaracháin a chur ar fáil;
- faireachán slándála agus Oifig um Bainistiú Tionscadal Fiontair (EPMO) eu-LISA a fheabhsú;
- feidhm slándála na Gníomhaireachta a neartú.

Tá na figiúirí foirne a dheonaítear do eu-LISA sna tograí ábhartha ón gCoimisiún i dTábla 4, mar aon leis an bplean foirne don tréimhse 2023-2025.

Tábla 4. Meastacháin foirne don tréimhse 2023-2025

	2023				2024				2025			
	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán	TA	CA	SNI	Iomlán
Foireann bhonnlíne (Rialachán eu-LISA)	113	30	9	152	113	30	9	152	113	30	9	152
LFS EES	32			32	32			32	32			32
LFS ETIAS	7	35		42	7	35		42	7	35		42

⁶¹ Sheol an Ghníomhaireacht an próiseas tairisceana le déanaí don Chreat Oibríochtúil Idirhisciplíneach (TOF) arb é is aidhm dó cothabháil na gcóras uile a chumhdach.

	2023				2024				2025			
Tuairisceáin Teorainneacha LFS SIS/Fillte LE agus SIS	4			4	4			4	4			4
Comhar póilíneachta LFS SIS				0				0				0
LFS Athrú maoinithe Rialachán – foireann bhreise	23	27	2	52	23	27	2	52	23	27	2	52
Idir-inoibritheacht LFS	31	34		65	24	31		55	22	30		52
LFS ECRIS		5		5		5		5		5		5
Athmhúnlú LFS Eurodac ⁶²	2			2	2			2	2			2
Athmhúnlú LFS VIS ⁶³	6	7		13	6	6		12	3	3		6
LFS e-CODEX córas ⁶⁴	2	3		5	2	3		5	2	3		5
Tacaíocht iompróra EES-ETIAS		21		21		21		21		0		0
LFS Prüm II					6			6	7			7
JITanna LFS					4			4	8			8
Digitíú víosaí LFS					5	3		8	5	3		8
Fo-iomlán de réir an phlean bunaíochta	216	166	11	393	224	165	11	400	204	140	11	375
SPD 2023-2025 baill foirne bhreise	6			6	6			6	6			6
Iomlán	222	166	11	399	230	165	11	406	210	140	11	381

Le haghaidh 2023-2025, ba cheart do eu-LISA 6 phost TA bhreise a fháil nach liostaítear i dtograí ábhartha ón gCoimisiún.

Tá tuairiscí níos mionsonraithe ar mheastachán foirne do 2023-2025 i roinn 2.2.3 Clársceidealú acmhainní don tréimhse 2023-2025, in larscríbhinn XIII agus in larscríbhinn II lena gcuirtear ionchas trí bliana i láthair. Áirítear in larscríbhinn II coibhéisí lánaimseartha (FTE) don fhoireann a luaitear i dTábla 4, agus na FTEanna ar gá don Ghníomhaireacht a sheachfhoinsiú. Mura leithdháiltear acmhainní leordhóthanacha chun go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí riachtanacha a sannadh uirthi a chur i gcrích, beidh ar eu-LISA líon níos airde FTEanna a sheachfhoinsiú fós nó ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí atá i gceist a athrú.

Cuirtear teacht chun cinn an chuóta foirne i láthair in larscríbhinn IV, agus in larscríbhinn V tugtar tuilleadh faisnéise faoi bheartas earcaíochta eu-LISA, breithmheas feidhmíochta agus athaicmiú, beartas soghluaisteachta, cothromaíocht inscne agus gheografach, agus clár oiliúna foirne.

2.4. Straitéis chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach

San fhadtéarma, is é an sprioc atá ag eu-LISA eagraíocht lúfar agus éifeachtach a fhorbairt a bhainfidh a chuspóirí amach go cuí agus a sholáthróidh feidhmíocht den scoth. Mar chuid den straitéis sin agus chun feabhas a chur ar a rialachas foriomlán, pleanáil acmhainní agus bainistíocht buiséid, tá iarracht shuntasach déanta ag an nGníomhaireacht a samhail oibríochtúil a athdhearadh, lena n-áirítear a straitéis foinsithe, a pleanáil agus a tuairisciú. Ina theannta sin, tá eu-LISA ag féachaint freisin ar na féidearthachtaí maidir le barrfheabhsú chun leibhéil éifeachtúlachta níos mó fós a bhaint amach. I ndáil leis sin, ní mór don Ghníomhaireacht forléargas soiléir a bheith aici ar a punann seirbhíse, ar na cumais is gá chun na seirbhísí sin a sholáthar, agus tuiscint ar an mbealach is fearr chun na cumais agus na seirbhísí sin a aimsiú.

Chun a shainordú a chur i gcrích agus a chuspóirí beartais a bhaint amach, ní mór do eu-LISA na srianta a dhéanann difear dá acmhainní daonna a chur san áireamh. In 2022, ghlac an Ghníomhaireacht **Straitéis Foinsithe**, ina leagtar síos na cineálacha acmhainní daonna is féidir leis an nGníomhaireacht a leithdháileadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh de réir réimse gníomhaíochta. Ní cheadaítear leis an straitéis foireann inmheánach a úsáid ach amháin le haghaidh seirbhísí agus ról ríthábhachtacha nach féidir a sheachfhoinsiú. I gcás gach seirbhíse eile, is féidir leis an nGníomhaireacht conraitheoirí seachtracha a fhóstu, nó samhail mheasctha a chur i bhfeidhm ina n-úsáidtear foireann inmheánach agus sheachtrach. Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an cur chuige sin maidir le foinsí. Leis an straitéis foinsithe nua, cuirfear treoir luachmhar ar fáil maidir le hacmhainní daonna a phleanáil, agus cuirfear bonn cirt níos trédhearcaí ar fáil d'iarrataí breise foirne.

⁶² Leithdháileadh 2 phost TA ar Eurodac, faoi réir athbhreithniú an Rialacháin ábhartha.

⁶³ Cuirtear an líon foirne i bhfeidhm bliain amháin i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin mar gheall ar an moill ar ghlacadh an Rialacháin.

⁶⁴ Beartaítear sa phlean foirne 2 phost CA in 2022 agus 3 phost TA in 2023.

Lena chois sin, tá an Ghníomhaireacht ag tabhairt creathconarthaí nua chun críche chun tacaíocht sheachtrach a fháil, i.e. chun na cúraimí agus an obair a sheachfhoinsiú nach bhfuil líon leordhóthanach post inmheánach leithdháilte ar eu-LISA ina leith.

Le linn na chéad 10 mbliana, arb é a bhí mar phríomhthréith ag an nGníomhaireacht le linn an ama sin an dianfhorbairt, tá a raon feidhme leathnaithe go mór ó thaobh cúraimí agus buiséid de, agus tá athchóiriú cuimsitheach á dhéanamh ar a struchtúr eagraíochtúil ag an am céanna. Sa lá atá inniu ann, tá eu-LISA tagtha ar an bpointe inar gá dó a fheidhmíocht a athmheasúnú, a leibhéal agus a bharrfheabhsú chun feabhas a chur ar úsáid a acmhainní chun rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtúla le beartais CGB an Aontais a chur chun feidhme. Tá sé tábhachtach, agus é seo á scríobh, toisc gur gá don Ghníomhaireacht breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha airgeadais fadtéarmacha a eascraíonn as méadú ar an mboilsciú a eascraíonn as téamamh eacnamaíoch, as cur isteach leanúnach ar shlabhraí luacha, agus as an mbrú ó chostais fuinnimh atá ag dul i méid.

Is iad éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí bunchlocha an dea-rialachais institiúidigh agus tá an Ghníomhaireacht tiomanta do chost-éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí a áirithiú. Mar sin féin, mar gheall ar an gcreat dlíthiúil sonrach ina bhfeidhmíonn eu-LISA mar ghníomhaireacht de chuid an Aontais, go háirithe an rochtain shrianta ar acmhainní agus an raon feidhme agus an leibhéal éigeantach seirbhísí nach mór don Ghníomhaireacht a chur ar fáil dá geallsealbhóirí, is é an príomhbhealach chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach ná deiseanna inmheánacha a aimsiú chun feidhmíocht a bharrfheabhsú, i.e. chun dul níos faide ná na féidearthachtaí a shainaithear sa straitéis foinisithe.

Chuipe sin, tá **dréacht-Straitéis Gnóthachain Éifeachtúlachta** ullmhaithe ag an nGníomhaireacht a dhíríonn ar a phróisis a shruthlíniú, rialachas a bharrfheabhsú, cumas a thógáil, athbhreithnithe rialta a chur i bhfeidhm, tomhas beacht agus uathobriú a thabhairt isteach. Go háirithe, clúdaíonn an dréachtstraitéis seo na réimsí seo a leanas:

- próisis a shainmhíniú, a dhoiciméadú agus a thomhas,
- feabhsuithe ar phróisis, ag baint úsáid as athbhreithniú agus barrfheabhsaithe rialta, agus ar sheirbhísí ar éileamh freisin,
- anailís slabhra luacha;
- feabhas a chur ar bhainistiú cáilíochta,
- athbhreithniú agus barrfheabhsú rialta a dhéanamh ar rialachas inmheánach agus ar struchtúir eagrúcháin,
- athbhreithniú rialta agus barrfheabhsú ar mhodhanna agus ar chleachtais rialachais,
- uathobriú, lena n-áirítear ríomhfhoghlaim agus IS a chur chun feidhme le haghaidh próiseas agus seirbhísí,
- uirlisí TF tiomnaithe nua atá níos éifeachtúla a thacóidh le barrfheabhsú na hoibre, i réimsí amhail pleanáil agus faireachán, bainistiú eolais, bainistiú doiciméad,
- sainmhíniú, tomhas agus tuairisciú seirbhísí, bunaithe ar an gcrann tomhais seanbhunaithe agus ar chur chun feidhme scórchárta cothromaithe.

Chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór don eagraíocht dul i mbun fothú acmhainneachta ar bhonn uilechoiteann, lena n-áirítear na scileanna agus an t-eolas is gá a fhorbairt i measc na foirne. Ní mór don Ghníomhaireacht fothú acmhainneachta a chur chun feidhme i gcomhar le Straitéis Acmhainní Daonna na Gníomhaireachta.

2.5. Tosaíochtaí diúltacha/laghdú i gcúraimí reatha

Nuair a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht an doiciméad seo, ní dhearna sí foráil maidir le haon tosaíochtaí diúltacha do 2023. Mar sin féin, ag brath ar thoradh deiridh an chinidh maidir le hacmhainní a leithdháileadh le haghaidh foirne breise agus pleanáil buiséid do 2022, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar eu-LISA tosaíochtaí diúltacha a bhunú agus/nó líon na gcúraimí atá beartaithe a laghdú mura leor na hacmhainní daonna agus/nó airgeadais a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht chun na gníomhaíochtaí go léir atá beartaithe do 2023 a chumhdach.

III. CLÁRSCEIDEALÚ BLIANTÚIL

2023

Clár Oibre Bliantúil do 2022

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Leagtar amach sa chlár oibre seo a leanas príomhthosaíochtaí eu-LISA do 2023 agus tugtar forléargas ann ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé ar intinn ag an nGníomhaireacht a dhéanamh chun na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa doiciméad clársceidealaithe seo a bhaint amach faoi gach tosaíocht a leagtar síos.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta atá beartaithe do 2023 dírithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

- oibriú cobhsaí gan bhriseadh, cur chun feidhme theacht chun cinn agus seirbhísí chórais faisnéise CGB an Aontais arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht (i.e. SIS, VIS agus Eurodac) a áirithiú,
- na córais TF nua a chuirtear de chúram ar eu-LISA (i.e. EES, ETIAS, ECRIS-TCN, agus e-CODEX) a chur chun feidhme agus ailtireacht idir-inoibritheachta a fhorbairt,
- tacaíocht agus saíneolas a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit,
- dlús a chur le rannchuidiú na Gníomhaireachta le réimse ceartais an Aontais Eorpaigh,
- dul chun cinn a dhéanamh leis an dara síneadh ar láithreán oibríochtúil eu-LISA in Strasbourg,
- ullmhú do mheastóireacht rialta na Gníomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht.

Leis an líon mór córas faisnéise a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht, mar aon leis an gcreat rialála atá ag síorathrú, leagtar síos socrú an-dúshlánach do na deich mbliana atá amach romhainn, go háirithe i bhfianaise an bhrú atá ag dul i méid chun torthaí a bhaint amach le hacmhainní teoranta i gcoinne ionchais arda ár ngeallsealbhóirí. Léiríonn an clár oibre bliantúil sin iarrachtaí leanúnacha eu-LISA chun a éifeachtúlacht oibríochtúil agus a sholúbthacht oibríochtúil a chothabháil agus a fheabhsú chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

➤ TOSAÍOCHT 1

OIBRIÚ COBHSAÍ GAN BHRISEADH AGUS CUR CHUN FEIDHME THEACHT CHUN CINN NA GCÓRAS ARNA MBAINISTIÚ AGUS NA SEIRBHÍSÍ ARNA SOLÁTHAR AG EU-LISA A ÁIRITHIÚ

Is é príomhthosaíocht na Gníomhaireachta le haghaidh 2023 a áirithiú go ndéanfar teacht chun cinn na gcóras arna mbainistiú agus na seirbhísí arna mbainistiú ag eu-LISA le haghaidh chórais faisnéise CGB an Aontais (i.e. **Córas Faisnéise Schengen**, **Córas Faisnéise Víosaí**, **Eurodac**) a oibriú agus a chur chun feidhme ar bhealach cobhsaí agus gan bhriseadh. Leis sin, tacóidh an Ghníomhaireacht go leanúnach le cur chun feidhme chuspóirí **Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hAontas Slándála** chun éiceachóras láidir slándála Eorpach a thógáil agus sláine Limistéar Schengen a chothabháil, agus ag an am céanna éascóidh sí cur i bhfeidhm **Rialachán Bhaile Átha Cliath** maidir le próiseáil iarratas ar thearmann a chuíchóirí.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht cothabháil choiscitheach, cheartaitheach, oiriúnaitheach agus fhoirfeach ar fáil ar gach croíchóras gnó agus ar a mbonneagair chumarsáide faoi seach agus ar thacaíocht ardcháilíochta 24/7 ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil go leanúnach. Chun tacú le bainistiú oibríochtúil, leanann an Ghníomhaireacht dá fócas ar phríomhphróisis a chur ar fáil amhail bainistiú athruithe oibríochtúla, bainistiú scaoilte agus imlonnaithe, agus bainistiú tástála, agus comhoibriú gníomhach leis na geallsealbhóirí uile á áirithiú ag an am céanna. Ina theannta sin, díreoidh an Ghníomhaireacht a cuid iarrachtaí feabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán seirbhíse, ar athléimneacht agus ar shlándáil a croíchóras gnó.

Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA ar aghaidh le SIS agus VIS a nascadh leis na comhchodanna idir-inoibritheachta agus le cur chun feidhme Rialachán VIS athbhreithnithe, mar aon leis an réiteach cothrománach gníomhach-gníomhach, lena ndíreofar go príomha ar thástáil leis na Ballstáit. In 2023, cuirfidh an Ghníomhaireacht foláireamh faisnéise nua chun feidhme lena gceadófar do Europol faisnéis faoi náisiúnaigh tríú tír a bhfuil amhras fúthu faoi sceimhlitheoireacht nó faoi choireanna tromchúiseacha a roinnt, agus an Chróit a chomhtháthú in VIS le rochtain iomlán.

Áiríteoidh an Ghníomhaireacht freisin go gcuirfear tús éifeachtach éifeachtúil le bainistiú oibríochtúil na gcóras nua a bheidh ag feidhmiú go hiomlán i lár 2023 agus ag deireadh 2023, i.e. an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Údarú Faisnéise Taistil (ETIAS), agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thairisíní — náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN). Thairis sin, díreoidh an Ghníomhaireacht freisin ar tháthcheangal rathúil bhainistiú oibríochtúil e-CODEX.

Beidh forbairt Eurodac ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir le Rialachán Eurodac athmhúnlaithe a dhréachtú agus a ghlacadh ina dhiaidh sin. Mar sin féin, beidh eu-LISA réidh le dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na hoibre forbartha agus an chomhtháthaithe is gá leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta.

➤ TOSAÍOCHT 2

AG DUL AR AGHAIDH LE CUR CHUN FEIDHME AGUS FORBAIRT CÓRAS NUA A CHUIRTEAR DE CHÚRAM AR EU-LISA, AGUS AN AILTIREACHT IDIR-INOIBRITHEACHTA

Chun córas taistil agus bainistithe teorainneacha an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, tá sé ríthábhachtach freisin bailchríoch a chur ar chur chun feidhme na gcóras nua CGB a chuirtear de chúram ar eu-LISA: An **Córas Dul Isteach/Imeachta** agus an **Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil**. Dá bhrí sin, is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta a **áirithiú go dtiocfaidh na córais nua i bhfeidhm go tráthúil**, ar córais iad a mheastar a bheidh ag feidhmiú go hiomlán faoi dheireadh 2023 – EES, ETIAS agus ECRIS-TCN.

Thairis sin, leanann an Ghníomhaireacht d'fhorbairt agus de chur chun feidhme na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta. Is éard atá sna comhpháirteanna sin an **ailtireacht idir-inoibritheachta** uileghabhálach atá le teacht i bhfeidhm faoi 2024. Tá sé beartaithe idir-inoibritheacht uileghabhálach na gcóras a bhaint amach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar éifeachtacht chórais faisnéise uile CGB an Aontais agus rochtain na n-údarás náisiúnta agus an Aontais ar fhaisnéis ábhartha a éascú ag an am céanna. In 2023, spreagfaidh an Ghníomhaireacht teacht i bhfeidhm SBMS. Díreofar freisin ar chomhtháthú foriomlán na gcóras chun sainiúint trasréimse a chumasú, go háirithe ar fheidhmiúlachtaí SBMS a bhaineann le hathmhúnlú, lena n-áirítear aghaidh-aithint VIS agus ECRIS-TCN, agus sonraí bithmhéadracha a aistriú ó chórais éagsúla (SIS, ECRIS-TCN agus Eurodac) go SBMS.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht d'fhorbairt a dhéanamh ar na córais i gcomhréir le ceanglais rialála agus riachtanais na mBallstát, go háirithe, nasc ETIAS a bhunú d'Athmhúnlú VIS agus acmhainneacht EES agus VIS a mhéadú chun úsáid SBMS a éascú.

➤ TOSAÍOCHT 3

TACAÍOCHT AGUS SAINEOLAS A CHUR AR FÁIL DON CHOIMISIÚN AGUS DO NA BALLSTÁIT

Leanfaidh an Ghníomhaireacht de bheith ag cur a taighde, a forbartha agus a nuálaíochta chun feidhme trí dhíríú ar fhaireachán a dhéanamh ar thaighde ábhartha, treoirhionscadail agus cruthúnais choincheapa a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí tástála a dhéanamh, chomh maith le saintacaíocht tionscadalbhunaithe a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit. Mar chuid dá ghníomhaíochtaí ginearálta comhordúcháin, cuirfidh eu-LISA tuarascálacha ar fheidhmiú teicniúil chórais faisnéise CGB an Aontais i dtoll a chéile agus foilseoidh sé staidreamh maidir lena n-úsáid agus cuirfidh sé oiliúint shaincheaptha ar fáil do na Ballstáit maidir le húsáid theicniúil na gcóras.

In 2023, tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht cumais agus saineolas eu-LISA a fhorbairt i réimse na hintleachta saorga (IS) agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit cumais intleachta saorga a fhorbairt faoi chuimsiú Mheitheal eu-LISA um an Intleacht Shaorga. Ina theannta sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht an Ionaid Bairr Feabhais san Intleacht Shaorga ar bun. Tá eu-LISA tiomanta freisin do pháirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach agus do rannchuidiú leo. Bunóidh an Ghníomhaireacht **saotharlann tástála le haghaidh trealamh teicniúil agus réitigh** a úsáidtear le haghaidh chórais CGB an Aontais a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu i ndlúthchomhar le Frontex agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

➤ TOSAÍOCHT 4

DLÚS A CHUR LE RANNCHUIDIÚ NA GNÍOMHAIREACHTA I RÉIMSE CEARTAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Tá an Ghníomhaireacht ag féachaint le dlús a chur lena rannchuidiú le **réimse ceartais** an Aontais trí nuachóiriú agus digitiú an chomhair idir údarais forfheidhmithe dlí agus údarais bhreithiúnacha a éascú. In

2023, áirítear leis sin bailchríoch a chur ar chur chun feidhme an **Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír** agus táthcheangal rathúil bhainistiú oibríochtúil an chórais **e-CODEX** a áirithiú.

➤ TOSAÍOCHT 5

DUL CHUN CINN A DHÉANAMH LEIS AN DARA SÍNEADH AR LÁITHREÁN OIBRÍOCHTÚIL EU-LISA IN STRASBOURG

Mar thionscadal ilbhliantúil leanúnach, leanann an Ghníomhaireacht de bheith ag bogadh ar aghaidh le cur chun feidhme an **dara síneadh dá háitribh oibríochtúla** in Strasbourg. Tá sé i gceist leis an spás breise sin freastal ar an eagraíocht leathnaithe ó thaobh foirne de, chomh maith le córais CGB atá ann cheana agus córais CGB nua a chuirtear de chúram ar eu-LISA a óstáil.

➤ TOSAÍOCHT 6

ULLMHÚ DO MHEASTÓIREACHT RIALTA NA GNÍOMHAIREACHTA I GCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 39 DEN RIALACHÁN BUNAIIDH EU-LISA

Ar deireadh, tá sé beartaithe go ndéanfar an **mheastóireacht sheachtrach rialta cúig bliana** ar an nGníomhaireacht mar a leagtar síos in Airteagal 39 den Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht – tástáil chriticiúil le haghaidh riarachán agus rialachas na Gníomhaireachta. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht leis an bpróiseas trí ionchur a sholáthar trí thagamharcáil a dhéanamh ar a croí-oibríochtaí, a thabharfar chun críche sa chéad ráithe de 2023. Ní mór don mheastóir seachtrach an tuarascáil mheastóireachta deiridh a chur ar fáil faoi dheireadh 2023.

2. Gníomhaíochtaí

2.1. Córais Nua agus Nuálaíocht

Sa roinn seo a leanas tugtar forléargas ar fhorbairt na gcóras nua um bainistiú teorainneacha i réimse na ngnóthaí baile – EES agus ETIAS, chomh maith le dhá chóras nua i réimse an cheartais – ECRIS-TCN agus e-CODEX. Ina theannta sin, tá bailchríoch á cur ag eu-LISA freisin ar na hullmhúcháin le haghaidh theacht i bhfeidhm an ollstruchtúir idir-inoibritheachta do na córais faisnéise CGB uile a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu.

Leis na córais nua i **réimse na ngnóthaí baile** – EES agus ETIAS – éascófar bainistiú níos cliste agus níos éifeachtúla ar theorainneacha seachtracha an Aontais trí rochtain shlán gan uaim ar fhaisnéis ón taistealaí a áirithiú do gach pearsanra údaráithe, e.g. gardaí teorann, údaráis forfheidhmithe dlí agus inimirce.

I **réimse an cheartais**, tacaíonn an Ghníomhaireacht le forbairt agus cur chun feidhme réiteach digiteach nua a chuireann le nuachóiriú agus digitiú leanúnach na gcóras breithiúnach ar fud na hEorpa, d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta, agus rochtain níos fearr ar cheartas a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólaigh an Aontais ag an am céanna.

Cuirtear na meastacháin ar an mbuiséad agus na hacmhainní daonna is gá do gach cúram i láthair in larscríbhinn II.

2.1.1. Córais Nua

In 2023, is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta **a áirithiú go dtiocfaidh na córais nua seo a leanas i ngníomh go tráthúil**: EES, ETIAS, ECRIS-TCN agus e-CODEX. A luaithe a bheidh feidhm leis na córais sin, aistrefar an fócas chuig cothabháil agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil d'úsáideoirí uile an chórais.

Maidir le cur chun feidhme an chlár, tá na dúshláin seo a leanas sainaitheanta ag an nGníomhaireacht:

- D'fhéadfadh aon mhoill sa chur chun feidhme, dá réir sin, moill a chur ar an teacht i mbun oibríochta agus ar thús a chur leis an gcéim chothabhála córas mar atá beartaithe;
- D'fhéadfadh cothabháil córas nua a bheith níos moille, i gcomparáid leis na córais oidhreachta, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh gá le hailíniú níos mó le húnéirí comhpháirteanna eile, chomh maith le

dearadh níos cúramaí;

- bíonn tionchar ag idirghuileamaíochtaí idir córais éagsúla agus srianta inmheánacha ar acmhainní ar chur chun feidhme tionscadal eile nó cúraimí neamhthionscadail.

An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)

Leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta, cuirfear feabhas ar bhainistiú teorainneacha seachtracha Limistéar Schengen trí thaifeadadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí trasteorann náisiúnach tríú tír (NTTanna) chun críocha an tslándáil inmheánach a neartú agus an inimirce neamhrialta a chosc, agus, ag an am céanna, cuirfear leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe. I gcomhthéacs **phacáiste na dTeorainneacha Cliste** a cuireadh ar aghaidh ar dtús in 2013, cuireadh tús le forbairt EES in 2018, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2023.

Le EES, déanfar nuachóiriú ar phróisis rialaithe teorann agus feabhsófar éifeachtúlacht tríd **an uathobriú trí phas a stampáil de láimh trí chlárú leictreonach** a dhéanamh ar gach gluaiseacht trasteorann náisiúnach tríú tír. Dá réir sin, tacóidh an córas leis na Ballstáit déileáil le sreabha méadaitheacha taistealaithe trí luas agus éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a mhéadú agus trí líon na ngardaí teorann ag seicphointí a bharrfheabhsú.

Thairis sin, áiríteofar le EES go ndéanfar **faireachán níos fearr ar thréimhsí fanachta údaráithe** agus go ndéanfar rófhantóirí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint trí rianú a choinneáil ar thréimhsí gearrfhanachta trí na dátaí agus na háiteanna dul isteach/imeachta a chlárú a mhairfidh suas le 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

Oibreoidh an córas trí chumarsáid a dhéanamh le córais náisiúnta na mBallstát. Beidh dhá iarratas ar líne san áireamh ann freisin:

- suíomh gréasáin tiomnaithe lena gcuirfear ar chumas NTTanna stádas a bhfanachta údaráithe san Aontas a fhíorú;
- seirbhís gréasáin d'aeríompróirí, d'iompróirí talún agus d'iompróirí ar muir chun a fhíorú, roimh dhul ar bord, cé acu atá nó nach bhfuil cead dul isteach údaráithe amháin ar a laghad ag taistealaí tríú tír nó an bhfuil díolúine bailí víosa aige.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- cur chun feidhme EES agus a sheirbhísí gréasáin a thabhairt chun críche faoi mhí na Bealtaine 2023, i gcomhréir leis an amlíne athbhreithnithe a mhol Bord Bainistíochta eu-LISA an 23 Meitheamh 2022, agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 11 Iúil 2022, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht;
- bailchríoch a chur ar bhunú nasc idir EES agus gach comhpháirt idir-inoibritheachta.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus príomh-gharspiorcanna
Coigeartuithe EES le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta	Feidhmíocht agus comhlíonadh na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a áirithiú.	Naisc idir EES agus na comhpháirteanna idir-inoibritheachta uile a chur chun feidhme.
Glacadh deiridh leis an gcóras maidir le croíchóras cur chun feidhme EES (FSA)	Cáilíochtaí lárchóras EES agus a bhonneagair chumarsáide a dhearadh, a chur chun feidhme agus a réachtáil. An timpeallacht slándála a oiriúnú agus bearta chun cineálacha nua seirbhísí a chomhlíonadh. Ullmhúcháin a dhéanamh don idir-inoibritheacht le hoibríochtaí eile lárchóras.	Cothabháil cheartaitheach, seirbhísí tacaíochta don Deasc Seirbhíse agus seirbhísí trasnaí a chur ar fáil le linn na hidirghéimhse sé mhí go dtí go mbeidh an córas ag feidhmiú go hiomlán.
Bailchríoch a chur ar sheirbhísí gréasáin a chur chun feidhme	Chun seachadadh Sheirbhísí Ghréasáin EES a thabhairt chun críche, Comhéadan Iompróra ETIAS ar bhealach modúlach, inbhreisithe agus inscálaithe d'fhonn a bheith in ann na riachtanais a bheidh ann amach anseo a chumhdach (e.g. VIS Athbhreithnithe).	Seirbhísí Ghréasáin EES, Comhéadan Iompróra ETIAS a chur chun feidhme.

Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta
Costas an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %
Sceideal an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %
Raon feidhme an tionscadail	Diall ar bith

An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

Is córas údaraithe réamhthaistil ar líne é ETIAS le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa (TCNanna) agus iad ag taisteal chuig limistéar Schengen. Tá sé beartaithe leis an gcóras nósanna imeachta trasnaithe teorann agus amanna feithimh ag an teorainn a chuíchóiriú, agus ag an am céanna feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhainistithe teorainneacha agus tacú le beartas léirscaoilte víosaí an Aontais. Chuir an Ghníomhaireacht tús le forbairt ETIAS in 2018, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2023.

Seiceálann gardaí teorann údaruithe taistil ETIAS ag pointí trasnaithe teorainneacha seachtracha an Aontais agus seiceálann aeriompróirí, iompróirí ar muir agus iompróirí talún iad sula dtéann siad ar bord. Laghdaíonn ETIAS nósanna imeachta teorann agus amanna feithimh ag an teorainn, neartaíonn sé bainistiú teorainneacha agus tacaíonn sé le beartas léirscaoilte víosaí an Aontais toisc go gcumasaíonn sé seiceálacha faisnéise i ngach bunachar sonraí CGB, lena n-áirítear bunachair sonraí Europol agus Interpol, chun rioscaí féideartha slándála, imirce agus sláinte poiblí a fhóru roimh ré, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cead isteach i Limistéar Schengen a dhiúltú, e.g. trí shonraí atá ann cheana a úsáid chun coirpigh nó sceimhlitheoirí a úsáideann ailiasanna éagsúla chun brath a sheachaint. Ina theannta sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht tús freisin le faireachán a dhéanamh ar réitigh theicniúla don 'liosta bán' d'uirlisí slána cumarsáide fuaime a d'fhéadfadh aonaid náisiúnta ETIAS a úsáid chun agallaimh a dhéanamh leis na hiarratasóirí i gcásanna nach bhfuil rochtain ag na seirbhísí consalacha orthu.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- cur chun feidhme ETIAS a thabhairt chun críche faoi mhí na Samhna 2023, i gcomhréir leis an amlíne athbhreithnithe a mhol Bord Bainistíochta eu-LISA an 23 Meitheamh 2022, agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 11 Iúil 2022, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.

Tasc	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Tionscadail/Neamhthionscadail		
Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme ETIAS	Cáilíochtaí an lárchórais agus a bhonneagair cumarsáide a dhearadh, a chur chun feidhme agus a reáchtáil. An timpeallacht slándála a oiriúnú agus bearta chun cineálacha nua seirbhísí a chomhlíonadh. Ullmhúcháin a dhéanamh don idir-inoibritheacht le hoibríochtaí eile lárchóras.	Cothabháil cheartaitheach, seirbhísí tacaíochta don Deasc Seirbhíse agus seirbhísí trasnaí a chur ar fáil le linn na hidirtheirmhse sé mhí go dtí go mbeidh an córas ag feidhmiú go hiomlán.
ETIAS – Faire ar an Teicneolaíocht is Nuá	Faireachán a dhéanamh ar réitigh theicniúla iomchuí do liosta faire ETIAS, d'fhonn uirlisí réamhroghnaithe a thástáil agus comhairle a chur ar na Ballstáit.	Monatóireacht rialta teicneolaíochta agus taighde margaidh, de réir chinneadh cur chun feidhme Chomhad Faireachais ETIAS, chun réitigh theicniúla iomchuí a shainiú chun sonraí criptithe a chuardach i modh neamhbheacht, agus uirlisí fuaime-físe freisin. Áirítear leis sin tuairisciú rialta agus nuashonruithe teicniúla a mholadh don Choimisiún agus do na Ballstáit tar éis tástáil rathúil.

Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta
Costas an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %
Sceideal an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %
Raon feidhme an tionscadail	Diall ar bith

An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla — náisiúnaigh tríú tíortha (ECRIS-TCN)

Is é ECRIS-TCN an chéad chóras mórscála TF arna cheapadh agus arna fhorbairt ag eu-LISA do réimse ceartais an Aontais. Is córas láraithe amais nó gan amas é a **fhorlíonann bunachar sonraí an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla** (ECRIS) le faisnéis faoi chiontuith náisiúnach tríú tír (NTTanna) agus daoine gan stát nach mór d'údarais bhreithiúnacha náisiúnta a chur san áireamh agus breithniú á dhéanamh acu ar chásanna coiriúla.

Le chéile, cuireann ECRIS agus ECRIS-TCN ar chumas breithiúna, ionchúisitheoirí agus údarais ábhartha eile faisnéis chuimsitheach a fháil faoi **stair choiriúil náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát**, beag beann ar an mBallstát inar ciontaíodh iad roimhe sin. Dá réir sin, rannchuidíonn ECRIS-TCN le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do phianbhreitheanna agus do chinntí breithiúnacha a chur chun feidhme ar fud Limistéar Schengen.

Cuireadh tús leis na hullmhúcháin chun ECRIS-TCN a fhorbairt in 2019, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2023. Is éard atá in ECRIS-TCN lárchóras ina stóráiltear an fhaisnéis chéannachta maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát arna gciontú, lárphointí rochtana náisiúnta i ngach Ballstát, bogearraí comhéadain – **cur chun feidhme tagartha ECRIS (ECRIS RI)** – chun nascadh leis an lárchóras, agus bonneagar cumarsáide lena nasctar lárphointí rochtana náisiúnta ar an lárchóras.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- cur chun feidhme ECRIS-TCN a thabhairt chun críche faoi mhí na Samhna 2023, i gcomhréir leis an amlíne athbhreithnithe a mhol Bord Bainistíochta eu-LISA an 23 Meitheamh 2022, agus a d'fhorghuigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 11 Iúil 2022, lena bhformheastar an amlíne athbhreithnithe do Theorainneacha Cliste agus Idir-inoibritheacht.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme ECRIS-TCN	Chun glacadh deiridh leis an gcóras ECRIS-TCN (FSA) á áirithiú tar éis a theacht i bhfeidhm.	Cur chun feidhme an chórais ECRIS-TCN a thabhairt chun críche trí ghlacadh go rathúil leis an gcóras tar éis dó teacht i bhfeidhm.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Costas an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %	
Sceideal an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %	
Raon feidhme an tionscadail	Diall ar bith	

Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne (e-CODEX)

Is ardán cumarsáide é córas e-CODEX an Aontais, atá i bhfeidhm ó 2013 i leith, atá ceaptha chun **malartú slán trasteorann ábhair leictreonaigh** idir údarais bhreithiúnacha na hEorpa a éascú. Roimh e-CODEX, cuireadh bac ar mhalartú faisnéise in imeachtaí breithiúnacha trasteorann mar gheall ar an réimse leathan réiteach TF náisiúnta atá ilroinnte agus neamh-chomhoiriúnach.

In 2020, chuir an Coimisiún de chúram ar eu-LISA amhail ó 2023 an nascóir e-CODEX a fhorbairt agus a chothabháil – céim thábhachtach i dtreo **rannchuidiú na Gníomhaireachta le réimse ceartais an Aontais** a mhéadú. Is éard atá sa chóras e-CODEX pacáiste de tháirgí bogearraí agus de chaighdeán agus dea-chleachtais curtha i bhfeidhm chun seirbhísí poiblí trasteorann atá comhtháite go hiomlán a sholáthar. Nascann sé nósanna imeachta náisiúnta uathrialacha a fhaigheann tacaíocht dhigiteach agus modhanna TF gaolmhara, lena n-áirithítear tarchur leictreonach slán faisnéise in imeachtaí ceartais trasteorann. Tá eu-LISA chun a bhainistiú oibríochtúil a ghlacadh chuige féin faoi dheireadh 2023.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- táthcheangal rathúil an chórais e-CODEX ag eu-LISA a áirithiú.

2.1.2. Idir-inoibritheacht

Is éard is idir-inoibritheacht ann cumas na gcóras faisnéise sonraí a mhalartú agus comhroinnt faisnéise a chumasú. Braitheann bainistiú éifeachtúil na dteorainneacha seachtracha, na slándála inmheánaí agus na

himirce san Eoraip ag brath ar **idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise CGB uile a mbainistíonn eu-LISA iad**: SIS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN. Cuirfear an idir-inoibritheacht uileghabhálach córas sin ar fáil trí roinnt **comhpháirteanna idir-inoibritheachta** lena gcuirfear ar chumas gardaí teorann, póilíní agus oifigigh víosaí agus imirce Eorpacha faisnéis faoi bhagairtí slándála a úsáid agus rochtain a fháil uirthi ar shlí níos tapa, níos iontaofa agus níos iomláine.

Tá Ailtireacht idir-inoibritheachta JHA an Aontais comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas:

- **An tairseach chuardaigh Eorpach (ESP)** lena n-éascaítear cuardaigh thapa, rianúla, éifeachtúla, chórasacha agus rialaithe ar fud na gcóras faisnéise CGB uile a dhéanann úsáideoirí údaráithe iad;
- **seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (SBMS)** lena stóráiltear teimpléid bhithmhéadracha, agus lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí sonraí bithmhéadracha a chuardach agus a chrosmheaitseáil sna córais faisnéise CGB uile;
- **stóras coiteann sonraí céannachta** lena gcumasaítear ceart-sainaithint náisiúnach tríú tír;
- **brathadóir ilchéannachtaí (MID)** lena n-éascaítear nochtadh aitheantas iomadúil a bhfuil an déchuspóir acu sainaithint cheart taistealaithe bona fide a áirithiú chomh maith le calaois aitheantais a chomhrac;

Ina theannta sin, tá **stór lárnach um thuairisciú agus staidreamh (CRRS)** á fhorbairt ag eu-LISA freisin chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailíseach a sholáthar ar gach córas CGB chun críocha beartais, oibríochtúla agus cáilíochta sonraí.

I dteannta a chéile, beidh na comhchodanna idir-inoibritheachta sin ina **gcnámh droma shlándáil inmheánach, rialú teorann agus bhainistiú imirce na hEorpa**, agus rannchuideoidh siad le **Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála** trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus éifeachtacht chórais faisnéise CGB.

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta don struchtúr nua idir-inoibritheachta a chur i gcrích in 2024; mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann amach anseo:

- D'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann le spás neamhleor sna lárionaid sonraí difear a dhéanamh dá n-oibriú rianúil (e.g. róthéamh laistigh de racaí mar gheall ar spás neamhleor, deacrachtaí a bhaineann le bonneagar a chur leis i gcás fadhbanna, e.g. mar gheall ar bhrúnna acmhainne, etc.);
- idirthuilleamaíochtaí idir córais éagsúla agus srianta acmhainní inmheánacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, dá réir sin, do chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí (e.g. moill a chur orthu nó iad a chur siar);
- braitheann tráthúlacht aistriú sonraí ar sheachadadh an chleachtaidh ullmhúcháin, lena n-áirítear measúnú tionchair mionsonraithe, dearadh agus ullmhú sonraí náisiúnta don imirce.

Sna ranna seo a leanas, tugtar forléargas nó na gníomhaíochtaí éagsúla atá beartaithe le haghaidh gach comhpháirte idir-inoibritheachta a forbraíodh sna blianta roimhe sin.

Seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha (SBMS)

Stórálaíonn an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha teimpléid bhithmhéadracha a fhaightear ó na sonraí bithmhéadracha a stóráiltear sa stóras coiteann sonraí céannachta agus in SIS. Tá an SBMS ar cheann de **chlocha coirnéil chóras bainistithe teorainneacha an Aontais** trí **chuardach sonraí bithmhéadracha** a chumasú ar fud na gcóras faisnéise CGB ar fad. Dá réir sin, tá sé ar cheann de na **córais bhithmhéadracha is mó ar domhan**, lena gcomhtháthaítear bunachar sonraí ina bhfuil breis agus 400 milliún náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear méarloirg agus íomhánna den aghaidh.

Cuireadh tús leis na hullmhúcháin chun SBMS a fhorbairt in 2019, agus tá sé beartaithe go gcuirfidh eu-LISA bailchríoch ar a chur chun feidhme in 2023.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú ar SBMS, agus an teacht chun cinn is gá a chur ar fáil ag an am céanna,
- infhaighteacht gan bhriseadh gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil SBMS a chur ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir le ceanglais rialála agus leis na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse,
- feidhmiúlachtaí SBMS a bhaineann le hascnamh agus athmhúnlú na gcóras a fhorbairt tuilleadh, lena

n-áirítear aghaidh-aithint VIS agus ECRIS-TCN,

- aistriú rathúil sonraí ó chórais éagsúla CGB chuig sBMS a áirithiú chun sainathint trasréimse a chumasú, agus chun an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí a leathnú chuig réimse an cheartais.

Ina theannta sin, leanfaidh eu-LISA dá **phunann** bithmhéadrach a fhorbairt trí infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí taighde agus trí réitigh a spriocdhíriú chun cáilíocht fhoriomlán gnéithe éagsúla bithmhéadrachta a mhéadú agus tacaíocht phras agus ardcháilíochta a chur ar fáil dá gheallsealbhóirí. Chuige sin, tá an Ghníomhaireacht ag féachaint le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh, lena n-áirítear tionscadail taighde maidir le gnéithe éagsúla bithmhéadrachta, e.g. samplaí sintéiseacha a ghiniúint chun ceisteanna gaolmhara ó na geallsealbhóirí a fhreagairt maidir leis na seirbhísí bithmhéadracha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspíocanna
Cur chun feidhme BMS/sBMS EES	Cur chun feidhme EES-BMS agus sBMS a thabhairt chun críche trína áirithiú go gcuirfear an tréimhse glactha deiridh leis an gcóras (FSA) i gcrích go rathúil tar éis di teacht i bhfeidhm.	Cur chun feidhme EES BMS agus sBMS a thabhairt chun críche tar éis dó teacht i bhfeidhm go rathúil.
Cothabháil sBMS	sBMS a choinneáil san ord oibre is fearr.	Cothabháil cheartaitheach ⁶⁵ , oiriúnaitheach ⁶⁶ , foirfeach ⁶⁷ agus coiscitheach ⁶⁸ a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú (lena n-áirítear cothabháil USK). ⁶⁹
Forbairt ECRIS-TCN i sBMS	Oibríochtaí méarlorg sonracha a chur chun feidhme le haghaidh ECRIS-TCN, acmhainneacht agus cumraíocht in sBMS, agus aistriú sonraí méarlorg stairiúil chuig sBMS.	Oibríochtaí, acmhainneacht agus cumraíocht shonrach méarlorg ECRIS-TCN a bhaineann le ECRIS-TCN a chur chun feidhme in sBMS, agus sonraí méarlorg stairiúla a aistriú ó na Ballstáit chuig sBMS ag an am céanna.
SIS – comhtháthú feidhmiúil sBMS agus aistriú sonraí bithmhéadracha le haghaidh Idir-inoibritheachta	Oibríochtaí bithmhéadracha SIS a chumasú in sBMS.	Oibríochtaí sonracha méarlorg a chumasú le haghaidh SIS, acmhainneacht agus cumraíocht in sBMS agus sonraí méarlorg a aistriú ó na Ballstáit chuig sBMS.
Feidhmiúlachtaí bithmhéadracha Athmhúnlú VIS a chur i bhfeidhm in sBMS	Cur chun feidhme agus tástáil feidhmiúlachtaí nua in sBMS a tugadh isteach le hAthmhúnlú VIS a chur i gcrích, agus ullmhú le haghaidh aistriú agus tiontú íomhánna den aghaidh ó bhunachar sonraí VIS/CIR go teimpléid sBMS	Cur chun feidhme agus tástáil feidhmiúlachtaí nua in sBMS a tugadh isteach le hAthmhúnlú VIS a thabhairt chun críche, agus ullmhú le haghaidh aistriú agus tiontú íomhánna den aghaidh ó bhunachar sonraí VIS/CIR go teimpléid sBMS.
Comhtháthú feidhmiúil Eurodac sBMS agus aistriú sonraí	Feidhmiúlachtaí bithmhéadracha nua a eascraíonn as Athmhúnlú Eurodac a chur chun feidhme, agus feidhmiúlachtaí bithmhéadracha Eurodac atá ann cheana a aistriú chuig sBMS.	Na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha nua a chur chun feidhme agus na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha atá ag Eurodac cheana a aistriú chuig sBMS.
Macasamhlú bunachar sonraí méarlorg Europol ar sBMS (céim 1)	An próiseas seiceálacha cúlra víosa a bharrfheabhsú.	Gailearaí teimpléad méarlorg AFIS Europol in sBMS a mhacasamhlú chun feidhmiúlachtaí bithmhéadracha nua a chur chun feidhme mar a shonraítear i Rialachán Eurodac athmhúnlaithe agus sna rialacháin maidir le hidir-inoibritheacht.
Tionchar MID ar sBMS	Naisc a chur chun feidhme chun freastal ar acmhainn bhreise tríchuir idirbhirt le haghaidh oibríochtaí arna spreagadh ag an	Acmhainn tréchuir idirbhirt sBMS le haghaidh oibríochtaí a spreagadh a mhéadú, agus aon feidhmiúlachtaí eile is gá a chur chun feidhme

Áirítear le ⁶⁵ **cothabháil cheartaitheach** bainistiú teagmhas, chomh maith le bainistíocht fadhbanna agus athraithe.

Áirítear le ⁶⁶ **cothabháil oiriúnaitheach** faireachán agus réamh-mheas ar dhífheidhmeacht chomhpháirteanna an chórais, d'fhonn comhlíonadh teicneolaíochtaí úrscothacha a chothabháil, agus tacaíocht leanúnach ó mhonaróirí comhpháirteanna agus eagarthóirí a áirithiú ag an am céanna.

Áirítear le ⁶⁷ **cothabháil fhoirfeach** feabhsuithe ar chomhpháirteanna an chórais bunaithe ar shaineolas teicniúil agus ar athruithe sainaitheanta chun feidhmíocht leanúnach ardcháilíochta a áirithiú.

Áirítear le ⁶⁸ **cothabháil choiscitheach** athruithe a thabhairt isteach ar an gcóras bunaithe ar bhreathnóireacht oibríochtúil chun críocha cosc a chur ar theagmhais thromchúiseacha a dhéanamh de shaincheisteanna a d'fhéadfadh tarlú.

⁶⁹ Tabhairt do d'aire go gcumhdaítear cothabháil cheartaitheach agus faireachán cheartaitheach an bhonneagair láraithe lena ndéantar sBMS a óstáil le gníomhaíocht idirdhisciplíneach an chomhbhonneagair chomhroinnte (CSI).

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
	mbrathadóir ilchéannachtaí (MID), chomh maith le haon fheidhmiúlachtaí eile arna sainaitheint sa tuarascáil ar an measúnú tionchair	
Forbairt punainne bithmhéadraí agus feabhsuithe	Cáilíocht fhoriomlán na dtáirgí bithmhéadracha atá ag eu-LISA cheana agus a bheidh aige amach anseo a mhéadú, chomh maith le feabhas a chur ar chumas na Gníomhaireachta nuálaíocht bithmhéadrach a éascú.	Infheistiú i ngníomhaíochtaí taighde spriocdhírthe agus i réitigh bithmhéadracha chun cáilíocht fhoriomlán na dtáirgí bithmhéadracha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a mhéadú, neamhspleáchas a bhaint amach ó sholáthraithe seachtracha, agus feabhas a chur ar shaineolas agus ar chlú eu-LISA ar ábhar na bithmhéadrachta.
Obair leantach agus rannchuidiú le hiarrachtaí na meithle ISO SC37	Chun a áirithiú go gcuirfidh na meithleacha ábhartha de chuid ISO maidir le caighdeáin bithmhéadracha clár oibre bithmhéadrach na Gníomhaireachta san áireamh a mhéid is féidir.	Mar úinéir ar cheann de na córais mheaitseála bithmhéadracha is mó ar domhan, ag glacadh le ról níos gníomhaí sa mheitheal bithmhéadrachta (ISO/IEC JTC 1/SC 37) faoi Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) d'fhonn cur le forbairt caighdeán ábhartha (e.g. cáilíocht agus tástáil sonraí).
Bithmhéadracht mar sheirbhís (BaaS)	Saineolas agus cáil eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa i réimse na bithmhéadrachta a fhorbairt.	Saineolas na Gníomhaireachta maidir leis na seirbhísí bithmhéadracha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a mhéadú agus forbairt agus cothabháil leanúnach na gcóras bithmhéadrach/na gcóras bithmhéadrachta a éascú.
Gnáth-Mheithleacha Bithmhéadracha	Grúpa saineolaithe um an mbithmhéadracht a bhunú chun tacú le Grúpaí Comhairleacha eu-LISA ar ábhar na bithmhéadrachta.	Tacú le hobair Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA trí shainghrúpa inmheánach tiomnaithe maidir leis an mbithmhéadracht.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Comhlíonadh chomhaontú ar leibhéal seirbhíse sBMS (SLA) agus KPIIna corparáideacha ábhartha	Comhlíonadh 100 % leis na KPIIna atá sainithe i SLA BMS EES	

Stóras coiteann sonraí céannachta (CIR)

Is bunachar sonraí láraithe é an stóras coiteann sonraí céannachta lena n-éascaítear **ceart-sainaitheint náisiúnach tríú tír** trí shonraí pearsanta, doiciméad taistil agus sonraí bithmhéadracha loma daoine atá cláraithe in VIS, Eurodac, EES, ETIAS, nó ECRIS-TCN a chomhthiomsú. Ina theannta sin, tacaíonn CIR le feidhmiú an bhrathadóir ilchéannachtaí trí rochtain ar VIS, Eurodac, EES agus ETIAS a éascú agus a chuíchóiriú d'údaráis ainmnithe (lena n-áirítear Europol) chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Cuireadh tús le forbairt CIR in 2021 agus leanfar léi in 2023 chun go mbeidh CIR ar fáil in 2024.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- leanúint de chur chun feidhme an stórais choitinn sonraí céannachta (CIR), mar aon leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta atá fágtha, i.e. brathadóir ilchéannachtaí, an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), agus an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS).

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Cur chun feidhme idir-inoibritheachta (a thacaíonn le gníomhaíochtaí FSA le haghaidh ESP/CIR/MID/CRRS)	Tacú le gníomhaíochtaí críochnaitheacha maidir le glacadh deiridh leis an gcóras (FSA) le haghaidh na gcomhchodanna idir-inoibritheachta seo a leanas: ESP, CIR, MID, agus CRRS.	An t-aistriú rathúil chuig oibríochtaí a áirithiú le haghaidh na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta seo a leanas: ESP, CIR, MID, agus CRRS.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Infhaighteacht agus feidhmíocht comhpháirteanna idir-inoibritheachta CIR agus MID i gcomhréir le comhaontuithe ábhartha leibhéil seirbhíse (SLA).	Comhlíontacht 100 % le SLAanna a chomhdhéanann an stóras coiteann sonraí céannachta agus an chomhpháirt MID.	

Brathadóir ilchéannachtaí (MID)

Bainistíonn an brathadóir ilchéannachtaí na naisc idir na céannachtaí a stóráiltear i gcórais faisnéise CGB éagsúla trí **chomhaid um dheimhniú céannachta** a chruthú agus a stóráil. Mar sin, tacaíonn an brathadóir ilchéannachtaí le feidhmiú CIR, agus le cuspóirí SIS, VIS, Eurodac, EES, ETIAS agus ECRIS-TCN. Trí shonraí i gcórais faisnéise CGB an Aontais a idirnascaidh, is féidir ilchéannachtaí a bhrath le brathadóir ilchéannachtaí, rud a **éascaíonn seiceálacha céannachta** agus a **chomhraictear calaois chéannachta**. Cuireadh tús le forbairt MID in 2021 agus leanfar leis in 2023, d'fhoilligh MID a chur ar fáil in 2024.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le cuspóirí sonracha agus garspriocanna sonracha, féach na cúraimí a leagtar amach sa roinn ar an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) thuas.

An tairseach chuardaigh Eorpach (ESP)

Éascaíonn an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP) rochtain thapa, rianúil agus rialaithe d'údaráis na mBallstát agus do ghníomhaireachtaí an Aontais ar chórais faisnéise CGB an Aontais, agus ar bhunachair sonraí Europol agus Interpol freisin. Cuireadh tús le forbairt na tairsí cuardaigh Eorpaí in 2021 agus leanfar leis in 2023, d'fhoilligh ESP a chur ar fáil in 2024.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le cuspóirí sonracha agus garspriocanna sonracha, féach na cúraimí a leagtar amach sa roinn ar an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) thuas.

Lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS)

Comhthiomsaíonn agus cothaíonn an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) **logaí láraithe agus anaithnidithe ó gach córas faisnéise CGB** chun críocha sonraí staidrimh traschórais agus tuarascálacha anailíseacha a sholáthar. Is féidir le páirtithe leasmhara na sonraí anaithnidithe atá sna tuarascálacha cuimsitheacha seo a úsáid chun tacú le cinntí beartais, le bainistiú oibríochtúil, nó le pleananna feabhsaithe cáilíochta sonraí. Cuireadh tús le forbairt CRRS in 2019, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in 2023.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le cuspóirí sonracha agus garspriocanna sonracha, féach na cúraimí a leagtar amach sa roinn ar an stóras coiteann sonraí céannachta (CIR) thuas.

2.2. Rialacháin Athmhúnlaithe agus bainistiú oibríochtúil

Sa roinn seo a leanas, tugtar forléargas ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le cothabháil agus forbairt na gcórais rialaithe teorann, na gcórais slándála inmheánaí agus na gcórais bainistithe tearmainn a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht i **réimse na ngnóthaí baile – SIS, VIS, Eurodac, EES agus ETIAS**, agus na gníomhaíochtaí sin i **réimse an cheartais – ECRIS-TCN, ECRIS RI agus e-CODEX**. Áirítear leis sin freisin na córais CGB sin go léir a chomhtháthú leis an ailtireacht idir-inoibritheachta a pléadh san fhoroinn roimhe seo.

Ag teorainneacha seachtracha an Aontais, tá na córais TF sin uile rithabhachtach chun bainistiú éifeachtúil teorainneacha a áirithiú, agus chun comhbheartais tearmainn, imirce agus víosaí an Aontais a chur chun feidhme. Laistigh de limistéar Schengen, tá sé rithabhachtach go mbeidh na córais sin ar fáil go leanúnach chun saorghluaiseacht shaoránaigh agus chónaitheoirí an Aontais a ráthú, agus slándáil inmheánach an Aontais a áirithiú ag an am céanna. I réimse an cheartais, cuireann na córais sin le nuachóiriú agus digitiú leanúnach an cheartais, agus feabhas á chur ag an am céanna ar mhalartú trasteorann ábhair leictreonaigh idir údaráis bhreithiúnacha Eorpacha, rud a chuireann rochtain níos fearr ar cheartas ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólaigh an Aontais.

Cuirtear na meastacháin ar an mbuiséad agus na hacmhainní daonna is gá do gach cúram i láthair in larscríbhinn II.

2.2.1. Bainistiú oibríochtúil na gcórais atá i mbun a dtáirgthe

Is é an príomhchuspóir bainistiú oibríochtúil éifeachtach éifeachtúil a áirithiú agus **croíchórais ghnó eu-LISA — SIS, VIS, agus Eurodac**, mar aon leis na córais nua — EES agus ETIAS, a chur ar fáil gan bhriseadh faoi dheireadh na bliana.

Chun tacú leis na Ballstáit agus le húsáideoirí deiridh eile, cuireann an Gníomhaireacht oiliúint ar fáil maidir

le húsáid theicniúil na gcóras atá faoina cúram, chomh maith le hoiliúint a chur ar shaineolaithe maidir le gnéithe teicniúla na gcóras sin (faoi chuimsiú mheastóireachtaí Schengen).

Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin dá bhforáiltear sa phróiseas chun an clár seo a chur chun feidhme:

- athruithe agus teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach a d'fhéadfadh a bheith ina ndúshláin maidir le teagmhais agus réiteach fadhbanna,
- D'fhéadfadh idirthuilleamaíochtaí idir córais éagsúla agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta i dteannta srianta acmhainní inmheánacha difear a dhéanamh do chur chun feidhme na dtionscnamh atá beartaithe nó na ngníomhaíochtaí 'gnó mar is gnách'.

IMIRCE agus GNÓTHAÍ BAILE

Córas faisnéise Schengen (SIS)

Éascaíonn SIS malartú faisnéise faoi dhaoine agus faoi ábhair idir údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí, údaráis rialaithe teorann, údaráis chustaim, údaráis víosaí agus údaráis bhreithiúnacha. Seoladh SIS in 1995 agus tá méadú tagtha ar an gcóras comhroinnte faisnéise is mó agus is mó a úsáidtear san Eoraip don **tslándáil inmheánach agus do bhainistiú teorainneacha seachtracha**. Dá réir sin, is **bunchloch de acquis Schengen** é SIS, lena n-éascaítear saorghluaiseacht daoine laistigh de Limistéar Schengen. Ó 2013 i leith, déanann eu-LISA maoirseacht ar bhainistiú oibríochtúil a lárchórais agus a bhonneagair chumarsáide, rud a áirithíonn tacaíocht faireacháin oibríochtúil 24/7 agus éabhlóid thráthúil an chórais.

Thar na blianta, tá feabhas á chur ag eu-LISA ar SIS chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar an bhfrithsceimhlitheoireacht agus ar an imirce neamhrialta. Tá an **dara glúin de SIS** i bhfeidhm ó 2013 i leith, agus in 2018, sheol eu-LISA an **Córas Uathoibrithe um Shainaitheint Méarlorg (AFIS)**, cumas cuardaigh bithmhéadrach lenar féidir daoine ar díol spéise iad a shainaitheint bunaithe ar a méarlorg amháin. I mí na Nollag 2018, le glacadh na **Rialachán Athmhúnlaithe SIS**, ar chéim mhór chun tosaigh í, chun feidhmiúlachtaí nua a fhorbairt do SIS. Críochnófar é sin i mí an Mhárta 2023 le teacht i bhfeidhm SIS athnuaite.

Ó 2023 ar aghaidh, a bhuí le húsáid níos forleithne a bhaint as sonraí bithmhéadracha, bhíothas in ann daoine ar díol spéise iad a shainaitheint bunaithe ar mhéarlorg agus ar bhoslorg amháin, agus ar loirg neamhfholasa freisin (méarlorg nó boslorg ar dhromchla). Leis an leathnú atá tagtha ar raon feidhme fheidhmchláir agus fheidhmiúlachtaí SIS, mar shampla, trí chatagóirí breise foláireamh a thabhairt isteach agus tríd an liosta ábhar ar féidir le húdaráis foláirimh a eisiúint ina leith a leathnú, bhíothas in ann rochtain níos leithne a fháil ar fhoirne teophointí Europol agus Frontex chun faisnéis faoi amhrastaigh agus faoi choirpigh a chuardach. Ina theannta sin, trí SIS a chomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, soláthrófar breisluach níos mó fós trí chuardaigh a éascú agus trí chéannachtaí a chros-seiceáil ar fud na gcóras faisnéise CGB uile atá bunaithe ar shonraí bithmhéadracha agus alfa-uimhriúla.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- bainistiú oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil lárchóras SIS (lena n-áirítear fochóras AFIS) a áirithiú, agus an teacht chun cinn is gá á sholáthar ag an am céanna agus tacú leis na Ballstáit agus córais náisiúnta SIS á mbainistiú acu;
- infhaighteacht gan bhriseadh agus feidhmíocht éifeachtúil lárchóras SIS (lena n-áirítear fochóras AFIS) a chur ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir le rialacháin ábhartha agus comhaontuithe ábhartha leibhéil seirbhíse;
- foláireamh faisnéise nua a chur chun feidhme in SIS, a bheidh le húsáid ag na Ballstáit, ar thogra ó Europol, maidir le hamhrastaigh sceimhlitheoireachta nó coireachta tromchúisí eile;
- chun bailchríoch a chur ar an idirnascaidh le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, i.e. leathnófar acmhainneacht lárchóras SIS chun freastal ar thrácht breise a thagann ón tairseach cuardaigh Eorpach (ESP) agus ón mbrathadóir ilchéannachtaí (MID), mar aon leis na comhéadain idir-inoibritheachta riachtanacha a chur chun feidhme, agus naisc a bhunú leis na comhchodanna idir-inoibritheachta uile, seachas SBMS, a bheidh fós á bhforbairt.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Cothabháil SIS	A áirithiú go bhfuil feidhmíocht an chórais i gcomhréir le riachtanais acmhainne, infhaighteachta agus feidhmíochta agus go ndéantar imeachtaí a bhainistiú i gcomhréir leis an gcomhaontú ar leibhéal na seirbhíse.	Cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choiscitheach a chur ar fáil chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú, lena n-áirítear feachtais tástála agus cáilíochta a sheoladh.
Cothabháil AFIS SIS	A chinntiú go mbeidh an córas ar fáil 24/7.	A chinntiú go bhfuil an córas ar fáil 24/7 chomh maith le cothabháil cheartaitheach, oiriúnaitheach, fhoirfeach agus choiscitheach a sholáthar chun feidhmíocht riachtanach an chórais a chinntiú.
Acmhainn leathnaithe SIS	Sonraíochtaí a dhréachtú, athruithe riachtanacha feidhmiúla agus neamhfheidhmiúla ar chroí-SIS a dhréachtú, iad a dhearadh, a thástáil agus a chomhtháthú chun acmhainn leathnaithe SIS croí a áirithiú chun trácht idir-inoibritheachta breise agus foláirimh a láimhseáil.	Cumas SIS chroí a leathnú chun déileáil le trácht breise a eascraíonn as idir-inoibritheacht fhoriomlán na gcóras agus as foláirimh bhreise.
Idirnascaidh SIS Láir leis na comhchodanna idir-inoibritheachta uile (seachas sBMS)	SIS a ailíniú leis na ceanglais a leagtar síos sna Rialacháin Idir-inoibritheachta.	Bailchríoch a chur ar ailíniú SIS leis na ceanglais a leagtar amach sna Rialacháin Idir-inoibritheachta.
Aistriú AFIS SIS chuig SBMS	Sonraí AFIS SIS a aistriú chuig sBMS chun feidhmiúlacht an bhrathadóra ilchéannachtaí (MID) a chumasú, chun a áirithiú go ndéantar gach bithmhéadracht a stóráil san áit chéanna ach a dheighilt go loighciúil.	SIS a chomhtháthú le sBMS agus bithmhéadrachtaí AFIS SIS a aistriú chuig SBMS.
Tacaíocht SIS do na Ballstáit	Ullmhacht oibríochtúil na gcóras náisiúnta, agus comhoiriúnacht le lárchóras SIS, a áirithiú.	Tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit le linn teacht chun cinn na gcóras náisiúnta a bheith á gcáiliú, agus le linn feachtais tástála agus cáilíochta.
Modúl/comhéadan idirnasctha cineálach Core SIS chun naisc SIS le córais eile a cheadú agus idirnascaidh ETIAS a chur chun feidhme	Chun gur féidir le lárchóras SIS idirnascaidh le córais inmheánacha nó sheachtracha eile (e.g. VIS, ETIAS), agus lárchóras SIS a nuashonrú le ceanglais dlí ETIAS trí chuardaigh alfa-uimhriúla a chumasú.	Comhoibriú le foireann ETIAS chun ailíniú na pleanála agus cur chun feidhme tionscadal a chomhordú; an modúl idirnascaidh/comhéadan (idirnascaidh) idir SIS agus ETIAS a chumrú; mionchoigeartú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le hacmhainneacht cuardaigh alfa-uimhriúil Lárchóras SIS chun an líon cuardach is gá a chomhlíonadh; tástáil roimh imscaradh deiridh don táirgeadh; imscaradh chuig táirgeadh, gníomhaíochtaí dúnta tionscadal agus glacadh deiridh leis an gcóras.
Inneall cuardaigh nua agus uasghrádú Oracle do SIS	An t-inneall cuardaigh Elasticsearch agus an t-uasghrádú Oracle a imscaradh	Cinnteoigh cur chun feidhme inneall cuardaigh nua agus uasghrádú Oracle go mbeidh dóthain tacaíochta ann d'acmhainn bhreise le haghaidh fiosruithe agus foláirimh. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal críochnaithe faoi lár-2023.
I gcomhthéacs na tacaíochta díri d'oibríochtaí, ar cheann de phríomhchúraimí na Gníomhaireachta tá an ghné dearbhaithe cáilíochta den tsamhail Plan-Build-Run, ama soláthar trí bhainistiú oibríochtúil, athraithe, tástála, scaoilte agus cur in úsáid, mar aon le bainistiú shaolré an fheidhmchláir (lena n-áirítear an t-aistriú chuig

oibríochtaí). Dírítear go príomha ar na próisis agus na gníomhaíochtaí bainistithe saolré feidhmchlár (ALM) a chur chun feidhme agus tacú leo, agus ag an am céanna comhoibriú leis na Ballstáit i bpróiseas na tástála córas agus feidhmchlár.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- leanúint de thacaíocht agus cothabháil a sholáthar le haghaidh SIS, AFIS, VIS, VISMail, SIRENE, Eurodac-DubliNet, EES, seirbhísí gréasáin EES/ETIAS, ETIAS, ECRIS-TCN, ECRIS RI, e-CODEX, agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta (i.e. ESP, SBMS, CIR, MID, agus CRRS), chomh maith leis an mbonneagar láraithe ina bhfuil córais TF CGB uile agus an t-ardán bainistithe saolré feidhmchlár,
- chun na **córais atá ann cheana a uasghrádú** (i.e. SIS a chomhtháthú le comhpháirteanna idir-inoibritheachta, córais nua a chur ar bord chuig SBMS) agus **athmhúnlú criticiúil** ar rialacháin VIS agus Eurodac,
- comhtháthú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta a thástáil, agus béim á leagan ar thástáil chomhtháthaithe idir na croíchórais ghnó uile,
- leanúint de thacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do na Ballstáit, agus feabhas á chur ag an am céanna ar an gcomhordú idir contrapháirithe lánacha agus náisiúnta, lena n-áirítear tacaíocht leanúnach d'iompróirí, a mheastar a rachaidh i méid le linn 2023,
- uirlisí agus próisis inmheánacha a chomhdhlúthú, dúshláin a bhaineann le cur chuige níos lú a ghlacadh maidir le bainistíocht scaoilte, athraithe agus tástála/cáilíochta, chomh maith le leanúint de shlabhra uirlisí Shaolré Forbartha na gCóras (SDLC) a chur chun feidhme agus a fheabhsú.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspiorcanna
Seirbhísí bainistíochta feidhmchlár	Cáilíocht dhearadh an fheidhmchláir a áirithiú le haghaidh oibríochtaí croíchóras gnó.	Tuarascáil a sholáthar ina bhfuil athbhreithnithe doiciméadachta ar ghnéithe teicniúla de shraitheanna feidhmchlár CBS sula dtiocfaid siad i bhfeidhm, agus pacáistí scaoilte croíchórais ghnó a cheadú ó thaobh an iarratais de.
Bainistiú athraithe oibríochtúil	Bainistiú ardcháilíochta ar athruithe oibríochtúla a áirithiú, agus ag an am céanna tacú le foirne oibríochtúla maidir le cur chun feidhme na n-athruithe atá i gceist a phleanáil agus a chomhordú.	An próiseas bainistithe athruithe oibríochtúla a bhainistiú agus a fheabhsú agus a áirithiú go ndéanann na geallsealbhóirí (i.e. bainisteoirí tionscadail, bainisteoirí teagmhas agus fadhbanna, foirne teicniúla, conraitheoirí) na hathruithe a chomhordú agus a chur chun feidhme i gceart.
Bainistiú scaoilte agus imscartha agus aistriú chuig oibríochtaí	Pleananna eisiúna agus imlonnaithe a shainiú agus a chaibidlíú, agus maoirseacht á déanamh ag an am céanna ar aistriú foirmiúil na seirbhísí nua, modhnaithe nó ar scor chuig an Roinn Oibríochtaí.	Gníomhaíochtaí bainistíochta eisiúna agus imlonnaithe a chomhordú i ngach céim: pleanáil, tógáil, tástáil agus bailíochtú, imscaradh, athbhreithniú agus dúnadh.
Tacaíocht d'ardán bainistíochta saolré feidhmchlár (ALM) agus uirlisí gaolmhara (Tóg píblíne, uirlisí tástála)	Ullmhacht oibríochtúil an ardáin bainistithe saolré feidhmchlár atá cothrom le dáta agus ar fáil go leanúnach a áirithiú.	Leanúnachas agus feidhmíocht ardán ALM a áirithiú chun feidhmchlár a bhainistiú (i.e. tástálacha, scaoileadh, cothabháil).
Bainistiú tástála	Chun dearbhú a sholáthar go soláthróidh táirgí agus seirbhísí an luach atá beartaithe; teagmhais a laghdú agus cobhsaíocht agus sásamh custaiméirí a fheabhsú.	Measúnú saineolaithe ar rioscaí do chroíchórais ghnó eu-LISA a chruthú chun críocha an cur chuige tástála, na cleachtais agus na huirlisí is oiriúnaí a ghlacadh, chomh maith le faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Feachtais tástála a chur i gcrích go rathúil ar an sceideal	> 90 %,	
Clúdach Riachtanas Iomlán	> 95 %	
Céatadán na n-athruithe oibríochtúla a cuireadh chun feidhme go héifeachtach agus a dúnadh le linn na bliana (i.e. nár tréigeadh ná nár cuireadh ar ceal)	> 75 %	

Tacaíocht don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit

Tacaíonn an Ghníomhaireacht leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais maidir le hábhair a bhaineann le hullmhú, forbairt nó bainistiú oibríochtúil na gcóras faisnéise CGB uile a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu. Áirítear leis an tacaíocht seo:

- Comhairle shaineolach do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais maidir lena gcórais nó a gcomhéadain náisiúnta a nascadh leis na lárchórais atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht,
- tacaíocht ad hoc arna hiarraidh ag na Ballstáit ar an gCoimisiún in imthosca eisceachtúla,
- comhairle nó tacaíocht don Choimisiún maidir le saincheistanna teicniúla a bhaineann le córais TF atá ann cheana nó córais TF nua, agus
- cúnamh chun comhphárteanna coiteanna TF a forbairt, a bhainistiú nó a óstáil, má iarrann cúig Bhallstát ar a laghad é, tar éis formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún agus tar éis cinneadh dearfach a fháil ón mBord Bainistíochta.

Ina theannta sin, cuireann an Ghníomhaireacht oiliúint rialta ar fáil do gach úsáideoir deiridh maidir le húsáid theicniúil na gcóras uile atá á mbainistiú ag eu-LISA.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- tá siad réidh chun tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit mar a shonraítear sa Rialachán lena mbunaítear eu-LISA.

Seirbhísí Tacaíochta Seachtraí/Comhairliúcháin Oibríochtúla

Chun feidhmiú cuí oibríochtúil agus bainistiú oibríochtúil éifeachtúil a áirithiú, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí seachtracha tacaíochta nó comhairliúcháin i réimsí ina bhfuil easpa cumais nó taithí gnó ábhartha aici.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- leanúnachas na seirbhísí seachfhoinsithe a áirithiú le haghaidh innealtóireacht agus oibríochtaí na gcóras TF.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Aistriú seirbhísí eifhoinsithe innealtóireachta agus oibríochtúla faoi Chreataí Innealtóireachta Trasnaí agus Oibríochtúla	Leanúnachas na seirbhísí seachfhoinsithe a áirithiú le haghaidh innealtóireacht agus oibríochtaí na gcóras TF.	Straitéis foinisithe na Gníomhaireachta a úsáid mar threochlár chun na croíchórais ghnó uile (lena n-áirítear comhphárteanna) a aistriú chuig an gCreat Innealtóireachta Trasnaí (TEF) agus an Creat Oibríochtaí Trasnaí (TOF). Áirítear leis sin sainmhíniú agus tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an phlean soláthair oiriúnaithe sa phróiseas chun eolas agus freagracht a aistriú ó chonraitheoirí reatha chuig a gcomharbaí, i.e. an sásra aistrithe/táthcheangail.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Costas an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %	
Sceideal an tionscadail	Diall iomlán ≤ 5 %	
Raon feidhme an tionscadail	Diall ar bith	

Oiliúint oibríochtúil don fhoireann

Cuireann an Ghníomhaireacht réimse leathan cúrsaí oiliúna teicniúla ar chórais faisnéise CGB an Aontais ar fáil dá fhoireann faoina sainordú. Chun feidhmíocht agus cáilíocht seirbhíse na foirne a fheabhsú, déantar athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar riachtanais oiliúna bunaithe ar thorthaí na hanailíse ar riachtanais oiliúna a dhéantar trí mhonatóireacht a dhéanamh ar imeachtaí oiliúna agus trí thuairisciú a dhéanamh ar na

torthaí.

In 2023, is é seo a leanas an príomhchuspóir:

- tacú le croisheirbhísí gnó eu-LISA trí na hinniúlachtaí gairmiúla is gá a fhorbairt trí chúrsaí oiliúna inti a thairgtear don fhoireann.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Oibríochtaí forbartha inniúlachta	Freagairt réamhghníomhach ar riachtanais forbartha inniúlachta teicniúla a chinntiú.	Tacú le croisheirbhísí gnó trí oiliúint inmheánach a eagrú chun na hinniúlachtaí riachtanacha a fhorbairt agus ardleibhéal saineolais ghairmiúil a choinneáil i measc na foirne.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Leibhéal sástachta ginearálta	Leibhéal sástachta os cionn 85 % (le haghaidh oiliúna agus gníomhaíochtaí forbartha)	

Grúpaí Comhairleacha/Cruinnithe/Misin/Meastóireachtaí Schengen/Bainistíocht Caidrimh Ghnó

Cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht Grúpaí Comhairleacha eu-LISA a eagrú agus tacú leis an obair sin trína gcuid oibre ó lá go lá a chomhordú, a ullmhú agus a éascú. Faoi láthair, freastalaíonn eu-LISA ar shé Ghrúpa Comhairleacha do na córais faisnéise CGB seo a leanas: SIS, VIS, Eurodac, EES-ETIAS, ECRIS-TCN, agus Idir-inoibritheacht. Tosóidh an Gníomhaireacht freisin ag tairiscint tacaíochta do Ghrúpaí Comhairleacha nua le haghaidh e-CODEX agus JITanna, faoi réir ghlacadh na rialachán faoi seach. Ina theannta sin, óstálann an Gníomhaireacht an Mheitheal um Iompróirí freisin. Chun tacú le comhar le hiompróirí, go háirithe leis an bpobal eitlíochta, thug eu-LISA Socrú Oibre i gcrích leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) in 2022.

Ina theannta sin, cuireann eu-LISA a shaineolas speisialaithe ar fáil mar bhreathnóir ar mheastóireachtaí Schengen i réimsí SIS/SIRENE agus an Chomhbheartais Viosaí (lena n-áirítear VIS), agus cuireann sé freisin le tuarascálacha meastóireachta na mBallstát.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- tacú le hobair Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA,
- páirt a ghlacadh i sásra meastóireachta Schengen an Aontais mar bhreathnóir, agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta chun cur chun feidhme cuí *acquis* Schengen a áirithiú.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Rannchuidiú le sásra meastóireachta Schengen	Páirt a ghlacadh i sásra meastóireachta Schengen an Aontais mar bhreathnóir, agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta na mBallstát, d'fhoill cur chun feidhme cuí <i>acquis</i> Schengen a áirithiú, agus cabhrú leis na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as SIS agus VIS.	Rannpháirtíocht fhoireann eu-LISA mar bhreathnóir i meastóireachtaí Schengen i réimsí SIS/SIRENE agus an Chomhbheartais Viosaí (lena n-áirítear VIS), agus rannchuidiú le tuarascálacha meastóireachta ina dhiaidh sin.
Tacaíocht riaracháin do Ghrúpaí Comhairleacha	Tacaíocht éifeachtach thráthúil a chur ar fáil d'oibríochtaí Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA mar a shonraítear sa Rialachán maidir le bunú agus rialacha nós imeachta chomhlachtaí rialaithe na Gníomhaireachta.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA, agus do mheithealacha agus grúpaí saineolaithe eile freisin. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin na cúraimí seo a leanas: cruinnithe a chomhordú, a ullmhú agus a éascú (lena n-áirítear socruithe taistil, miontuairiscí cruinnithe a dhréachtú agus a scaipeadh, agus obair leantach ar chur chun feidhme cinntí); idirchaidreamh agus cumarsáid rialta a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtracha na Gníomhaireachta.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Tacaíocht riaracháin do chruinnithe agus misin eile	Tacaíocht riaracháin éifeachtúil thráthúil a chur ar fáil do chruinnithe agus do mhisin éagsúla eu-LISA.	Tacaíocht riaracháin éifeachtach a chur ar fáil do mhisin agus cruinnithe éagsúla na Gníomhaireachta, lena n-áirítear faisnéisiú do pháirtithe leasmhara, cruinnithe agus imeachtaí rialta agus ad hoc, amhail comhdháil bhliantúil eu-LISA, cruinnithe comhchéime tionscail, etc.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Seachadadh cruinnithe mar a bhí beartaithe	Cruinnithe arna n-eagrú de réir mar a iarradh	
Ráta foriomlán sástachta na ngeallsealbhóirí arna thomhas le suirbhé sástachta na ngeallsealbhóirí	níos mó ná 60 % (sásamh leis an tacaíocht eagraíochtúil agus rúnaíochta a tugadh)	

Forbairt cumais (lena n-áirítear taighde, tuairisciú, agus oiliúint do na Ballstáit)

I réimse an taighde, leanfaidh an Gníomhaireacht d'fhaireachán a dhéanamh ar thaighde ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha d'fhorbairt leanúnach chórais faisnéise CGB.

Ina theannta sin, tá eu-LISA freagrach anois as cruthúnas coincheapa agus treoirthionscadail a fhorbairt chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha agus cleachtais eagraíochtúla a ghlacadh lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus lena gcothaítear barr feabhais oibríochtúil, agus lena gcuirtear feabhas ag an am céanna ar shaineolas gairmiúil, agus lena gcuirtear breisluch ar fáil do gheallsealbhóirí.

Leanfaidh an Gníomhaireacht de bheith ag obair chun a bheith mar Ionad Bairr Feabhais an Aontais Eorpaigh maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) i réimse CGB. Faoi láthair, is é eu-LISA atá i gceannas ar Mheitheal an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga (WGAI), a d'fhorbair ina fóram straitéiseach le haghaidh plé ar na deiseanna agus na dúshláin a eascraíonn as cur chun feidhme réitigh IS-bhunaithe i réimse CGB. Is féidir le réitigh atá bunaithe ar IS feabhas suntasach a chur ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an Gníomhaireacht trí theagmhais a réiteach ar bhealach feabhsaithe, trí laghdú a dhéanamh ar aga neamhfhónaimh córais agus ar acmhainní a bhaineann le réiteach teagmhas.

Ullmhaíonn eu-LISA tuarascálacha bliantúla ar fhaireachán taighde agus eagraíonn sé imeachtaí comhchéime sa tionscal chun tacú leis na Ballstáit dul i ngleic le bearnaí acmhainneachta. Thairis sin, leanfaidh eu-LISA de bheith ag rannchuidiú le Creatchlár an Choimisiúin um Thaighde agus um Nuálaíocht (i.e. tosaíochtaí a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar thograí) ina réimsí saineolais. Ina theannta sin, cuireann an Gníomhaireacht seisiúin oiliúna ardcháilíochta shaincheaptha ar fáil do na Ballstáit maidir le húsáid theicniúil a bhaint as córais faisnéise CGB, agus tiomsaíonn sí agus foilsíonn sí tuarascálacha staidrimh maidir le húsáid a córas.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- cumais agus saineolas eu-LISA a fhorbairt i réimse na hintleachta saorga, go háirithe, chun measúnú a dhéanamh ar úsáid IS chun tacú le hanailís riosca CRRS/ETIAS, arna fhorbairt i gcomhar le Frontex, Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) faoi chuimsiú Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach;
- faireachán a dhéanamh ar thaighde ar theicneolaíochtaí nuálacha (lena n-áirítear cruthúnas coincheapa agus treoirthionscadail a réachtáil) agus caighdeánú a chur chun cinn chun teacht chun cinn leanúnach chórais faisnéise CGB a áirithiú, chomh maith le gníomhaíochtaí for-rochtana na Gníomhaireachta leis an tionscal agus leis an saol acadúil a chomhordú chun nuálaíocht agus digitiú a chothú;
- staidreamh agus tuarascálacha a thiomsú agus a fhoilsiú maidir le feidhmiú teicniúil agus úsáid na gcórais faisnéise CGB mar a leagtar síos sna Rialacháin faoi seach;
- oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le feidhmiú teicniúil chórais CGB.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Monatóireacht taighde agus teicneolaíochta	Faireachán a dhéanamh ar thaighde agus ar fhorbairt chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha, cleachtais eagraíochtúla nua agus caighdeánú a ghlacadh chun éifeachtúlacht oibríochtúil eu-LISA a fheabhsú, agus teacht chun cinn leanúnach chórais faisnéise CGB a áirithiú, d'fhonn próifíl na Gníomhaireachta mar ionad bairr feabhais agus mar spreagadh an chlauchtaithe dhigítigh i réimse CGB a fheabhsú.	Faireachán a dhéanamh ar thaighde arna dhéanamh ag institiúidí acadúla agus ag lucht tionscail, ag díriú ar theicneolaíochtaí nua agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar ghnéithe eile atá ábhartha d'oibríú chórais TF CGB. Déantar an fhaisnéis a bhailítear a dhírú ansin ar shainchomhairle a sholáthar (lena n-áirítear comhairle ar na Ballstáit agus/nó ar an gCoimisiún), ar chomhroinnt eolais agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla múscaillte feasachta.
Cumas intleachta saorga a fhorbairt, lena n-áirítear Ionad Bairr Feabhais a bhunú	Seasamh eu-LISA mar Ionad Bairr Feabhais an Aontais Eorpaigh don Intleacht Shaorga i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile a neartú.	Saineolas agus cumais a fhorbairt i réimse na hintleachta saorga. San fhadtéarma, cuirfidh an ghníomhaíocht sin freisin le bunú an Ionaid Bairr Feabhais don Intleacht Shaorga i réimse CGB
Tacú le cur chun feidhme codanna de Chreatchlár an AE um Thaighde agus Nuálaíocht	Ábharthacht phraiticiúil na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas a mhéadú do chroíchórais ghnó eu-LISA.	Tosaíochtaí téamacha a shainiú, feabhas a chur ar ghlacadh teicneolaíochtaí agus réiteach nua, agus feasacht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú maidir le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta arna gcistiú trí Chreatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Nuálaíocht.
Comhtháthú torthaí taighde le saolréanna feidhmchláir	Barr feabhais oibríochtúil a chur chun cinn trí thacú le glacadh teicneolaíochtaí nuálacha, cineálacha nua cur chuige eagrúcháin agus caighdeánú.	Barr feabhais oibríochtúil a chur chun cinn trí thacú le glacadh teicneolaíochtaí nuálacha, cineálacha nua cur chuige eagraíochtúil agus caighdeánú.
Oiliúint do na Ballstáit	A áirithiú go ndéanfar foireann theicniúil agus úsáideoirí deiridh ó na Ballstáit agus ó na gníomhaireachtaí a úsáideann córais faisnéise CGB an Aontais a fheistiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta le heolas ábhartha faoi fheidhmiú teicniúil agus dea-chleachtais a bhaineann le húsáid agus oibríochtaí na gcóras a ndéanann eu-LISA maoirseacht orthu.	Cúrsaí oiliúna teicniúla a dhearadh, a phleanáil agus a chur ar fáil do bhaill foirne theicniúla, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh chórais faisnéise CGB an Aontais atá á mbainistiú ag eu-LISA. Chuige sin, ullmhaíonn an Gníomhaireacht pleananna oiliúna saincheaptha bliantúla bunaithe ar riachtanais na ngeallsealbhoirí agus ar bhearnaí eolais aitheanta.
Tuascálacha agus staidreamh comhiomlánaithe maidir le córais faisnéise CGB a dhréachtú	Chun trédhearcacht oibríochtaí eu-LISA a áirithiú agus chun feasacht an phobail a ardú, foilsíonn an Gníomhaireacht tuascálacha ar fheidhmiú teicniúil chórais faisnéise CGB an Aontais agus ar staidreamh maidir lena n-úsáid mar a fhorordaítear i Rialachán bunaithe eu-LISA, agus sna rialacháin faoi seach.	Staidreamh comhiomlánaithe agus tuascálacha reachtúla maidir le feidhmiú teicniúil chórais faisnéise CGB an Aontais a ullmhú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear tuascálacha bliantúla staidrimh maidir le SIS, Eurodac. Ina theannta sin, áirítear sa ghníomhaíocht sin tiomsú agus nuashonrú liostaí na n-údarás a bhfuil cearta rochtana acu ar SIS (SIRENE), Eurodac, EES, agus ETIAS.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Ráta sástachta le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna	Meánscore os cionn 4 (ar scála ó 1 go 6)	
Cur i bhfeidhm Cruthúnas Coincheapa	ar a laghad Cruthúnas Coincheapa a thosaigh faoi lár-2023, agus an dara ceann beartaithe	

2.4.2. Rialachas

Le rialachas fóna corparáideach, atá ríthábhachtach chun oibríú éifeachtúil agus costéifeachtach eu-LISA a áirithiú, cuimsítear gníomhaíochtaí amhail pleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, cosaint sonraí, taighde, faireachán ar fheidhmíocht, agus tuairisciú freisin mar a fhorordaítear sa chreat dlíthiúil agus sna hiniúchtaí inmheánacha chun a áirithiú go leanfaidh rialachas na Gníomhaireachta de bheith fóna, trédhearcach agus cuntasach.

Gné thábhachtach eile is ea bainistiú páirtithe leasmhara, go háirithe tacaíocht riaracháin agus lóistíochta a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta, chun a áirithiú go gcomhroinnfear faisnéis atá trédhearcach agus tráthúil maidir le cúrsaí eagrúcháin agus oibríochtúla na Gníomhaireachta.

Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin a bhaineann le clár rialachais corparáidigh na Gníomhaireachta a chur chun feidhme:

- líon leordhóthanach d'fhoireann cháilithe a áirithiú,
- faisnéis chruinn, leordhóthanach agus thráthúil a bheith ar fáil.

Rialachas, Pleanáil, Caighdeán, Bainistíocht Seirbhísí TF (ITSM)

Tá sé de chúram ar fheidhm rialachais na Gníomhaireachta a áirithiú go gcomhlíonfaidh eu-LISA a chuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla. Baintear é sin amach trí acmhainní, cumais, seirbhísí agus próisis na Gníomhaireachta a ailíniú, agus freisin trína creat rialachais a threisiú, tríd an gCreat Rialaithe Inmheánaigh (ICF) a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh air, trí sheirbhísí agus próisis a fheabhsú, agus freisin trí chinnteoireacht straitéiseach agus oibríochtúil sonraíbhunaithe a chothú. Ina theannta sin, le nuashonrú agus feabhsú leanúnach sheirbhísí agus phróisis eu-LISA, áirithítear ailíniú níos fearr le ceanglais agus ionchais na ngeallsealbhóirí. Méadaíonn sé go mór agus feabhsaíonn sé feidhmíocht agus faireachán oibríochtúil, agus laghdaítear na rioscaí gaolmhara ag an am céanna.

Áirithítear le rialachas fóna go bhfuil an próiseas pleanála trédhearcach agus go dtacaíonn sé **le tosaíochtaí bliantúla a ailíniú le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta, agus** acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais á n-áirithiú ag an am céanna lena gcur chun feidhme. Áirithítear le torthaí na ngníomhaíochtaí sin (i.e. tuarascálacha, doiciméid phleanála, straitéisí, etc.) go **gcomhlíonfar creat rialála an Aontais ar bhealach córasach, agus na** freagrachtaí atá ann cheana agus na deiseanna nua atá le teacht á gcur san áireamh ag an am céanna, chomh maith le hionchais agus éilimh mhéadaitheacha ó pháirtithe leasmhara.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- cumais bainistíochta straitéisí eu-LISA a neartú chun críocha feidhmíocht na Gníomhaireachta a fheabhsú tuilleadh,
- dea-rialachas a éascú trí fhaireachán a dhéanamh ar chaighdeán rialaithe inmheánaigh agus trí bhainistiú cáilíochta agus creat rialachais fhóna a chur chun cinn bunaithe ar chinntí sonraíbhunaithe,
- tacú le forghníomhú agus le cur chun feidhme na gceanglas maidir le rialachas na Gníomhaireachta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht,
- oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí pleanála agus tuairiscithe, lena n-áirítear faisnéis thráthúil leordhóthanach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí maidir le feidhmíocht na Gníomhaireachta agus baint amach cuspóirí,
- seirbhísí agus próisis a bhainistiú agus a fheabhsú.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Rialachas corparáideach, pleanáil, tuairisciú agus measúnuithe	Córais rialachais corparáidigh agus rialaithe atá éifeachtach agus éifeachtúil a chothabháil, agus a áirithiú ag an am céanna go ndéanfar gníomhaíochtaí eu-LISA a phleanáil ar bhealach córasach agus trédhearcach, i gcomhréir le treoirdhoiciméid ábhartha, agus le ceanglais reachtúla, chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí straitéiseacha go rathúil.	Maoirseacht a dhéanamh ar phróisis rialachais eu-LISA trí fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla, trí bhainistiú cáilíochta iomlán, trí scórchártaí cothroma le haghaidh bhainistiú feidhmíochta na straitéise corparáidí, trí chlár na n-eisceachtaí agus na n-imeachtaí neamhchomhlíonta a chothabháil, agus trí mheasúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht an Chreata Rialaithe Inmheánaigh. Sa bhreis air sin, áirítear leis sin comhordú uileghabhálach ghníomhaíochtaí pleanála agus tuairiscithe eu-LISA, lena n-áirítear straitéis corparáideach fhadtéarmach, doiciméid chlárscidealaithe aonair; tuarascálacha corparáideacha (Tuarascáil eatramhach agus tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí); príomhtháscairí feidhmíochta corparáideacha; chomh maith le clárscidealú ilbhliantúil agus athbhreithnithe cur chun feidhme a dhéanamh.
Rialachas, pleanáil agus tuairisciú na roinne oibríochtaí	A áirithiú go ndéanfar oibríochtaí eu-LISA a bhaineann le croíchórais ghnó a bhainistiú ar bhealach intuatha agus struchtúrtha, agus go léireofar i gceart iad freisin i ndoiciméid phleanála agus tuairiscithe bhliantúla.	Maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar fhaireachán oibríochtaí eu-LISA a bhaineann le croíchórais ghnó, agus ionchur a chur ar fáil d'fheidhm phleanála agus tuairiscithe na Gníomhaireachta.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspiorcanna
Creat eu-LISA um Sheirbhís agus Próisís	Éifeachtacht sheirbhísí eu-LISA a áirithiú trí shlándáil a fheabhsú agus gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach, agus ardéifeachtúlacht phróisis uile eu-LISA á gcaighdeánú agus á ráthú mar sholáthraí seirbhíse TF nua-aimseartha chun soláthar iontaofa seirbhíse do gheallsealbhóirí a áirithiú.	Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seo samhail seirbhíse agus samhail phróisis eu-LISA a bhunú agus a chothabháil go laethúil. Is catalóg í an tsamhail seirbhíse a chlúdaíonn na táirgí agus na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil do pháirtithe leasmhara, ach tá sé mar aidhm ag samhail an phróisis seachadadh éifeachtúil agus éifeachtach seirbhísí a áirithiú. Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le feabhas a chur ar shamhlacha seirbhíse agus próisis tríd an bpróiseas feabhsúcháin leanúnach (tomhais agus tuairisciú).
Feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus ar phróisis eu-LISA, agus aghaidh á tabhairt ar cheanglais nua maidir le córais CGB	Cáilíocht agus éifeachtúlacht leanúnach fheidhmíocht oibríochtúil eu-LISA a áirithiú.	Faireachán a dhéanamh ar shamhlacha seirbhíse agus próiseas na Gníomhaireachta agus iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta, i.e. trí na feabhsuithe is gá a shainiú chun na próisis atá ann cheana a uasghrádú, chomh maith le próisis agus seirbhísí nua a bhaineann le córais nua a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht a shainiú agus a chur chun feidhme.
Contanam ailtireachta fiontraíochta	Ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta eu-LISA (ar leibhéal an fhiontair) a bhunú dá chroíchórais ghnó agus TF chorpáraideach.	Ailtireacht uileghabhálach idir-inoibritheachta eu-LISA a bhunú ar leibhéal an fhiontair dá chroíchórais ghnó agus TF chorpáraideach.
Táscairí feidhmíochta		Spríoc feidhmíochta
Doiciméid reachtúla pleanála agus tuairiscithe a sheachadadh.		Doiciméid reachtúla pleanála agus tuairiscithe a sheachadadh de réir na riachtanas agus na n-amlínte.

Bainistíocht na nGeallsealbhóirí – Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta/Gníomhaíochtaí Oifige Liaison/Cumarsáid

Áirítear ar fhreagrachtaí na Gníomhaireachta sa réimse seo tacaíocht riaracháin agus lóistíochta a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta trí Rúnaíocht an Bhoird Bainistíochta. Cuirtear de chúram ar an mBord Bainistíochta a áirithiú go ndéanfaidh eu-LISA na cúraimí a shonraítear sa Rialachán lena mbunaítear an Rialachán a chomhlíonadh ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir. Ina theannta sin, cuireann Grúpaí Comhairleacha ainmnithe eu-LISA comhairle ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le forbairt agus teacht chun cinn chórais faisnéise CGB an Aontais.

Maidir le hiarrachtaí cumarsáide seachtracha, díríonn an Gníomhaireacht ar chumarsáid straitéiseach, a chuirtear chun feidhme trí ghníomhaíochtaí cumarsáide comhtháite. Is é an phríomhaidhm caidreamh trédhearcach agus comhthairbheach a chothú idir an Gníomhaireacht agus a geallsealbhóirí. Chuige sin, leanfaidh an Gníomhaireacht de chur chuige réamhghníomhach a shaothrú leis na Ballstáit, le hinstiúidí an Aontais agus leis an tionscal, agus, ag an am céanna, leanfaidh sí de bheith freagrach don phobal i gcoitinne le faisnéis rialta, chruinn agus thráthúil maidir lena sainordú, lena ghníomhaíochtaí agus lena tionscnaimh nua.

Maidir le cumarsáid inmheánach, díreofar ar chaighdeáin chorpáraideacha, cultúr agus luachanna eu-LISA a chur chun cinn. Tá an eagraíocht tiomanta tuilleadh feabhais a chur ar chomhroinnt inmheánach faisnéise agus eolais, chomh maith le rannpháirtíocht fostaithe ar fud láithreacha éagsúla na Gníomhaireachta. Cuirfear béim bhreise ar chumarsáid dhá threo a éascú idir an fhoireann agus an lucht bainistíochta trí úsáid a bhaint as uirlisí agus bealaí cumarsáide éagsúla.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- tacaíocht éifeachtach thráthúil a chur ar fáil d'oibríochtaí Bhord Bainistíochta eu-LISA,
- íomhá ghairmiúil láidir eu-LISA a choinneáil mar chomhpháirtí iontaofa luachmhar trí rannchuidiú ar bhealach cuiditheach leis an bpróiseas reachtach agus ceaptha beartas i réimse CGB an Aontais agus trí chaidreamh maith oibre agus malartú éifeachtúil faisnéise a chothú le geallsealbhóirí eu-LISA.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Caidreamh gnó, riachtanais, bainistiú éilimh agus athraithe	Tacú le hobair na ngeallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus na gcomhlachtaí rialachais araon agus í a chomhordú trí éilimh agus ceanglais ghnó a ghabháil agus a anailísiú, agus cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe Ghrúpaí Comhairleacha eu-LISA agus meithleacha éagsúla eile, d'fhonn breisluach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí trína muinín a bhaint amach agus a choinneáil, lena áirithiú go gcomhlíonfar a riachtanais ghnó, agus íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa agus mar chomhairleoir iontaofa ina réimse saineolais á atreisiú ar deireadh.	Ag feidhmiú mar chomhéadan idir eu-LISA agus a gheallsealbhóirí/custaiméirí (lena n-áirítear na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe, an tAontas Eorpach agus institiúidí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta), cuireann an ghníomhaíocht sin seirbhísí rialachais ar fáil le haghaidh na gcóras faisnéise CGB uile atá á mbainistiú ag eu-LISA. Áirítear ann freisin cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe na nGhrúpaí Comhairleacha agus na meithleacha. Comhordaíonn sé, tacaíonn sé agus cuireann sé treoir ar fáil do pháirtithe inmheánacha agus seachtracha araon, bainistíonn sé éilimh, déanann sé anailís ghnó, agus soláthraíonn sé riachtanais ghnó agus geallsealbhóirí do na heintitis fhreagracha.
Tacaíocht chorparáideach riaracháin	Tacaíocht agus comhordú riaracháin ardcháilíochta agus tráthúil a chur ar fáil chun oibriú éifeachtúil fho-ranna na Gníomhaireachta a áirithiú chun treoir agus maoirseacht éifeachtach a éascú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha eu-LISA a bhaint amach.	Tacaíocht agus comhordú riaracháin a chur ar fáil do bhainisteoirí. Is éard atá i gceist leis sin ná tacaíocht laethúil riaracháin do chinn fho-ranna na Gníomhaireachta, i.e. ranna, agus aonaid; cruinnithe rialta den Choiste Bainistíochta a chomhordú; rannpháirtíocht i gcruinnithe Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (EUAN), agus cruinnithe idirghníomhaireachta eile nach gcumhdaítear le gníomhaíochtaí eile; agus rannpháirtíocht i nósanna imeachta roghnúcháin.
Cumarsáid inmheánach	Cumarsáid inmheánach rialta agus chórasach a áirithiú agus feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus eolais laistigh den Gníomhaireacht, agus ag an am céanna rannchuidiú le rannpháirtíocht fostaithe ar fud láithreacha éagsúla na Gníomhaireachta.	Timpeallacht oibre dhearfach agus dea-bhail bhail foirne eu-LISA a chothú, agus iad a spreagadh chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir le misean agus tosaíochtaí na Gníomhaireachta.
Cumarsáid sheachtrach	Faisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil, feasacht a mhúscailt agus faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus shothuighe a chur ar fáil do na geallsealbhóirí uile maidir le ról eu-LISA.	Íomhá chorparáideach agus infheictheacht na Gníomhaireachta a fheabhsú (lena n-áirítear comhdhálacha bliantúla, cruinnithe comhcheime tionscail, for-rochtain meán, etc.) trí fheasacht a mhúscailt faoi réimse saineolais eu-LISA
Bainistiú caidrimh institiúidigh agus comhordú beartais	Infheictheacht agus íomhá eu-LISA mar chomhpháirtí iontaofa agus dílis ina réimsí saineolais a chothabháil agus a threisiú trí dhea-chaidreamh oibre agus malartú éifeachtúil faisnéise a chothú le geallsealbhóirí eu-LISA atá lonnaithe sa Bhruiséil, go háirithe institiúidí an Aontais.	Teagmhálacha díreacha a chothabháil agus a leathnú idir eu-LISA agus príomhinstitiúidí i réimse CGB an Aontais, chomh maith le geallsealbhóirí eile atá lonnaithe sa Bhruiséil. Áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha polaitiúla agus reachtacha, lena n-áirítear tacaíocht shaineolach le linn an phróisis reachtaigh. Ina theannta sin, rannchuidíonn sé le comhordú beartais inmheánaigh trí fhaisnéis agus saineolas beartais a chur ar fáil maidir le tionscnaimh reachtacha i réimse CGB an Aontais, chomh maith le faisnéis a chomhthiomsú ón nGníomhaireacht chun seasaimh eu-LISA a ullmhú agus tacú leo ag cruinnithe le geallsealbhóirí seachtracha, i.e. meithleacha, coistí, ceardlanna, etc.
Bainistiú geallsealbhóirí agus comhordú beartais	Caidreamh oibre le geallsealbhóirí eu-LISA a chothabháil agus a chothú, agus íomhá ghairmiúil láidir a chothabháil mar chomhpháirtí iontaofa luachmhar trí rannchuidiú ar bhealach cuiditheach leis an bpróiseas reachtach agus beartais i réimse CGB an Aontais.	Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí beartais agus reachtacha i réimse CGB an Aontais, agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhordú an bheartais inmheánaigh chun seasaimh beartais eu-LISA a ullmhú d'fhórait an Aontais agus d'fhórait idirnáisiúnta araon. Áirítear leis sin freisin caidreamh oibre ardcháilíochta a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí ábhartha ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha (institiúidí an Aontais, gníomhaireachtaí eile, na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta san áireamh), raon leathan imeachtaí rialta agus ad hoc a eagrú, a dhéanann ionadaíocht ar eu-LISA ag cruinnithe gníomhaireachtaí an Aontais agus a líonraí (CGBAN agus EUAN).

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Tacaíocht thráthúil riaracháin don Bhord Bainistíochta	Tacaíocht éifeachtach thráthúil a chur ar fáil d'oibríochtaí Bhord Bainistíochta eu-LISA mar a shonraítear sa Rialachán lena mbunaítear an Gníomhaireacht agus rialacha nós imeachta chomhlachtaí rialaithe na Gníomhaireachta.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do Bhord Bainistíochta eu-LISA, agus do bhoird bhainistíochta na gcóras nua freisin le linn a gcéimeanna deartha agus forbartha. Áirítear leis an ngníomhaíocht seo na cúraimí seo a leanas: cruinnithe Boird a chomhordú, a ullmhú agus a éascú; miontuairiscí/achoirní cruinnithe agus ábhair eile a dhréachtú agus a scaipeadh; agus obair leantach ar chur chun feidhme chinntí an Bhoird Bainistíochta.
Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta	
Sástacht fhoriomlán na ngeallsealbhóirí (arna thomhas de réir suirbhé)	os cionn 60 % (don tacaíocht eagraíochtúil agus rúnaíochta a chuirtear ar fáil)	
Sástacht na rannpháirtithe (bileoga meastóireachta imeachtaí)	> sástacht 90 % le himeachtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara	
Comhlíonadh na bPleananna Gníomhaíochta maidir le Cumarsáid Inmheánach agus Sheachtrach Bhliantúil leis na garspriocanna agus leis an sceideal socraithe.	Cuirtear Pleananna Gníomhaíochta maidir le Cumarsáid Inmheánach agus Sheachtrach Bhliantúil chun feidhme i gcomhréir le garspriocanna, spriocdhátaí sainithe agus cuspóirí socraithe	

Comhlíonadh (Cosaint Sonraí, Cumas Iniúcháireachta Inmheánaí agus Cuntasaíocht)

Is éard atá sna gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfeidhm comhlíonta freagrachtaí a bhaineann le cuntasaíocht, le hiniúcháireacht inmheánach agus le cosaint sonraí, i.e. cúraimí lena dtacaítear le rialachas eu-LISA agus lena n-áirítear go leanfaidh sé de bheith fóna, trédhearcach agus cuntasach.

Cosaint sonraí. Áirithítear leis an bhfeidhm cosanta sonraí go gcuirfidh an Gníomhaireacht na leibhéil is airde caighdeán slándála faisnéise agus cosanta sonraí i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear de chúram ar eu-LISA agus ráthaíonn sí go leanfaidh láimhseáil faisnéise pearsanta de bheith cothrom agus dleathach, i gcomhréir iomlán leis na prionsabail cosanta sonraí agus na hionstraimí rialála is déanaí. Is éard atá i ngníomhaíochtaí cosanta sonraí na Gníomhaireachta, ar thaobh amháin, faireachán leanúnach ar chomhlíonadh na rialachán ábhartha maidir le cosaint sonraí, agus ar an taobh eile, baill foirne eu-LISA a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu maidir le ceisteanna a bhaineann le cosaint sonraí. Is tosaíocht i gcónaí é tuairiscí ar chosaint sonraí agus ar chomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) agus is príomhghné í i gcuntasacht na Gníomhaireachta. Leis an gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, cuirtear dea-chleachtais chun cinn agus éascaíonn sé comhthuiscint a fhorbairt maidir le ceanglais cosanta sonraí an Aontais.

In 2023, maidir le cosaint sonraí, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas uile is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus rialú inmheánach ag an nGníomhaireacht, agus torthaí agus moltaí ó iniúchtaí éagsúla á gcur chun feidhme ag an am céanna,
- gníomhaíochtaí múscaillte feasachta a eagrú ar ábhar na cosanta sonraí, agus comhairle phraiticiúil agus moltaí praiticiúla a chur ar fáil,
- leanúint de bheith ag comhoibriú le MECS agus le hinstiúidí/gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun dea-chleachtais a roinnt agus chun comhthuiscint ar an ábhar a chothú.

Iniúchadh inmheánach. Tugann cumas iniúcháireachta inmheánaí na Gníomhaireachta dearbhú neamhspleách oibiachtúil gur leor na rialuithe inmheánacha atá ann cheana chun rioscaí eu-LISA a mhaolú, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil a próisis rialachais agus bainistithe riosca éifeachtúil agus éifeachtach. Is iad torthaí na ngníomhaíochtaí iniúcháireachta príomhchumasóirí chun measúnú riosca agus próisis a fheabhsú, muinín a chothú in oibríochtaí na Gníomhaireachta, agus muinín a mhéadú as a cuid cuspóirí a bhaint amach.

In 2023, maidir le feidhm iniúcháireachta inmheánaí, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha agus tuiscint leordhóthanach ar rioscaí iarmharacha a áirithiú,

- faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas seachtrach uile is infheidhme ag eu-LISA, agus torthaí agus moltaí a fhaightear ó iniúchtaí éagsúla á gcur chun feidhme ag an am céanna.

Cuntasaíocht. Tá feidhm chuntasaíochta na Gníomhaireachta freagrach as cuntais eu-LISA a chothabháil agus as a áirithiú go gcloíonn a bainistíocht airgeadais leis na príonsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo agus a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais agus sna rialacha cuntasaíochta arna mbunú ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin.

In 2023, i gcás na feidhme cuntasaíochta, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- a áirithiú go gcuirfear staid airgeadais eu-LISA i láthair mar is cuí agus go gcoinneofar córas fóna um rialú cuntasaíochta ar bun.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Cosaint sonraí	A áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí eu-LISA i gcomhréir leis na caighdeáin, ceanglais agus rialacháin ábhartha uile maidir le cosaint sonraí (lena n-áirítear iniúchtaí rialta ar chórais faisnéise CGB an Aontais arna ndéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí iniúcháireachta chun comhlíonadh ardleibhéil a áirithiú.	Cosaint sonraí ardleibhéil a áirithiú i gcomhréir le creat rialála an Aontais, lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le gach córas TF CGB arna bhainistiú ag eu-LISA. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin an fheidhm chomhairleach inmheánach; faireachán córasach ar oibríochtaí; iarrataí agus gearáin a láimhseáil; cláir inmheánacha cosanta sonraí a chothabháil; iniúchtaí inmheánacha rialta ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí agus tuairisciú (lena n-áirítear faireachán ar dhul chun cinn le moltaí iniúcháireachta); gníomhaíochtaí múscaille feasachta (oiliúint foirme san áireamh); ionadaíocht a dhéanamh ar eu-LISA i bhfóiraim ábhartha (e.g. cruinnithe líonra OCS); agus dlúthchomhar le MECS, go háirithe faoi chuimsiú iniúchtaí rialta, agus le OCSanna institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais.
Cuntasaíocht	Seirbhísí cuntasaíochta a sholáthar lena n-áirítear go gcuirfear staid airgeadais eu-LISA i láthair go cothrom agus go trédhearcach, lena gcosnófar sócmhainní na Gníomhaireachta agus aisghabháil thráthúil na méideanna dlite i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh agus leis na rialacha cuntasaíochta is infheidhme.	Córas rialaithe cáilíochta cuntasaíochta eu-LISA a chothabháil lena gcothaítear cur i láthair cothrom na sonraí airgeadais i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta agus lena gcuirtear treoir inmheánach ar fáil maidir le bainistiú sócmhainní, agus comhoibriú le hiniúcháirí seachtracha agus CIE ag an am céanna.
Iniúcháireacht inmheánach	Seirbhísí neamhspleácha, oibiachtúla dearbhaithe agus comhairliúcháin a sholáthar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Bainistíochta ar mhaithe le breisluach a chur leis, oibríochtaí a fheabhsú, agus gnóthú chuspóirí straitéiseacha eu-LISA a éascú.	Áirítear leis an ngníomhaíocht sin measúnuithe riosca iniúcháireachta, faireachán ar phleananna gníomhaíochta chun moltaí iniúcháireachta a chur chun feidhme, measúnú ar phróisis rialaithe inmheánaigh agus rialuithe ar phróisis ghnó, agus tionscnaimh dearbhaithe eile.
Meastóireacht ar an nGníomhaireacht (Airteagal 39 den Rialachán bunaidh)	Tacú le meastóireacht sheachtrach reachtúil eu-LISA, arna maoirsiú ag an gCoimisiún Eorpach, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i dtaca lena cuspóirí, lena sainordú, lena suíomhanna agus lena cúraimí.	Tacú le forghníomhú agus cur chun feidhme an cheanglais maidir le meastóireacht feidhmíochta a shonraítear sa Rialachán bunaithe.

Táscairí feidhmíochta	Spríoc feidhmíochta
Seachadadh tráthúil na gcuntas sealadach, comhdhlúite, agus deiridh don Údarás Buiséadach agus do CIE	de réir na spriocdhátaí tuairiscithe a leagtar síos leis an Rialachán Airgeadais agus le hOifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin
Céatadán (%) de na próisis lena mbaineann spriocanna aschuir cinnte laistigh de lamháltais	go gcomhlíonann 80 % ar a laghad de na próisis oibríocháin athbheithnithe spriocanna laistigh de lamháltas
Céatadán (%) de na próisis a bhfuil athbheithniú neamhspleách á dhéanamh orthu	déantar athbheithniú bliantúil ar 30 % ar a laghad de phróisis oibríochtúla na Gníomhaireachta

Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta
Líon na n-iarratas comhlíonta ar chomhairle ón Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) a fuarthas ó úinéirí gnó	Cuirtear 80 % de na hiarratais a fhaightear ar chomhairle ó OCS isteach ag céim luath den tionscadal; comhlíontar 60 % de na hiarrataí a fuarthas ar chomhairle ó OCS; comhlíontar 60% de na hiarrataí a fhaightear ar chomhairle OCS laistigh den am comhaontaithe;

An Oifig um Bainistiú Tionscadal Fiontair

Tá sé de chúram ar an Oifig um Bainistiú Tionscadal Fiontair (EPMO) na Gníomhaireachta cumais eu-LISA a neartú a bhaineann le planáil agus cur chun feidhme tionscadal agus clár trí bhainistiú agus athbhreithniú tionscadal/clár a chuíchóiriú, agus uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun tacú leis na próisis sin. Chuige sin, déanann EPMO próisis agus cláir oiliúna a fhorbairt agus a imlonnú chun feabhas a chur ar acmhainneacht eu-LISA maidir le bainistiú tionscadal, agus ag an am céanna déanann sé meastóireachtaí agus athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta ar thionscadail chun úsáid chuí acmhainní a áirithiú.

Déanann EPMO dea-chleachtais a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, ag díriú ar phróisis a chaighdeánú chomh maith le modheolaíochtaí bainistíochta tionscadal agus punainne chun bainistiú éifeachtach acmhainní tionscadail agus baint amach spriocanna tionscadail a áirithiú. Is é an phríomhspríoc go bhfeidhmeodh sé mar chumasóir eagraíochtúil na Gníomhaireachta i gcur chun feidhme na straitéise corparáidí, agus ag an am céanna luach a uasmhéadú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus coigilteas costais a bhaint amach nuair is féidir.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- leanúint de dhea-chleachtais a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, ag díriú ar phróisis chomh maith le modheolaíochtaí bainistíochta tionscadal agus punainne a chaighdeánú chun bainistiú éifeachtach acmhainní tionscadail agus baint amach spriocanna tionscadail a áirithiú,
- na huirlisí a chothabháil agus a fhorbairt chun tacú lena ghníomhaíochtaí,
- sásraí a bhunú atá ailínithe go dlúth le rialachas na Gníomhaireachta.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Cumas Bainistithe Cláir agus Tionscadail, straitéis foinsithe agus bainistiú riosca corparáideach	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas bainistíochta clár agus tionscadal (PPM) na Gníomhaireachta chun an t-ailíniú idir straitéis eu-LISA agus cur i bhfeidhm foriomlán an tionscadail a fheabhsú trí phróisis bainistíochta tionscadail, cláir agus punainne a chomhtháthú.	Dírítear go príomha ar fhorbairt leanúnach chlár agus chumas bainistíochta tionscadal eu-LISA, lena n-áirítear bainistiú agus comhtháthú próisis, riarachán réiteach, dearbhú cáilíochta, tuairisciú agus cóitseáil bainisteoirí tionscadail. Áirítear leis sin freisin bainistiú riosca corparáideach, optamú acmhainní, agus saincheisteanna a bhaineann leis an straitéis foinsithe.
Breithmheas oifigiúil ar chleachtas bainistíochta tionscadail bunaithe ar shamhail CMMI	Rangú oibiachtúil, cruthaithe agus inchreidte ar ghnóthachtálacha na Gníomhaireachta a chur ar fáil maidir le haibíocht Bainistíochta Tionscadal Eagraíochtúil, tríd an tsamhail feabhsaithe próisis is coitianta a úsáidtear a chur i bhfeidhm – CMMI (Comhtháthú Múnla Aibíochta Cumais), agus modh breithmheasa SCAMPI (Modh Measúnaithe Caighdeánach CMMI le haghaidh Próiseas a Fheabhsú).	Léargas oibiachtúil agus inchreidte a thabhairt ar an dul chun cinn iarbhrí agus ar an méid atá bainte amach i mbainistiú tionscadal, lena n-íoslaghdófar an riosca foriomlán a bhaineann le tionscadail chasta a bhainistiú.

Táscairí feidhmíochta	Sprioc feidhmíochta
An Meastóireacht ar Chomhtháthú Múnla Aibíochta Cumais (CMMI) a athnuachan.	Rinneadh an mheastóireacht ar CMMI a athnuachan

2.4.3. Tacaíocht corparáideach

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta d'fhorbairt agus d'fhorbairt mar eagraíocht chun barr feabhais oibríochta

agus seachadadh feabhsaithe a misin a áirithiú. Leagtar amach sa roinn seo gníomhaíochtaí tacaíochta corparáidí a bhfuil gá leo chun misean eu-LISA a chur i gcrích agus chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí bliantúla go rathúil, agus ag an am céanna deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmíonn an Gníomhaireacht mar eagraíocht éifeachtúil agus lúfar i gcomhréir le creat rialála an Aontais. I measc na bhfeidhmeanna tacaíochta corparáidí sin tá seirbhísí dlí, bainistiú acmhainní daonna, tacaíocht TF chorporáideach, slándáil fhisiciúil, bainistiú saoráidí, chomh maith le bainistíocht buiséid, airgeadais agus soláthair.

Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin a bhaineann leis an bhfeidhm sin:

- rioscaí do chlú na Gníomhaireachta,
- D'fhéadfadh drochphleanáil agus drochrailithe inmheánacha, i.e. d'fhéadfaí go mbeadh, mar thoradh ar mhainneachtain, caiteachas gan údar, calaois, diúltú urscaoilte ag an údarás buiséadach, etc.,
- acmhainní daonna agus airgeadais neamhleora, i.e. ní bheidh eu-LISA in ann ionchais a gheallsealbhoirí a chomhlíonadh maidir lena chúraimí go léir a chomhlíonadh.

Cuirtear na meastacháin ar an mbuiséad agus na hacmhainní daonna is gá don chúram sin i láthair in Iarscríbhinn II.

Slándáil chorporáideach agus leanúnachas gnó

Leanann an Gníomhaireacht d'ardleibhéal slándála fhisiciúla a chothabháil agus a fheabhsú laistigh dá saoráidí agus timpeall orthu, agus múnla críosaithe slándála fhisiciúla solúbtha agus dinimiciúil á cur chun feidhme aici freisin chun freagairt do riachtanais ghnó atá ag athrú. Déantar rialuithe sonracha slándála fhisiciúla a fheabhsú nó a uasghrádú go rialta ar shuíomhanna eu-LISA i dTaillinn agus in Strasbourg, agus in oifig na Bruiséile, i gcomhréir le torthaí na measúnuithe riosca slándála faoi seach. Tar éis thús chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá rioscaí méadaithe sainaitheanta ag an nGníomhaireacht freisin i réimsí na slándála fhisiciúla agus pearsanra, a leanfaidh sí de bheith ag déanamh monatóireachta agus á mbainistiú.

Déanann an Gníomhaireacht faireachán ar a Straitéis Bainistíochta Leanúnachais Gnó agus feabhsaíonn sí éifeachtacht na Straitéise sin freisin, agus cinntíonn sí go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus socruithe bainistíochta láidre a ndéantar glactha aici chun freagairt ar theagmhais slándála nó ar chur isteach eile ar a cuid oibríochtaí agus chun iad a imscrúdú agus teacht chucu féin.

In 2023, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- chun slándáil agus leanúnachas shuíomhanna, shócmhainní agus fhoireann eu-LISA a áirithiú, chomh maith leis na heilimintí cothrománacha gaolmhara uile, i.e. straitéisí agus beartais, go bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha,
- a áirithiú go gcuirfear feabhas leanúnach ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála na Gníomhaireachta bunaithe ar mholtaí ó chleachtaí, ó chigireachtaí agus ó iniúchtaí.

Tasc Tionscadail/Neamhthionscadail	Cuspóir	Cur síos agus na príomh-gharspriocanna
Moltaí slándála agus leanúnachais gnó a chur chun feidhme	A áirithiú go gcuirfear feabhas leanúnach ar leanúnachas gnó agus ar phróisis slándála na Gníomhaireachta bunaithe ar mholtaí ó chleachtaí, ó chigireachtaí agus ó iniúchtaí.	Feabhas leanúnach a chur ar phróisis slándála agus leanúnachais gnó bunaithe ar mholtaí a fuarthas ó chleachtaí, ó chigireachtaí agus ó iniúchtaí trí phleananna gníomhaíochta ábhartha a chur chun feidhme, chomh maith le hathbhreithniú agus tuairisciú ina dhiaidh sin.
